

COMHAIRLE CHONTAE AN LONGFOIRT

Tuarascáil Bhliantúil 2011



CLÁR ÁBHAR

Brollach – an Comhairleoir Frank Kilbride, Méara	02
Réamhrá – an tUasal Tim Caffrey, Bainisteoir Contae	03
Baill de Chomhairle Contae an Longfoirt	04
Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil	08
Seirbhísí Tithíochta, Pleanála agus Éigeandála	22
Forbairt Eacnamaíochta , Pobail, Seirbhísí Corparáideacha, Cultúrtha agus Acmhainní Daonna	34
Airgeadas agus Teicneolaíocht Faisnéise	64
Aguisín 1: Ballraíocht Choistí um Beartais Straitéiseacha	72
Aguisín 2: Tuarascáil ar Oibriú na gCoistí um Beartais Straitéiseacha	74
Aguisín 3: Coistí Chomhairle Contae an Longfoirt	76
Aguisín 4: Cruinnithe Chomhairle Contae an Longfoirt	78
Aguisín5: Conferences Attended	80
Aguisín 6: Comhdhálacha ar Freastalaíodh orthu	83
Aguisín7: Táscairí Seirbhíse	88

BROLLACH



An Comhairleoir
Frank Kilbride

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2011 a chur i láthair thar ceann Chomhairle Contae an Longfoirt.

Tá sonraí sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí Chomhairle Contae an Longfoirt sa bhliain atá caite.

Tá an cúlú eacnamaíochta dúshlánach go fóill do bhaill thofa agus don fhoireann i dtéarmaí seirbhísí d'ardchaighdeán a chuirtear ar fáil do chustaiméirí agus do chliant a chothabháil. In ainneoin an cháis airgeadais an-deacair ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil, lean an Chomhairle lena n-iarrachtaí chun seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil le níos lú foirne agus ioncam i bhfad níos lú. Déantar cur síos ar an dul chun cinn a rinneadh ar thionscadail bhonneagair éagsúla lena n-áirítear bóithre, uisce, séarachas agus tithíocht níos déanaí sa Tuarascáil seo agus áirítear ann críochnú an Stáisiúin Dóiteáin 3 Bhá ag Meathas Troim agus roghnú suímh don Stáisiún Dóiteáin nua i mBéal Átha Liag; tús leis an obair ar chríochnú Pháirc Ghnó an Taoibh Mhóir agus dromchla a chur ar fhorbairt Lána na Beairice; tógáil Sheachbhóthar N5 an Longfoirt a tosaíodh in Aibreán 2011; tús le Caomhnú Uisce (Conradh Athshlánaithe Gréasáin) i mBealtaine 2011 agus oibreacha tógála ar an Scéim um Sholáthar Uisce Tuaithe i Lúnasa 2011 agus, tús leis an obair ar Mhonarchana um Chóireáil Fuíolluisce sa Liagán agus i gCaonach.

Díríodh ar chostais oibríochta laethúla in 2011 agus rinneadh iarrachtaí a bheith éifeachtúil agus coigiltis a dhéanamh i ngach gné de ghníomhaíocht na comhairle lena n-áirítear soláthar agus úsáid fuinnimh.

Léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo, chomh maith, an tiomantas leanúnach atá ag an gComhairle chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus rannpháirtíocht a spreagadh i bhforbairt clár cultúrtha agus comhshaoil.

Ní fhéadfaí na rudaí a leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo a bhaint amach gan ionchur cnuasaitheach na mBall Tofa, Cathaoirligh agus Baili na gCoistí um Beartais Straitéiseacha, an Coiste um Beartais Chorpáraideacha, Coistí Ceantair, an Fhoireann Bhainistíochta agus an Fhoireann mar aon le go leor eagraíochtaí deonacha agus pobail lena n-oibríonn an Chomhairle go minic.

Trí leanúint ar aghaidh ag déileáil leis na dúshláin acmhainne reatha mar fhoireann, is féidir na torthaí is fearr a bhaint amach do mhuintir Chontae an Longfoirt.

Frank Kilbride
Méara

RÉAMHRA



An tUasal
Tim Caffrey
Bainisteoir Contae

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2011 do Chomhairle Contae an Longfoirt a chur i láthair.

Cuirtear an Tuarascáil Bhliantúil i láthair i gcomhthéacs bliain eile de chrapadh airgeadais i maoiniú ón rialtas láir agus timpeallacht bhainistithe fiacha atá ag éirí níos deacra don Chomhairle. Bhí dúshlán mhóra ag baint le seirbhísí a chur ar fáil don phobal le linn 2011 arís mar gheall ar an gcás airgid a d'eascair as an gcúlú eacnamaíochta agus an laghdú i líon na mball foirne, agus dá bhrí sin, b'éigean don eagraíocht bainistiú éifeachtach a dhéanamh agus freagairt do thosaíochtaí ar bhealach solúbtha. De bharr na mbac leanúnach, caithfidh Comhairle Contae an Longfoirt oibriú chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chun éifeachtúlacht, comhordú a fheabhsú i seachadadh seirbhíse agus costais a laghdú gan tionchar diúltach a bheith ar an tseirbhís don chustaiméir.

In ainneoin na mbac seo, lean Comhairle Contae an Longfoirt ag díriú ar na príomhthosaíochtaí agus thug siad faoi na tionscadail seo a leanas in 2011:

- Cuireadh tús le hoibreacha tógála ar thionscadal Sheachbhóthar N5 an Longfoirt
- Cuireadh tús le hoibreacha tógála ar an Scéim um Sholáthar uisce Tuaithe Bhaile Uí Mhatháin i Lúnasa 2011 atá le críochnú in 2012
- Cuireadh tús le Caomhnú Uisce (Conradh Athshlánaithe Gréasáin) i mBealtaine 2011
- Leanadh le hoibreacha tógála ar Mhonarchana um Chóireáil Fuíolluisce sa Liagán agus i gCaonach faoi thionscadal na Scéimeanna Beaga um Uisce Poiblí agus Séarachais
- Rinneadh dul chun cinn ar roinnt Scéimeanna Feabhais um Shábháilteacht ar Bhóithre atá ag céimeanna áirithe
- Tógáil cosáin choisithe/rothaithe ar an N63 ag Fearann Uí Dhúgáin agus bothanna rotháíochta ag áiteanna éagsúla sa Longfort faoin maoiniú do Chlár Caipitil Taisteal Níos Cliste do 2011
- Roghnú suíomh beartaithe don Stáisiún Dóiteáin nua atá beartaithe i mBéal Átha Liag
- Chuir Clúid tús leis an dara Céim d'Athnuachan Bhóthar Mhichíl, an Longfort trína cheangal leis an Earnáil Dheonach Tithíochta
- Críochnú agus oscailt oifigiúil Leabharlann Pobail Bhaile Uí Mhatháin.

Léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil chomh maith na réimsí ar fad de ghníomhaíochtaí pobail trí na cláir Leabharlainne, Ealaíon agus Oidhreacht, forbairt Spóirt agus feasacht Chomhshaoil.

Tim Caffrey,
Bainisteoir Contae

BAILL CHOMHAIRLE CONTAE AN LONGFOIRT

Baile an Mhatháin



Mark Casey



Sean Farrell



Paddy Belton



Mick Cahill



Larry Bannon



Barney Steele

Droim Lis



John Duffy



Luie McEntire



Martin Mulleady



Gerry Brady

Gránard



Thomas Victory



Frank Kilbride



Micheál Carrigy



P.J. Reilly

An Longfort



Alan Mitchell



Denis Glennon



Mae Sexton



Padraig Loughrey



Paul Connell



Victor Kiernan



Peggy Nolan

PRÍOMHRÉIMSI FREAGRACHTA FEIDHMIÚLA

Cuirtear príomhsheirbhísí Chomhairle Contae an Longfoirt ar fáil anois laistigh den struchtúr Stiúrtóireachta seo a leanas. Clúdaíonn na ceithre Stiúrtóireacht na réimsí:

SEIRBHÍSÍ BONNEAGAIR AGUS COMHSHAOIL

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA, PLEANÁLA AGUS ÉIGEANDÁLA

FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL, SEIRBHÍSÍ
CORPARÁIDEACHA AGUS CULTÚRTHA AGUS ACMHAINNÍ DAONNA

AIRGEADAS AGUS TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE



Aitheantas Cóipchirt

Áirítear sonraí Suirbhéireachta Ordanáis faoi OSI

Uimhir Cheadúnais 2010/29/CCMA/LongfordCountyCouncil. Sáraíonn aon Atáirgeadh Neamhúdaraithe Cóipcheart Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Rialtas na hÉireann.

SEIRBHÍSÍ BONNEAGAIR AGUS COMHSHAOIL



An Comh. Alan Mitchell,
Cathaoirleach an SPC
Iompair



An Comh. Gerry Brady,
Cathaoirleach an SPC
Seirbhísí Uisce agus
Comhshaoil



An tUasal Ciaran Murphy
Leas-Stiúrthóir Seirbhísí



SEIRBHÍSÍ UISCE

Croíchuspóir: “An bonneagar uisce agus fuíolluisce riachtanach a chur ar fáil, a fheabhsú agus a chothabháil ar fud an Chontae lena chinntiú go bhfuil dóthain uisce dea-chaighdeáin ar fáil agus chun cosaint an chomhshaoil a uasmhéadú d’fhonn forbairt shóisialta agus eacnamaíochta an chontae a chur chun cinn.”

OIBRÍOCHTAÍ BONNEAGAIR SEIRBHÍSÍ UISCE


Tá cúig Scéim Uisce Réigiúnach a fhreastalaíonn ar Chontae an Longfoirt agus meastar go bhfaigheann 85% den daonra uisce trí phíopa arna chóireáil ag Monarchana um Chóireáil Uisce Chomhairle Contae an Longfoirt. Is iad na chúig Scéim: Baile Uí Mhatháin, Loch Gamhna, Béal Átha Liag/Baile Nua an Chaisil, an Longfort Láir agus Gránard.


Déanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte monatóireacht ar Chaighdeán an Uisce Óil ar bhonn gníomhaireachta do Chomhairle Contae an Longfoirt de réir na Rialachán reatha, lena n-áirítear Rialacháin Uisce, 2007 I.R. Uimh. 278 agus an tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2007. Faoi na Rialacháin um Uisce Óil, is iad an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) an t-údarás maoirsithe do Sholáthair Uisce Poiblí. Caithfidh Údarás Áitiúla aon neamhchomhlíonadh a chur in iúl don EPA láithreach agus d’fhéadfaí iad a stiúradh chun Pleananna Gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm faoi threoir an EPA. Faoi na Rialacháin seo is é an tÚdarás Áitiúil an t-údarás maoirsithe do Ghrúpscéimeanna Uisce (GWS) agus do Sholáthair Bheaga Phríobháideacha (SPS). Tá leibhéal freagrachta agus ról rialála níos mó ar Chomhairle Contae an Longfoirt mar gheall ar na riachtanais seo.

Tá aon Scéim Séarachais Phoiblí déag sa Chontae: Baile Uí Mhatháin, Caonach, Béal Átha Liag, an Longfort, an Lios Breac, Droim Lis, Gránard, Meathas Troim, an Liagán, Mainistir Shruithla agus Cluain Dá Ráth. Tógann Comhairle Contae an Longfoirt samplaí ó na Monarchana Cóireála agus déanann siad monatóireacht orthu. Faoi na Rialacháin um Scaradh Fuíolluisce (Údarú), 2007 caithfear ceadúnú a fháil ón EPA do sceitheadh séarachais gach Údarás um Sheirbhísí Uisce. Tá freagracht chomhlíonta an-suntasach curtha ag na Rialacháin agus na riachtanais cheadúnais bhainteacha ar Chomhairle Contae an Longfoirt.

Tá ceadúnais EPA le coinníollacha dochta faighte ag Comhairle Contae an Longfoirt do Mhionarchana um Chóireáil Dramhuisce an Longfoirt, Mheathas Troim agus Bhaile Uí Mhatháin. Tá iarratais ar cheadúnais agus ar theastais údaraithe déanta maidir leis na láithreacha eile.

SCÉIMEANNA UISCE RÉIGIÚNACHA

-  BAILE UÍ MHATHÁIN
-  GABHNA
-  GRÁNARD
-  BÉAL ÁTHA LIAG
-  AN LONGFORT LÁR



Léarscáil Ghréasán Réigiúnach Chontae an Longfoirt

CLÁR INFHEISTÍOCHTA CAIPITIL UM SHEIRBHÍS UISCE

Lean Comhairle Contae an Longfoirt ar aghaidh leis an gClár Infheistíochta um Sheirbhís Uisce (WSIP) 2010-2012 le linn 2011 mar a fheictear sa Tábla thíos

CONARTHAÍ WSIP 2010-2012 A THOSAIGH ROIMH 2010	LUACH AN TIONSCADAIL €
<p><i>An Longfort – Scéim Séarachais 5 Shráidbhaile</i> Scéimeanna Séarachais Ardach/Bhéal Átha na Lao/Achadh na Cloiche</p> <ul style="list-style-type: none"> Críochnaíodh oibreacha Tógála Gréasáin i Meán Fómhair 2010. Conradh um Dhearadh Tógáil Oibriú (DBO) le teacht 	2,405,000
CONARTHAÍ WSIP LE TOSÚ 2010-2012	LUACH AN TIONSCADAIL €
<p><i>Scéim um Sholáthar Uisce Tuaithe Ghránard/Bhaile Uí Mhatháin</i> Conradh 3 – (Uasghráduithe ar Mhonarchana Cóireála Uisce)</p> <ul style="list-style-type: none"> Thosaigh oibreacha tógála i Lúnasa 2011 	3,000,000
<p>Conradh 4 – (RWSS Bhaile Uí Mhatháin go Caonach)</p> <ul style="list-style-type: none"> Thosaigh oibreacha tógála in Aibreán 2011 	4,000,000
<p><i>Scéim um Sholáthar Uisce Réigiúnaigh an Longfoirt Láir</i> Conradh 3 – (Gréasán agus Taiscumar)</p> <ul style="list-style-type: none"> Fuarthas faomhadh an DoECLG chun conraitheoir a cheapadh agus meastar go dtosóidh oibreacha tógála in 2012 	7,000,000
<p>Conradh 4 – (Uasghrádú ar Mhonarchana Cóireála Uisce – Loch Foirbis)</p> <ul style="list-style-type: none"> Críochnaíodh formhór na n-oibreacha tógála i mí na Nollag 2011 	2,000,000
<p><i>Beart Scéimeanna Séarachais Bhailte agus Sráidbhailte an Longfoirt (5)</i> Conradh 2 (Monarcha um Chóireáil Fuíolluisce – DBO)</p> <ul style="list-style-type: none"> Fuarthas faomhadh an DoECLG chun conraitheoir a cheapadh agus meastar go dtosóidh oibreacha tógála in 2012 	6,000,000
<p><i>Caomhnú Uisce, Oibreacha Céim 3</i> Tionscadal Athchóirithe Príomhlíonra Uisce, Céim 1</p> <ul style="list-style-type: none"> Thosaigh oibreacha tógála i mBealtaine 2011 	1,850,000
SCÉIMEANNA WSIP AG CÉIMEANNA PLEANÁLA 2010-2012	
<p><i>Scéim Sholáthar Uisce Réigiúnach Bhéal Átha Liag</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Ag fanacht ar fhaomhadh ón DoECLG don Réamhthuirisc 	
<p><i>Scéim Séarachais an Longfoirt</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Cuireadh coimre chun comhairleoirí a cheapadh chuig an DoECLG le faomhadh 	

Tá na hoibreacha beartaithe ar RWSS Bhaile Uí Mhatháin agus RWSS Ghránard comhcheangailte agus roinnte idir Conradh 3 – Oibreacha Uasghrádaithe um Chóireáil Uisce agus Conradh 4 – Píblínte. Folaíonn Conradh 3 uasghrádú WTW Mhainistir Shruithla agus WTW Loch Cinnéile a sholáthraíonn RWSS Bhaile Uí Mhatháin agus RWSS Ghránard, faoi seach. Is é atá in oibreacha Chonradh 4, príomhphíobán nua chun Scéimeanna Bhaile Uí Mhatháin agus Chaonach a nascadh, príomhphíobán nua chuig Túr Bhaile Uí Mhatháin, príomhphíobán ardaitheach nua idir WTW Loch Cinnéile agus Taiscumar Ráth Chrónáin mar aon le príomhphíopa uisce nua iarann teilgte a chur i Mainistir Leathrátha. Thosaigh obair thógála ar an dá Chonradh in 2011 agus tá sé i gceist go mbeidh formhór de críochnaithe in 2012.

Roinneadh na hoibreacha beartaithe do Scéim um Sholáthar Uisce Réigiúnaigh an Longfoirt Láir i gConradh 3 – Píblínte agus Taiscumair agus Conradh 4 – Uasghrádú WTW Loch Foirbis. Folaíonn Conradh 3 tógáil dhá thaiscumar sa Phrochlais agus ag Lios na nUamhanach chun tuilleadh áit stórála a chur ar fáil ar an Scéim. Tá tógáil príomhphíobán ardaitheach nua agus príomhphíobán dáileacháin idir WTW Loch Foirbis agus Taiscumar na Prochlaise; tógáil príomhphíobán dáileacháin idir WTP Loch Foirbis agus Droim Lis agus tógáil príomhphíobán ardaitheach nua idir Stáisiún Caidéalaithe Ghleannaí agus Taiscumar Lios na nUamhanach mar chuid de chomh maith. Tá sé i gceist go dtosóidh oibreacha in 2012.

Folaíonn Conradh 4 uasghrádú ghearrthéarmacha/oibríochtúla ag WTW Loch Foirbis d'fhonn rólódáil an umair Aershnámhachta Tuaslagtha (DAF) a fhuascailt. Cuireadh tús in 2010 le hoibreacha tógála agus críochnaíodh a bhformhór in 2011.

Táthar ag súil go dtosóidh obair thógála ar sholáthar na Monarchan Cóireála do Scéim Séarachais na Cúig Shráidbhaile (Ardach, Achadh na Cloiche, Béal Átha na Lao, Droim Lis agus an Lios Breac) faoi Chonradh an DBO in 2012.

Tá an réamhthuairisc do Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Bhéal Átha Liag críochnaithe agus curtha chuig an DoECLG le faomhadh. Áirítear sa cheantar a chlúdaíonn an Scéim bailte Bhéal Átha Liag, Bhaile Nua an Chaisil, Chill na Sí agus an Doireacháin.

CAOMHNÚ UISCE

Táthar ag leanúint le hoibreacha ar Chéim 2 den Tionscadal um Chaomhnú Uisce. Bunaíodh 78 Ceantar Méadar Dúiche (DMA) agus suiteáladh teiliméadracht chun monatóireacht a dhéanamh ar shreabhadh. Leanadh le braistint sceití agus deisiúcháin lena mbaineann chomh maith. Tugann an tUisce gan Tásca (UFW) do 2011 300 lítear, ar an meán, don chiliméadar príomhphíopa uisce san uair le fios. Léiríonn an luach seo caillteanas níos ísle ná luach 2010 agus tá an laghdú seo mar thoradh ar smachtú sceite gníomhach leanúnach den chuid is mó.

Cuireadh tús le Cuid 3 Céim 1 den Chonradh Athshlánaithe Gréasáin in 2011 a dhírigh ar oibreacha tógála i gCeantar Bhaile an Longfoirt agus críochnófar é in 2012. Tá sé i gceist tús a chur le hiniúchadh suímh agus obair dhearaidh do Chuid 3 Céim 2 in 2012.

CLÁR UISCE TUAITHE

Grúpscéimeanna Uisce/Séarachais

I mí Feabhra 2011, chuir an DoECLG comhairle ar Chomhairle Contae an Longfoirt maidir le Leithdháileadh Blocdheontais €455,000 don bhliain 2011 do Ghrúpscéimeanna Uisce Nua, Uasghrádú Grúpscéimeanna agus Táthcheangal Grúpscéimeanna Uisce.

Rinneadh dearadh agus/nó obair thógála ar na Scéimeanna Nua seo a leanas in 2011 – GWS an Eanaigh agus GWS Chluain Leamhchoille.

Rinneadh oibreacha ar na Scéimeanna seo a leanas chun glacadh seilbhe an Údaráis Áitiúil ar an Scéim a chur chun cinn:- GWS Oilfid, GWS Pháirc na gCloch, GWS Mhóin Easa Ceallacháin, GWS Achadh na Saileach, GWS Ghéige, GWS na hEascrach/Chluain Cabhlaigh, GWS Fhiodh Chalmáin/Chluanach Ard, GWS Thulaigh Bhioráin, GWS an Chartrúin, GWS Chluain Mhic Airt, GWS Chluain Oileáin, GWS an Bhealaigh, GWS Bhunalach/Sheanach, GWS Chnoc Drumhaldry, GWS Ballinagall agus GWS Chorr an Fheadáin.

Tháinig Coiste um Monatóireacht Uisce Tuaithe an Longfoirt le chéile faoi dhó in 2011 chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn fhorfheidhmiú an Chláir Uisce Tuaithe. Cuireadh Comhairle ar an gCoiste maidir leis an gclár oibre reatha agus tiomantais faoi na bearta éagsúla. Rinneadh plé ar Rialacháin um Uisce Óil an AE 2007, mar aon le hiarratais do tháthcheangal Ghrúpscéimeanna Uisce agus Caomhnú Uisce/Sábháil Uisce Báistí.

Rinne Comhairle Contae an Longfoirt faomhadh oifigiúil ar tháthcheangal Ghrúpscéim Uisce 4 ag a chruinniú an 20 Aibreán 2011 agus ar Ghrúpscéim Uisce 10 an 7 Meán Fómhair 2011.

Chuir an Chomhairle tograí chuig an DoECLG chun maoiniú Blocdheontais a fháil do 2012 de luach €663,000 faoin gClár Uisce Tuaithe i ndáil le hoibreacha nua agus leanúnacha do ghrúpscéimeanna uisce/séarachais, mar aon le huasghráduithe ar ghrúpscéimeanna uisce agus tograí chun grúpscéimeanna uisce a ghabháil.

Scéimeanna Uisce agus Séarachais Poiblí Beaga

II mí Feabhra 2011, moladh do Chomhairle Contae an Longfoirt go raibh €896,000 sa Leithdháil Blocdheontais faoi Chlár na Scéimeanna Beaga Uisce Tuaithe.

Rinneadh oibreacha suntasacha in 2011 faoin mbeart seo. Rinneadh dul chun cinn maith ar thógáil Monarchana Cóireála Dramhuisce sa Liagán agus i gCaonach. Rinneadh oibreacha ar Ghréasán Dramhuisce Chaonach chun láithreacha a aithint ina bhfuil uisce dromchla ag dul isteach sa Ghréasán agus tá an obair seo ag leanúint ar aghaidh. Suiteáladh príomhphíopa uisce nua agus rinneadh uasghrádú ar ghréasán dramhuisce ag Sráid Chill na Sí agus Lána Breadens i mbaile an Longfoirt le freastal ar fhorbairt an cheantair seo sa todhchaí.

Críochnaíodh oibreacha ar chaidéil bhrú nua ag Gleannach agus ba cheart go laghdódh sé seo cothabháil na háise nua agus go méadódh sé éifeachtúlacht fuinnimh do chaidéalú.

Mar thoradh ar iniúchtaí EPA ag WTP Ghránard i mBealtaine 2010 agus ag soláthar tobair Chaonach agus Bhaile Nua an Chaisil i nDeireadh Fómhair 2010, rinneadh oibreacha uasghrádaithe ag na monarchana seo le cloí leis na moltaí a leagadh amach dóibh. Ag tobar Bhaile Nua Chaisil agus WTP Ghránard, tá an obair fós ag dul ar aghaidh.

Rinneadh oibreacha ag WTP Loch Foirbis, Sméar, Ghránard, Mhainistir Shruthla agus suíomh pholl tóraíochta ESB Bhéal Átha Liag le cloí le riachtanais iniúchtaí an HSA in 2010.

Suiteáladh monatóireacht SCADA ag WWTP an Longfoirt chun monatóireacht a dhéanamh ar an dara húsáideoir fuinnimh is mó de chuid Chomhairle Contae an Longfoirt. Cuideoidh sé seo le húsáid fuinnimh a rialú ag an monarcha.

Chuir an Chomhairle togra chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i gcomhair Bliodheontais do 2012 de luach €1.932 milliún i ndáil le Scéimeanna Uisce agus Séarachais Poiblí Beaga. Áiríodh san iarratas maoiniú chun Monarchana um Chóireáil Fuíolluisce a chríochnú ag an Liagán agus Caonach.

Fóirdheontais Ghrúpscéim Uisce agus Deontais Aonair do Thoibreacha

Rinne Comhairle Contae an Longfoirt próiseáil ar ocht n-iarratas ar fhóirdheontais i dtreo costais oibríochtúla ghrúpscéimeanna uisce. Íocadh €22,314.04 ar an iomlán.

Fuarthas deich n-iarratas ar dheontais do sholáthair uisce aonair. Faomhadh naoi n-iarratas agus diúltaíodh ceann amháin. Íocadh deontais de luach €7,328.33 ina n-iomláine le ceathrar daoine aonair.

SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, BÓITHRE AGUS IOMPAR

Core Objective: “A chinntiú go gcuidíonn beartais agus infheistíochtaí bonneagair iompair le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta Chontae an Longfoirt agus go mbreisíonn siad é agus go gcaomhnaíonn agus go bhfeabhsaíonn siad mealltacht fhisiciúil an chontae agus a thimpeallacht chúlra.”

Tá an Longfort suite go straitéiseach in aice le lár na hÉireann agus trasnaíonn Príomhbhealaí Náisiúnta an N4 agus an N5 chomh maith le Bealaí Tánaisteacha Náisiúnta an N55 agus N63 an Contae. Téann sreabhadh tráchta suntasach tríd an gcontae dá bharr seo.

Tá an riachtanas go sásaíonn an gréasán bóithre dlús tráchta reatha agus réamh-mheasta agus riachtanais sábháilteachta bunúsach d’fhorbairt cheart Chontae an Longfoirt. Teastaíonn tacaíocht ó ghréasán bóithre dea-chaighdeán chun gníomhaíocht eacnamaíoch a láidriú. Aithnítear go gcaithfidh an gréasán bóithre agus, go háirithe, ár mbóithre réigiúnacha agus contae a bheith de chaighdeán cuí, mealltach agus sábháilte do chuariteoirí agus daoine áitiúla araon chun go mbainfidh an Longfort tairbhe éifeachtach as an bhfás seo sa tionscal, talmhaíocht agus turasóireacht agus as na lochanna, aibhneacha agus radhairc áille is díol spéise.

Seachas líon teoranta bóithre poiblí faoi údarás Chomhairle Baile an Longfoirt, tá Comhairle Contae an Longfoirt freagrach as soláthar, feabhsúchán agus cothabháil an ghréasáin bhóithre poiblí sa chontae. Faoi láthair, is é seo a leanas briseadh síos na mbóithre faoi údarás na Comhairle Contae:

RANGÚ	NÁISIÚNTA	RÉIGIÚNACH	ÁITIÚIL	IOMLÁN
Ceantar ó Thuaidh (km)	36.004	59.910	712.512	808.426
Ceantar Láir (km)	41.816	45.365	249.739	336.920
Ceantar ó Dheas (km)	25.319	50.201	377.404	452.924
Iomlán na gCiliméadar	103.139	155.476	1339.655	1598.270

Ba é seo a leanas an maoiniú a bhí ar fáil don Chomhairle in 2011:

1. BÓITHRE NÁISIÚNTA (DEONTAIS AN ÚDARÁIS UM BÓITHRE NÁISIÚNTA)	
Mórfhleanáil agus Dearadh	€9,050,000
Obair Feabhsúcháin Eile	€2,710,000
Bearta Sábháilteachta	€165,000
Cothabháil	€529,022
Iomlán	€12,454,022
2. BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA (DEONTAIS NA ROINNE COMHSHAOIL, POBAIL AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL)	
Oibreacha Feabhsúcháin ar Leith	€450,000
Oibreacha Feabhsúcháin Athchóirithe	€3,701,644
Oibreacha Cothabhála Athchóirithe	€988,000
Oibreacha Cothabhála Lánroghnacha	€908,780
Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal	€131,500
Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla	€153,000
Cothabháil Gheimhridh	€163,846
Clár Oiliúna	€29,799
Iomlán	€6,526,569
3. BÓITHRE NEAMHNAISIÚNTA (RANNÍOCAÍOCHT NA COMHAIRLE)	
	€900,000
Buiséad Iomlán:	€7,426,569

SEACHBHÓTHAR BHAILE AN LONGFOIRT AN N5

Cuireadh tús le tógáil Seachbhóthar Bhaile an Longfoirt an N5 an 7 Aibreán 2011. Maireann an conradh 18 mí agus meastar go mbeidh sé críochnaithe i nDeireadh Fómhair 2012. Is iad Wills Bros. Ltd. as Béal Easa, Contae Mhaigh Eo an príomhchonraitheoir.

Nuair a chríochnófar an tionscadal, laghdófar an brú tráchta, feabhsófar sábháilteacht agus beidh cáilíocht beatha níos fearr ag an bpobal áitiúil



Searmanas Iompú Fóid an N5 ar fhreastal An tAire Leo Varadkar air – 7 Aibreán 2011

SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚLA

Críochnaíodh 10 Scéim Feabhsúcháin Áitiúla in 2011.

CUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA AR BHÓITHRE AGUS SEIRBHÍS MAOR SCOILE

Tá ról leathan Sábháilteachta ar Bhóithre ag Údarás Áitiúla agus réimsíonn sé idir Thógáil Bóithre agus Chur Chun Cinn Sábháilteachta agus Scéimeanna Maor Scoile. Tá ról níos fairsinge anois ag an Údarás Áitiúil i gcur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre trí thionscnaimh bhreise a fhorbairt ag leibhéal áitiúil, ar nós an mhéid a leanas:

- Tagann Coiste Oibriú le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre an Longfoirt le chéile gach ráithe. Is iad na gníomhaireachtaí bainteacha, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Comhordaitheoir Spóirt Chomhairle Contae an Longfoirt, an Garda Síochána, Oifigeach Sábháilteachta Chomhairle Contae an Longfoirt, Ball Cúram Leanaí Chontae an Longfoirt, an Comhairleoir Mark Casey agus Baill de Sheirbhísí Dóiteáin an Longfoirt.
- I gcomhair leis an Áisitheoir Spóirt agus Scoileanna Glasa, tugadh isteach Tionscnamh Rothaíochta níos Sábháilte chuig roinnt Bunscoileanna ar fud an chontae i míonna Aibreáin, na Bealtaine agus an Mheithimh 2011. Cuireadh oiliúint rothaíochta ar fáil ag Scoil Náisiúnta Chnoc na Góla, Scoil Náisiúnta Mhainistir Leathrátha, Scoil Náisiúnta an Droma Aird, Scoil Náisiúnta Bhaile Nua an Chaisil, Scoil Náisiúnta Naomh Muire agus Scoil Náisiúnta Cholumba
- Comhordú leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre – fógraíocht, promóisin agus feachtais mheáin
- Cur chun cinn Lá Bíp Bíp ag gach Áis um Chúram Leanaí i gContae an Longfoirt i nDeireadh Fómhair 2011
- Cur chun cinn Sábháilteacht ar Bhóithre i Meánscoileanna tríd an “gClár Tiomáint don Saol” ó Eanáir go Nollaig 2011
- Clár píolótach do Phacáiste um Shábháilteacht ar Bhóithre do Bhunscoileanna leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Dearadh an tSeirbhís Maor Scoile Sóisir chun áiseanna trasnaithe sábháilte a chur ar fáil do leanaí i gcóngaracht na mbunscoileanna i mbailte agus i sráidbhailte tuaithe. Reáchtáladh Craobh Réigiúnach Ros Comáin/an Longfoirt/na hIarmhí sa Longfort i mbliana agus ghlac 11 scoil páirt san imeacht Bhuaigh Scoil Náisiúnta Mhuire, an Lios Breac Comórtas Réigiúnach na Maor Scoile a reáchtáladh i Meitheamh 2011 Tá trí Scéim i bhfeidhm ag Comhairle Contae an Longfoirt i Scoil Náisiúnta Mhuire, an Lios Breac, Scoil Náisiúnta Radharc an Mhuilinn agus Scoil Náisiúnta Naomh Muire, Droim Lis Tá maor fásta ar fáil ag Scoil Náisiúnta Bhéal Átha Liag



- Sheol Comhairle Contae an Longfoirt agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Tionscnamh um Shábháilteacht ar Bhóithre dírithe go príomha ar rothaithe agus coisithe
- Cuireadh feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre chun cinn i Scoileanna Náisiúnta ar fud an chontae
- Cuireadh chun cinn *Street-Smart* i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre; tionscnamh ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a thugann beatha do shaincheistanna um shábháilteacht ar bhóithre do leanáí scoile óga. Dearadh na gníomhaíochtaí do thrí aoisghrúpa ar leith: 4-5, 5-8, agus 8-12 Tá guaiseacha difriúla do gach aoisghrúpa agus tá freagraí difriúla ag teastáil do na contúirtí éagsúla a léirítear

DEICH MBLIANA GNÍMH DO SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2011-2020

Seoladh Deich mBliaana Gnímh do Shábháilteacht ar Bhóithre 2011-2020 ar fud an domhain an 11 Bealtaine 2011. Chinn Comhairle Contae an Longfoirt i gcomhar le FSS, Coiste Cúram Leanaí Chontae an Longfoirt agus an Garda Síochána bus scoile siúil a reáchtáil le cuidiú ónár mbunscoileanna áitiúla. Reáchtáladh an bus scoile siúil an 11 Bealtaine agus ghlac roinnt bunscoileanna sa chontae páirt ann. D'éirigh go maith leis an ócáid. Bíonn bus scoile siúil ag Scoil Náisiúnta Naomh Muire, Droim Lis go fóill gach Céadaoin.

Mar chuid de Dheich mBliaana Gnímh do Shábháilteacht ar Bhóithre, chomhordaigh Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre ó Chomhairlí Cathracha agus Contae ar fud na hÉireann feachtas feasachta náisiúnta le stáisiún áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta ar fud na hÉireann. Tugadh *'National One Minute 'eerie Sound of Silence'* ar an bhfeachtas seo agus seoladh é ag **11.59am Dé Céadaoin 11 Bealtaine 2011**. Ghlac Shannonside Radio páirt san imeacht seo.

Mar chuid de seo chomh maith, chas baill ó Choiste Oibriú le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre an Longfoirt le hEagarthóir an Longford Leader, Sheila Reilly, agus bhunaigh siad comhpháirtíocht ina gcuireann an Leader spás ar fáil sa pháipéar ar bhonn coicise d'alt maidir le saincheistanna um shábháilteacht ar bhóithre. D'éirigh go maith leis an bhfeachtas seo go dtí seo.

SEACHTAIN NÁISIÚNTA NA ROTHAR

I gcomhar leis an gComhordaitheoir Spóirt agus leis an Oifigeach um Fheasacht Chomhshaoil, seoladh **Seachtain Náisiúnta na Rothar** agus bhí sé ar siúl ón 18 go dtí an 26 Meitheamh 2011. Rinne Comhairle Contae an Longfoirt ceiliúradh ar an tionscnamh le Lá Rothaíochta chun na Scoile agus Lá Rothaíochta chun na hOibre.

Tugadh cuireadh do bhunscoileanna ar fud an chontae Rothaíocht chun na Scoile Déardaoin an 23 Meitheamh agus ghlac 150 dalta as cúig bhunscoil páirt ann. Fuair leanáí pacáistí rothaíochta lenar áiríodh éadaí frithchaiteacha agus soilse mar chuid den lá. Dúirt go leor leanáí gur tháinig deartháireacha agus deirfiúracha mar aon le baill teaghlach eile leo ag rothaíocht chun na scoile.

Don dara bliain as a chéile, ghlac foireann Chomhairle Contae an Longfoirt páirt i Lá Rothaíochta chun na hOibre ar an Aoine an 24 Meitheamh 2011. Mar mhalairt ar chomaitéireacht chun na hoibre, ghlac foireann ón gComhairle agus gnólachtaí áitiúla eile páirt i rothaíocht am lóin timpeall an tseachbhóthair agus dúirt siad gur "smaoineamh iontach" a bhí sa tionscnamh.

AN COMHSHAOL

Clúdaíonn an chuid seo réimse ilghnéitheach feidhmeanna agus seirbhísí. Is iad na príomhréimsí:

- Rialú Truailithe agus Bainistiú Caighdeán Uisce
- Bainistiú Bruscair agus Glantachán Sráide
- Bainistiú agus Rialú Dramhaíola
- Feasacht ar an gComhshaol
- Ionad Adhlactha
- Seirbhísí Tréidliachta agus Sábháilteacht Bhia
- Rialú Madraí

RIALÚ TRUAILLITHE AGUS BAINISTIÚ CAIGHDEÁN UISCE

Clúdaíonn reachtaíocht um rialú truailithe réimsí cosúil le truailiú uisce, truailiú aeir agus núis torainn. Áirítear le gníomhaíochtaí ar leith a rinneadh i ndáil le rialú truailithe iniúchtaí ar eachtraí truailithe uisce, ceadúnú doirteadh uisce agus cur i bhfeidhm clár monatóireachta d'aibhneacha, lochanna agus líonadh talún dúnta.

BAINISTIÚ BRUSCAIR

Tá forfheidhmiú an Achta um Thruailiú ó Bhruscar 1997-2009 ar cheann de na príomh-mheicníochtaí a bhaineann le dul i ngleic le fadhb an truailithe ó bhruscar i gContae an Longfoirt. Is iad Maoir Bhruscair na Comhairle le cúnaimh ó Mhaoir Bhruscair/Thráchta Chomhairle Baile an Longfoirt a dhéanann an chuid is mó den Rialú Bruscair.

In 2011, chuir Comhairle Contae an Longfoirt tús le 8 n-ionchúiseamh as cionta bruscair. As an 10 gcás a chuaigh chun na cúirte anuraidh, ciontaíodh naonúr agus bronnadh pionóis agus costais ar an gComhairle.

CÓRAIS UM BAINISTIÚ ABHANTRAÍ

Trasuíodh an Chreat-treoir Uisce i ndlí na hÉireann le Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Beartas Uisce), 2003 faoinar bunaíodh roinnt Ceantair Abhantraí. Tá an Longfort bainteach le Ceantar Abhantraí an Iarthuaiscirt agus le Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta na Sionna.

Bunaíodh cuspóir foriomlán lena bhfuil sé i gceist go bhfeabhsófar go leanúnach caighdeán an uisce thar an tréimhse go dtí 2015. Is í an aidhm atá leis go mbeidh caighdeán gach uiscebhealach ar a laghad rangaithe mar 'go maith' faoi 2015. Forbraíodh cláir mhonatóireachta chun caighdeán an uisce in aibhneacha agus lochanna faoi láthair a rangú. In imeacht ama, beifear in ann an feabhas a thiocfaidh ar chaighdeán an uisce a thomhas. Réitíodh Pleananna um Bainistiú Abhantraí don dá Cheantar Abhantraí a bhfuil baint ag an Longfoirt leo agus ghlac Comhairle Contae an Longfoirt leis na pleananna seo in 2010.

SAOTHARLANN CHOMHSHAOIL

Tá Saotharlann Chomhshaoil na Comhairle Contae suite ar Bhóthar na Páirce, an Longfort. Is iad na príomhréimsí gníomhaíochta:

- Monatóireacht agus rialú ar Thruailliú Uisce
- Monatóireacht ar dhoirteadh ó mhonarchana um Chóireáil Fuíolluisce na Comhairle
- Monatóireacht ar líonadh talún
- Monatóireacht ar dhoirteadh eisiltigh thionsclaíocha
- Monatóireacht ar Chaighdeán Uisce in aibhneacha agus lochanna

SCUABADH SRÁIDEANNA

Lean an Chomhairle lena ngnáthchlár scuabtha sráideanna agus seirbhísithe ar bhoscaí bruscair i mbailte agus i sráidbhailte an chontae de réir Phlean um Bainistiú Bruscair Chontae an Longfoirt. Ba é an buiséad don tseirbhís seo in 2011 €300,000.

BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA

AN PLEAN UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA 2005-2010

Leagtar amach i bPlean um Bainistiú Dramhaíola an Lár-Réigiúin 2005-2010, mar a glacadh leis, creat do bhainistiú inbhuanaithe dramhaíola laistigh de chúig cheantar Údarás Áitiúil (Uíbh Fhailí, Laois, an Longfort, an Iarmhí agus Tiobraid Árann Thuaidh). Anuas air sin, caithfidh Údarás Áitiúla an Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí a chur san áireamh agus Pleananna um Bainistiú Dramhaíola réigiúnacha agus áitiúla á gcur i bhfeidhm agus á n-athbhreithniú.

SOLÁTHAR ÁISEANNA

Tá 26 láthair bhainc fág anseo i gContae an Longfoirt faoi láthair. Glactar le gloine ghlas, dhonn agus thrédhearcach mar aon le cannaí alúmanaim ag na láithreacha ar fad. Le linn 2011, chuir an Chomhairle deireadh le láithreacha beaga de stíl araid rothaí agus chuir siad gnáthghabhdáin toirte ina n-áit. Mhéadaigh sé seo cumas agus rinne sé sruthlíniú ar oibríochtaí bailithe.

Bailíodh 522 tona gloine agus 18 tona cannaí alúmanaim ó na láithreacha bainc fág anseo.

FORFHEIDHMIÚ

Déileálann Foireann Forfheidhmithe Dramhaíola na Comhairle le réimsí cosúil le Cead Dramhaíola agus Rialacháin um Fhreagrachtaí Táirgeora, mar aon le hiniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí dramhaíola neamhúdraithe agus ionchúiseamh, más gá. Le linn 2011, rinneadh iniúchadh ar 1,264 gearán dramhaíola agus bruscair agus réitíodh iad agus rinneadh 1,524 patról/gnáthiniúchadh bruscair. Déantar iniúchtaí chomh maith i ndáil le truailliú uisce, ceadúnais sceitheadh eisiltigh, dramhaíl ghuaiseach, etc.

Is féidir “Beartas Forfheidhmithe ar Ghníomhaíocht Dramhaíola Mídhleathach” Chomhairle Contae an Longfoirt a fheiceáil ar shuíomh na Comhairle ag www.longfordcoco.ie

Tá “Beolíne um Ghearáin Bhruscair” i bhfeidhm ag an gComhairle. Má fheiceann aon duine dumpáil mhídhleathach dramhaíola, tig leo é a chur in iúl, faoi rún, trí ghlaoch ar **1850 434 450**.

FEASACHT AR AN gCOMHSHAOL

This aspect of the departments work includes:

- Glantachán Náisiúnta Earraigh
- Seachtain Náisiúnta na gCrann
- Bailiúcháin Earraí Móra agus Dramhaíl Ghuaiseach
- Scoileanna Glasa
- Nollaig Ghlas

GLANTACHÁN NÁISIÚNTA EARRAIGH

Ghlac trí ghrúpa agus scoil is tríocha páirt i nGlantachán Náisiúnta Earraigh 2011 i gContae an Longfoirt. Bailíodh timpeall 4.9 tona bruscair agus dramhaíola. Cuireadh bailitheoirí bruscair, lámhainní, prioslóirí agus málaí dathchódaithe ar fáil do ghlantacháin phobail.

SEACHTAIN NÁISIÚNTA NA gCRANN

Ghlac trí ghrúpa agus scoil is tríocha páirt i nGlantachán Náisiúnta Earraigh 2011 i gContae an Longfoirt. Bailíodh timpeall 4.9 tona bruscair agus dramhaíola. Cuireadh bailitheoirí bruscair, lámhainní, prioslóirí agus málaí dathchódaithe ar fáil do ghlantacháin phobail.

BAILIÚCHÁIN EARRAÍ MÓRA/DRAMHAÍL GHUAISEACH

Reachtáladh dhá bhailiúchán earraí móra ginearálta agus dhá bhailiúchán péinte dramhaíola i mbliana. Bailíodh 5.5 tona de dhramhaíl ghinearálta agus in-athchúrsáilte agus 3.7 tona de phéint dramhaíola.

SCOILEANNA GLASA

D'éirigh go maith leis an Longfort arís maidir le gníomhaíocht Scoileanna Glasa a ardú. D'ardaigh rannpháirtíocht na scoileanna sa chlár; chláraigh 99% de bhunscoileanna agus 100% de mheánscoileanna faoi dheireadh 2011. Le linn 2011, bronnadh Brat Glas ar scoil nua amháin agus d'éirigh le 14 scoil eile an brat a choinneáil. Tá Brat Glas ag 29 scoil i gContae an Longfoirt anois.

NOLLAIG GHLAS

Cuireann an Chomhairle pointe fágála lárnach ar fáil sa Longfort, áit ar féidir le daoine a gcrainn a fhágáil le haghaidh stiallta saor in aisce

DEONTAIS FEASACHTA IN AGHAIDH AN BHRUSCAIR

Leanadh leis an scéim seo in 2011 agus fuarthas deontas €19,000 ón Roinn Comhshaoil. Fuarthas maoiniú breise €5,000 don tSeachtain Freagrachta Cathartha, dírithe ar íomhá na tíre a chur chun cinn le linn cuairteanna stáit na Banríona Éilís agus Uachtarán Obama.

Úsáidtear Deontais in Aghaidh an Bhruscair agus in Aghaidh an Ghraifítí le tacú le tionscnaimh ghlantacháin, feachtais fógraíochta agus tionscadail athchúrsála scoile a mhaoiniú agus ábhair a chur ar fáil le tacú le tionscnaimh ghlantacháin do phobail áitiúla.

CLÁR GNÓ ÁITIÚIL 21: CISTE COMHPHÁIRTÍOCHTA COMHSHAOIL

Fuair an Chomhairle leithdháileadh tosaigh €6,000 faoin scéim seo agus shlánaigh siad maoiniú breise €1,200 níos déanaí sa bhliain. Cuireann an Chomhairle maoiniú meaitseála ar fáil le tacú le tionscadail chomhshaoil nuálaíocha, phobalbhunaithe.

IONAD ADHLACTHA

Déanann foireann na Comhairle Contae agus na Scéime Sóisialta Tuaithe cothabháil ar reiligi agus faigheann siad cúnamh ón bpobal áitiúil. Is gné thábhachtach den chlár cothabhála atá i scéim tacaíochta reilige Chomhairle Contae an Longfoirt, faoina bhfaigheann grúpaí áitiúla a dhéanann cothabháil ar reiligi deontas ón Údarás Áitiúil.

SEIRBHÍS TRÉIDLIACHTA, SÁBHÁILTEACHTA BHIA AGUS RIALÚ AINMHITHE

Tá conradh ag Rannóg Tréidliachta Chomhairle Contae an Longfoirt le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maidir le saincheistanna sábháilteachta bia agus sláinte poiblí tréidliachta.

Déantar maoirsiú reachtúil ar sheamlais bheaga agus cuideachtaí íseal-tréchuir déanta feola sa chontae lena chinntiú go gcloíonn siad go hiomlán leis an reachtaíocht um shábháilteacht bhia.

Próiseáladh eallach, caoirigh, muca agus gabhair áitiúla i seamlais bheaga áitiúla i gContae an Longfoirt in 2011. Rinne Cigire Tréidliachta imscrúdú réamhbháis agus iarbháis ar gach ainmhí a maraíodh. Déantar clár samplála a úsáidtear chun substaintí díobhálacha a bhrath i bhfeoil cosúil le ceimiceáin agus hormóin. Cinntíonn Seirbhís Tréidliachta an Údarás Áitiúil go gcothabháiltear sláinte agus leas ainmhithe de réir forálacha reachtúla reatha.

Le linn 2011, lean na cuideachtaí íseal-tréchuir déanta feola agus na seamlais i gContae an longfoirt ag oibriú faoi chaighdeán fhaofa an AE. Tá na táirgí feola a tháirgtear sa chontae sábháilte agus d'ardchaighdeán. Rialaíonn Seirbhís Tréidliachta an Údarás Áitiúil áitreabh íseal-tréchuir agus léiríonn sí solúbthacht chuí dóibh san am céanna. Cé go bhfuil athruithe ag tarlú ar bhonn leanúnach in áitribh, tá an leibhéal gníomhaíochta á chothabháil agus tá iontrálacha nua i mbun comhairliúcháin lenár seirbhís agus ag glacadh páirte san earnáil.

Tháinig ardú 40% ar mharú muc le linn 2011 i seamlais faoi mhaoirsiú an Údarás Áitiúil sa chontae. Chuidigh sé seo leis an earnáil an méid próiseála i gContae an Longfoirt a mhéadú agus tá sé ag teacht lenár bPlean Corparáideach chun fiontar agus forbairt a chur chun cinn sa réimse gníomhaíochta tráchtála tábhachtach seo. Chinntigh an Longfort roimhe sin go gcuirtí san áireamh na seamlais áitiúla sa bhrandáil LEADER agus sa mhargaíocht do chlár píolótach do mhairteoil agus uaineoil a tháirgtear go háitiúil san Iarthuaisceart.

Leanadh le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus oiliúint ar shábháilteacht bhia agus sláinte agus leas ainmhithe in 2011 agus chríochnaigh Oifigeach Tréidliachta an Chontae oiliúint teastais céimí.

Bhí gníomhaíochtaí a bhaineann le diúscairt Fotháirge Ainmhithe fós ina réimse tábhachtach oibre in 2011.

Bíonn fóram do theagmháil fhoirmiúil idir Seirbhís Tréidliachta Sláinte Poiblí Chomhairle Contae an Longfoirt agus gníomhaireachtaí eile e.g. an Roinn Talmhaíochta agus FSS ag cruinnithe Choiste Réigiúnach Zónóise.

RIALÚ MADRAÍ

Cuireann Comhairle Contae an Longfoirt Seirbhís Madraí lánaimseartha ar fáil i gContae an Longfoirt. Fostaíonn an Chomhairle Maor Madraí agus feidhmíonn sí Dídean Madraí ag Sráid an Uisce Bhig i mbaile an Longfoirt. Gearrtar táillí ar chóiríocht na n-ainmhithe i bpóna. Dhéileáil an tSeirbhís le 467 cás de mhadraí nach raibh ag teastáil/ar strae in 2011, méadú 33% ar an mbliain roimhe. Astu seo, fuarthas tithe nua do 127, thóg a n-úinéirí 75 díobh ar ais agus ar an drochuair, b'éigean 265 díobh a mharú. Tháinig laghdú 30% chuig 46 ar an líon madraí a rangáíodh mar phórtha srianaithe i bpóna ag Comhairle Contae an Longfoirt in 2011. In go leor cásanna roghnaigh a n-úinéirí na madraí ar tugadh tithe nua dóibh le cúnamh ó leathanach gréasán “Sábháil Madra” na Comhairle ar féidir rochtain a fháil air ag www.longfordcoco.ie.

Chun dul i ngleic le fadhb na madraí nach bhfuil ag teastáil, leanann Comhairle Contae an Longfoirt ag tacú le húinéireacht fhreagrach ainmhithe agus feidhmíonn siad scéim fóirdheontais chun madraí a choilleadh agus tá comhaontas straitéiseach acu le hlontaobhas na Madraí. Bhí Oifigeach Tréidliachta an Chontae ar an nGrúpa Oibre chun comhairle a chur ar an Roinn Comhshaoil agus ar gheallsealbhoirí a bhfuil suim acu ann maidir leis an Acht Bunaithe um Póru Madraí.

In 2011, eisíodh 1,985 Ceadúnas Madraí. Lean Comhairle Contae an Longfoirt ag cur chun cinn an ghá le Ceadúnas Madraí a bheith ag úinéirí. Faoi láthair, cosnaíonn Ceadúnas Madraí €20 agus is féidir iad a cheannach ó Oifig Poist ar bith. Is gné thábhachtach d'úinéireacht mhadraí fhreagrach ata i gCeadúnas Madraí a cheannach.

RIALÚ CAPALL

Dhéileáil Comhairle Contae an Longfoirt le 19 gcás de chapail a aimsíodh ar strae agus i mbun fánaíochta in 2011.

FORBHREATHNÚ AR ÚSÁID FUINNIMH

Mar údarás áitiúil a chuireann seirbhísí ar fáil thar réimse leathan gníomhaíochtaí, is úsáideoir fuinnimh suntasach atá i gComhairle Contae an Longfoirt. Ar chuid de na gníomhaíochtaí is suntasaí a bhaineann le húsáid fuinnimh tá feidhmiú Soláthar Uisce Poiblí na Comhairle agus Córais Chóireála Fuíolluisce, soláthar soilsíú poiblí agus feidhmiú oifigí éagsúla na Comhairle. Úsáidtear go leor leictreachais agus breoslaí eile chomh maith i bhfeidhmiú Ionad Fóillíochta an Longfoirt agus ghréasán na Leabharlainne Poiblí. Úsáidtear go leor breoslaí agus olaí chomh maith i bhfeidhmiú na Seirbhíse Dóiteáin agus i bhfeidhmiú feithiclí na Comhairle.

GNÍOMHARTHA A RINNEADH

In 2011, thug Comhairle Contae an Longfoirt faoi réimse tionscnamh chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú i ndáil lena gníomhaíochtaí. Bunaíodh Coiste um Bainistíocht Fuinnimh, lena n-áirítear ionadaithe ó na Ranna ar fad sa Chomhairle. Cuireadh tús le soláthar oiliúna do bhaill an choiste. Rinneadh roinnt iniúchtaí ag láithreacha áirithe d'fhonn figiúir bhonnlíne a bhunú maidir le hídíú fuinnimh. I roinnt cásanna, glacadh céimeanna chun an líon fuinnimh atá á ídiú a laghdú.

Tá sé deacair an t-ídiú fuinnimh agus na coigiltí a rinneadh go dtí seo a ríomh de bharr réimse gníomhaíochtaí na Comhairle agus chomh casta is atá córais bhilleála agus córais taifeadta. Tá iarrachtaí á ndéanamh chun na modhanna a thaifeadtar sonraí a fheabhsú agus táthar ag súil go mbeifear in ann sonraí cuí a chur ar fáil i ndáil le hídíú fuinnimh amach anseo.

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA, PLEANÁLA AGUS ÉIGEANDÁLA



An Comh. Victor Kiernan,
Cathaoirleach an SPC
Tithíochta agus Pleanála



An tUasal Jack Kilgallen
Stúirthóir Seirbhísí

TITHÍOCHT

MEASÚNÚ AR RIACHTANAIS TITHÍOCHTA

Leanadh ag sásamh riachtanais tithíochta Chontae an Longfoirt trí réimse roghanna tithíochta. Rinneadh measúnú reachtúil ar riachtanais tithíochta in 2011. Tá an chéad mheasúnú eile ar riachtanais tithíochta le déanamh in 2014. Faoi láthair, tá timpeall 1,190 iarratas tithíochta ag Údarás Áitiúla an Longfoirt

TITHÍOCHT SHÓISIALTA

Caitheadh timpeall €720,000 ar an gClár Tógála Tithíochta in 2011. Áiríodh anseo forbairtí lándéanta, ceannach tithe aonair agus tógáil teachíní tuaithe aonair.

SCHEMES COMPLETED

Seo a leanas na Scéimeanna a críochnaíodh ag deireadh 2011:

- Ceathrú an Teampaill, Gránard – 6 teach
- Ceannaíodh teach aonair amháin agus críochnaíodh teach tuaithe amháin
- Ón 1 Eanáir 2011, leithdháileadh 125 tionóntacht

SCÉIM CHEANNAIGH AG TIONÓNTAÍ

In 2011, chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DoECLG) tús le Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí 2011 d'iarrthóirí fadtréimhseacha. Faoin scéim, fuair tionóntaí lascaine suas le 45% (15 bliana ag 3% don bhliain). Ba é an dáta deiridh ar glacadh le hiarratais an 31 Nollaig 2011, agus idirbhearta le críochnú faoin 31 Nollaig 2012. Tá Scéim 1995, a cheadaíonn uaslascaine 30% (10 mbliana ag 3% don bhliain) fós ar fáil. In 2011, cuireadh cúig cheannach ag tionóntaí i gcrích i.e. díoladh iad (bhí ceithre cinn faoi Scéim 2011 agus bhí ceann amháin faoi Scéim 1995). Ag deireadh 2011 bhí 44 ceannach ag tionóntaí eile ar feitheamh (eisíodh litreacha tairisceana) faoi scéimeanna 2011 agus 1995

IASACHTAÍ TITHÍOCHTA

Leantar le faomhadh agus cur chun cinn iasachtaí mar a rinneadh sna blianta roimhe seo. Tá tionchar mór ag leibhéal inacmhainneachta de bharr an chúlaithe eacnamaíochta ar an líon iarratas atá á bhfaomhadh. Fuarthas 6 iarratas bhailí in 2011; faomhadh trí iasacht agus cuireadh trí cinn ar aghaidh. Ní áirítear anseo iarratais a diúltaíodh nó a aistarraingíodh.



TITHÍOCHT DHEONACH

Tá baint le fada an lá ag Comhairle Contae an Longfoirt leis an Earnáil Dheonach Tithíochta agus chuir an Earnáil Dheonach Tithíochta go mór leis i soláthar Tithíochta Sóisialta i gContae an Longfoirt faoin Scéim um Iasacht Caipitil agus Fóirdheontais (CLSS) agus faoin Scéim Cúnaimh Chaipitil (CAS). In 2011, chuir Cumann Tithíochta Chlúid tús le hobair ar an dara céim d'athnuachan Bhóthar Naomh Mícheál, an Longfort. Déanfar athchóiriú nó tógfar 37 aonad faoi CAS agus CLSS.

COTHABHÁIL AGUS ATHCHÓIRIÚ

In 2011, cuireadh €675,000 ar fáil sa Bhuiséad chun Tithíocht Údaráis Áitiúil a chothabháil agus a athchóiriú. Déantar scrúdú leanúnach ar an réimse seo lena chinntiú go mbaintear amach deachleachtas agus luach ar airgead i gcónaí.

BAINISTIÚ EASTÁIT

Lean an tOifigeach Idirchaidrimh Thithíochta agus an Bainisteoir Eastáit ag oibriú le tionóntaí agus le Cumainn Chónaitheoirí le linn 2011. Freastalaíonn gach tionónta nua ar chúrsaí reamhthionóntachta éigeantacha

GRADAIM NA NEASTÁT IS FEARR

Reáchtáladh “Gradaim na nEastát is Fearr” arís in 2011 agus ghlac curiarracht de 30 Eastát páirt. Ba iad na buaiteoirí:

EASTÁT BEAG	
An chéad duais	Slí Na Móna, Baile Uí Mhatháin
An dara duais	Cois na hAbhann, Béal Átha na Lao
An tríú duais	River Crescent, Béal Átha na Lao.
EASTÁT MEÁNMHÉIDE	
An chéad duais	An tAcra Gearr, Béal Átha Liag
An dara duais	Corrán Ghort an Ghabhann, an Liagán
An tríú duais	Corrán an Rátha Riabhaigh, an Liagán
EASTÁT MÓR	
An chéad duais	Radharc an Teampaill, Béal Átha Liag
An dara duais	Móinéir Chaimlinne, an Longfort
An tríú duais	Páirc Naomh Maitiú, Baile Uí Mhatháin
EASTÁT MÓR	
An chéad duais	Páirc Mhic Giollabride, Edgeworthstown
An dara duais (comhbhuaiteoirí)	Canálach Le Chéile, Longford & Springlawn, Longford
An tEastát is Fearr os cionn 20 Bliain d'Aois	Smithfield Crescent, Legan
An tIarrthóir Nua is Fearr	Cúirt Shanmullagh, Ballinamuck
An tEastát is Mó Feabhais	Foxhall Crescent, Legan
An Ghné is Fearr	Cois Na hAbhainn, Ballinalee.

Bronnadh Teastais Fiúntais ar Hazelwood, Cnoc na Góla, Páirc Mhic Giolla Bhríde, Meathas Troim, Radharc na Coille, an Lios Breac agus Corry Park, an Lios Breac.

Leanadh le Forfheidhmiú Tionóntachta agus chuaigh roinnt cásanna chun na cúirte.

Leanadh le forbairt phobail chomh maith agus bunaíodh roinnt Cumainn Chónaiteoirí ar fud an chontae. Lean an Fhoireann um Bainistiú Eastáit ag oibriú go dlúth le Gardaí an Phobail agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile agus reáchtáladh clinicí forrochtana ar roinnt eastát.

SCÉIMEANNA DEONTAIS TITHÍOCHTA

In 2011, fuarthas 342 iarratas ina iomláine faoi na trí Scéim Deontais:

- Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaiseachta,
- an Scéim Deontais um Oiriúint Tithíochta, agus
- an Scéim Deontais um Chúnadh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

Íocadh 280 deontas de mhéid €1,348,529 ina iomláine. Áirítear san fhiigiúr seo Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas €1,000 – i.e. deontas a faomhadh sna blianta roimhe seo sular tugadh isteach na trí Scéim Deontais thuasluaite.

CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Tá Comhairle Contae an Longfoirt fós ag leanúint leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009-2013. Leagtar amach sa chlár straitéis 4 bliana maidir leis an gclár agus an cineál cóiríochta atá le cur ar fáil don Lucht Siúil. Tagann an Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile ar bhonn ráithiúil agus déanfaidh siad monatóireacht ar an dul chun cinn a bhaintear amach i ndáil le spriocanna a leagtar amach sa phlean.

SCÉIM UM CHÓIRÍOCHT AR CÍOS (RAS)

Ag deireadh 2011, bhí 274 tionóntacht RAS i bhfeidhm. Cuireadh stop le seacht dtionóntacht is fiche i mbliana – cuireadh i dTithíocht Údaráis Áitiúil na tionóntaí seo, aistríodh chuig maoin RAS i bpáirteanna eile den tír iad nó d'aimsigh siad a gcóiríocht féin lena n-acmhainní féin. Braitheann cáilitheacht don Scéim ar iarrthóirí a bheith ag fáil liúntas cíosa ar feadh níos mó ná 18 mí agus a bheith i dteideal Tithíochta Sóisialta. Tá an Scéim RAS agus na costais oibríochta agus riaracháin a bhaineann léi féinmhaoinithe sa Longfort.



Corrán Ghort an Ghabhann, an Liagán

SOCRUITHE LÉASÁLA FADTÉARMACHA/RAS

Baineann príomhghnéithe na Scéime leis an Údarás Áitiúil ag aontú léasanna fadtéarmacha d'aonaid aonair nó ilaonaid le forbróirí/úinéirí maoine príobháideacha ar cíós idir 10 agus 20 bliain d'aois, nó léasanna RAS gearrthearma do mhaoine thar téarma 4 bliana. Bhí 18 léas RAS gearrthearma i bhfeidhm ag deireadh 2011.

OIBREACHA FEABHAIS/ATHNUACHANA

In 2011, cuireadh tograí chun cinn chun Oibreacha Athnuachana a dhéanamh ag Bóthar Thrá Mhór, Gránard. Cosnóidh an tionscadal seo timpeall €1.6 milliún. Tá an tionscadal seo mar Thosaíocht 1 ag an gComhairle.

CAIGHDEÁIN CHÓIRÍOCHTA PRÍOBHÁIDÍ AR CÍÓS

Tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as forfheidhmiú caighdeán cóiríochta san earnáil cíosa. Cuirtear maoiniú ar fáil don Údarás Áitiúil bunaithe ar an líon iniúchtaí a dhéantar. Rinneadh cúig iniúchadh is seachtó in 2011 agus cuireadh comhairle ar thiarnaí talún maidir le saincheisteanna neamhchomhlíonta. Rinneadh iniúchadh ar go leor de na maoine seo mar chuid den Scéim Cóiríochta ar Cíós.

SCÉIM FUINNIMH AISFHEISTITHE

In 2011, fuair Comhairle Contae an Longfoirt maoiniú €425,000 ón DoECLG mar chuid den chlár thuas. Rinneadh móroibreacha ar 18 maoin.

PLEANÁIL

Rinne an Roinn Pleanála gníomhaíochtaí suntasacha in 2011 agus leagtar amach thíos iad mar aon le forbhreathnú pleanála níos leithne do 2012. Cruthaíonn reachtaíocht nua, treoirlínte agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010, go háirithe dúshláin agus beachtaíonn siad a thuilleadh an próiseas pleanála agus an chaoi a dtagann sé le hinbhuanaitheacht agus trédhearcacht. Cruthaíodh líon suntasach reachtaíochta agus treoirlínte nua in 2011 a mhéadaigh ualach oibre na Roinne Pleanála ag am a laghdaíodh acmhainní go suntasach.

BAINISTIÚ PLEANÁLA AGUS FORBARTHA

Tá an Roinn um Bainistiú Forbartha freagrach as gach iarratas pleanála a phróiseáil de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt.

Thit líon na n-iarratas trí 2010 agus 2011, a léirigh treochtaí eacnamaíochta agus an cúlú sa tionscal tógála ag gach leibhéal. Rinneadh 290 iarratas pleanála in 2011, ba shíntí le cead pleanála a bhí in ochtú díobh. Cuireadh 54 Fógra um Thosach Feidhme isteach in 2001. Tá an laghdú cothromaithe de bharr méadú san éileamh i réimsí eile den chóras pleanála, go speisialta i dtéarmaí glacadh seilbhe, eastáit tithíochta nach bhfuil críochnaithe agus an t-ualach oibre ag féachaint chun cinn ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Tháinig laghdú suntasach ar acmhainní foirne sa tréimhse, rud a chuir brú mór ar an rannóg. Caithfear infheistiú acmhainní suntasach a dhéanamh sna blianta atá le teacht mar aon leis an obair bhreise a theastaíonn faoi reachtaíocht chomhshaoil agus faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010.

Déantar scagadh ar iarratais phleanála agus tograí Chuid VIII anois i gcomhair measúnaithe cuí, mar is gá faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DoECLG).

Is cuid lárnach den phróiseas um Bainistiú Forbartha atá i gcomhairliúcháin reámhphleanála agus úsáidtear iad ar bhonn leanúnach agus níos fairsinge. Reáchtáiltear na cruinnithe seo chun seirbhís phleanála d'archaighdeán agus níos trédhearcaí a chur ar fáil don phobal. In 2008, reáchtáladh os cionn 96 cruinniú reámhphleanála chun plé a éascú le hiarrthóirí féideartha ar shaincheisteanna a bhain lena dtograí. D'ardaigh sé seo go 110 in 2009, laghdaigh sé go 101 in 2010 agus d'ardaigh sé arís go 120 in 2011. Taifeadtar cruinnithe réamhphleanála anois go digiteach chun comhsheasmhacht, trédhearcacht agus comhtháthú gan uaim a éascú leis an bpróiseas cinnteoireachta.

Is gné choitianta anois den obair a rinneadh le trí bliana anuas iad iarratais cheadúnais faoi Alt 254 den Acht, le haghaidh comharthaíochta ar thaobh an bhóthair go príomha.

RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA

Tobhtar Ranníocaíochtaí Forbartha de réir na scéime a ghlac an Chomhairle faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000. Tá coinníoll ag baint le gach cead phleanála a éilíonn íocaíocht na ranníocaíochta forbartha cuí a íoctar nuair a thosaíonn an fhorbairt. Tá go leor cásanna ina dtagann ceadanna eile in ionad ceada a bronnadh ar an suíomh céanna, sa chás nach bhfuil an cead a bronnadh curtha i ngníomh go fóill. Uaireanta, tugann sé seo barúil mhíchruinn le fios maidir leis an méid atá dlite don údarás áitiúil.

Is iad príomhchuspóirí na Scéime um Ranníocaíocht Forbartha:

- Meicníocht a chur ar fáil trínar féidir le forbróirí agus daoine eile ranníoc le costas bonneagar agus áiseanna poiblí a chur ar fáil a théann chun tairbhe forbartha ina gceantar.
- Solúbthacht a mhéadú d'údaráis áitiúla maidir leis an réimse tionscadal a d'fhéadfaí a mhaoiniú ón bhfoinse seo, trí na húdaráis a cheadú soláthar bonneagair poiblí a mhaoiniú gan é a cheangal le forbairt ar leith.
- Trédhearcacht níos mó a thabhairt isteach sna bealaí ina dtobhtar agus a chuirtear i bhfeidhm ranníocaíochtaí forbartha (chun gur féidir le forbróirí a bhunú roimh ré cén táille a bhaineann leo).
- Cinntiú gur féidir le húdaráis Áitiúla fás a bhainistiú agus a chothabháil trí phríomhbhonneagar a chur ar fáil chun tacú le geilleagair áitiúla.

Tá tionchar an-tábhachtach ag an Scéim um Ranníocaíocht Forbartha ar sheachadadh bonneagair sa Longfort ó cuireadh i bhfeidhm í. Tá maoiniú cruthaithe aige do réimse leathan bonneagair, lena n-áirítear gnóthú talún, soláthar spásanna oscailte, áiseanna áineasa agus pobail, oibreacha conláiste agus tírdhreacha, bóithre, carrchlóis, cosáin, áiseanna uisce agus fuíolluisce.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa réimse seo idir 2009-2011 i mbailiúchán airgid a bhí gan

íoc, go háirithe má chuirtear na coinníollacha eacnamaíochta dúshlánacha san áireamh. Tá an próiseas seo leanúnach, fuarthas réiteach agus comhaontú in go leor cásanna, tá roinnt eile fós á bplé agus tá roinnt eile faoi dhlíthíocht faoi láthair.

EASTÁIT TITHÍOCHTA NACH BHFUIL CRÍOCHNAITHE

Cúlra

Is é an cúlra dlíthiúil atá le 'hÉastáit Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe' an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, Cuid VIII (Forfheidhmiú) agus Cuid 180 (Seilbh a Ghlacadh ar Eastáit).

I dtéarmaí ginearálta, is é is 'Eastát Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe' eastát nach bhfuil críochnaithe de réir Cead Pleanála laistigh de 5 bliana ón dáta a bronnadh an Cead sin.

De bharr gur shainaithin an Chomhairle saincheist na 'nEastát Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe' i gContae an Longfoirt, bhunaigh an Fhoireann Bhainistíochta foireann tionscadail réamhghníomhach, dírithe ar an bhfadhb a bhainistiú agus chun fadhbanna féideartha agus costais iomarcacha do chónaitheoirí, forbróirí agus an Chomhairle amach anseo a sheachaint. Oibríonn an fhoireann go dlúth le Ranna Bonneagair na Comhairle, an DoECLG agus le gach geallsealbhóir eile, lena n-áirítear forbróirí, bainc/glacadóirí/leachtóirí agus cónaitheoirí.

Tá 113 eastát ann nach bhfuil críochnaithe i gceantar Chomhairle Contae an Longfoirt ar bronnadh cead pleanála do 3,398 aonad tithíochta sna heastáit sin.

Rinneadh dul chun cinn seasmhach i réimse na n-eastát tithíochta nach bhfuil críochnaithe sa chontae. Sainaithnítear mar shaincheist náisiúnta í agus tá an Longfort ina cheannróaí i bhforbairt treoirínite deachleachtais le dul i ngleic go sásúil le forbairtí nach bhfuil críochnaithe. Foilsíodh treoirínite náisiúnta ina bhfuil cás-staidéar ón Longfort a úsáideann taithí an Longfoirt go mór. Tá obair na foirne um eastáit nach bhfuil críochnaithe fós ag déanamh dul chun cinn suntasach in ainneoin easpa acmhainní.

Is é atá ar bun ag an bhFoireann um Fhorbairtí Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe:

- Clár um Fhorbairtí nach bhfuil Críochnaithe a chur le chéile agus a choinneáil (lena n-áirítear léarscáiliú ar GIS)
- Comhad a chruthú ar gach eastát ina mbeadh príomheolas teagmhála d'fhorbróirí, d'úinéirí súimh, sonraí cuideachta, stiúrthóirí cuideachta, soláthróirí banna, institiúidí airgeadais lena mbaineann, etc.
- Pointe teagmhála aonair a chur ar fáil do na príomh-geallsealbhóirí – cosúil le forbróirí, institiúidí airgeadais, glacadóirí, cónaitheoirí, etc.
- Gníomh ar na heastáit a chur in ord tosaíochta (bunaithe ar dhátaí éagtha banna)
- Iniúchtaí teicniúla a dhéanamh ar na heastáit agus idirghabháil a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí eile cosúil leis an HSA
- Oibriú le forbróirí agus le hinstitiúidí airgeadais chun deacrachtaí a réiteach
- Gníomhaíocht forfheidhmithe a ghlacadh nuair is gá lena chinntiú go gcloítear le coinníollacha
- A chinntiú go gcoinnítear urrúis go dtí go nglactar seilbh ar eastáit

Eastáit Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe agus Tionscnamh Sábháilteachta Poiblí

Cuireadh ciste €5m ar fáil d'údaráis áitiúla le déileáil le saincheisteanna sábháilteachta láithreacha ar fhorbairtí tithíochta nach bhfuil críochnaithe ar fud na tíre. Tá 30 eastát ag Comhairle Contae an Longfoirt – ar a dtugtar eastáit Chatagóir 4 – a mheastar a shásaíonn na critéir don mhaoiniú seo.

á maoiniú €587,080 faofa cheana féin do 23 eastát. Tá obair ar siúl chun na hiarratais ar mhaoiniú a réiteach do na 7 n-eastát eile.


Nuair a fhaomhtar oibreacha sábháilteachta poiblí, dáiltear Fógra Reachtúil faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) 1964 ar gach páirtí leasmhar. Sonraítear san Fhógra Reachtúil na hoibreacha sábháilteachta poiblí atá le déanamh.

Tig le forbróir/glacadóir nó foireann na Comhairle na hoibreacha a dhéanamh.

Oibreacha le Déanamh faoin Tionscnamh Sábháilteachta Poiblí



Roimh ré



Tar Éis



Roimh ré



Tar Éis

Glacadh Seilbhe

Is próiseas fada atá i nglacadh seilbhe, óna dteastaíonn ionchur thar na stiúrthóireachtaí agus leithdháileadh foireann thrasdisciplíneach agus thiomanta le feidhmiú go héifeachtach. Seo a leanas na príomhchéimeanna sa phróiseas:

- Sainnithint stair iomlán phleanála an eastáit tithíochta – d'fhéadfadh an próiseas seo a bheith casta má bhíonn roinnt ceadanna ar shuíomh, thar amscála leathan.
- Caithfear suirbhé agus iniúchadh a dhéanamh chun an leibhéal comhlíonta leis an gcead a bronnadh a chinntiú.
- Caithfear labhairt leis an bhforbróir freagrach agus idirbheartaíochtaí a reáchtáil chun an chaoi gur féidir comhlíonadh a chinneadh.
- Caithfear bannaí agus ranníocaíochtaí a chinneadh i dtéarmaí méideanna, céimniú íocaíochtaí agus socrúithe dlí.
- Caithfear córais mhonatóireachta slána i gcás teipe a bhunú agus a chothabháil d'fhonn go mbeidh an córas in ann feidhmiú i gceart.
- Murar féidir gníomh forfheidhmithe a sheachaint, cuirtear tús le próiseas breise a gcaithfidh an fhoireann a bheith ar an eolas faoi agus teastaíonn foireann speisialta, thiomanta, tras-stiúrthóireachta.

Táthar ag leanúint le hobair sa réimse seo agus rinneadh dul chun cinn suntasach idir 2010-2011.

Tá 26 iarratas um ghlacadh seilbhe á meas faoi láthair.

PLEANÁIL CHUN CINN

Tá an Roinn Pleanála Chun Cinn freagrach as taighde, réiteach agus táirgeadh gach Plean Forbartha, Plean Ceantair Áitiúil agus tionscnaimh chun cinn. Níl tionchar ag an gcúlú eacnamaíochta ná an moilliú i dtionscal na tógála ar sceideal oibre na pleanála chun cinn a rialaíonn Acht 2000 agus forfheidhmiú leanúnach reachtaíochta náisiúnta agus AE sa réimse pleanála agus comhshaoil. Anuas air sin, bíonn an Roinn Pleanála Chun Cinn bainteach go rialta le tionscadail eile óna dteastaíonn leithdháileadh ama suntasach cosúil le hOrduithe Ceannaigh Éigeantaigh (CPO), Staidéir um Chonair Bhealaigh agus tionscadail eile ó leibhéal áitiúil go náisiúnta.

Ní dhearnadh aon dul chun cinn ar Phleanáil Chun Cinn in 2011 de bharr easpa acmhainní. Dá bhrí sin, beidh ualach oibre níos mó ann in 2012.

Leagtar amach san achoimre seo a leanas na príomhthionscadail a gcaithfear tabhairt fúthu in 2012.

AN TACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT (LEASÚ) 2010

Tá roinnt forálacha reachtúla suntasacha san Acht a athróidh cúrsaí pleanála sna blianta atá romhainn, go háirithe maidir le cairéil, gné nár cuireadh tús leis go fóill.

Ar cheann de na gnéithe is suntasaí den Acht ar sceideal na Pleanála Chun Cinn tá tabhairt isteach an riachtanais go mbeadh Croístraitéis i ngach Plean Forbartha Contae. Is ráiteas bunchloiche sainithe é seo a leagann amach an scaipeadh daonra atá ann agus atá beartaithe agus ardlathas lonnaíochta don chontae. Is í an aidhm atá leis cur chuige trédhearcach fianaisebhunaithe a chur ar fáil i gcomhair criosaite talún agus sainithe spásúlachta foirmithe agus de réir treoirlínte aireachta agus pleananna

ardsraithe cosúil leis an Straitéis Spáis Náisiúnta agus Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha. Caithfidh an straitéis forálacha criosaithe a ailíniú le soláthar bonneagar tacaíochta agus de réir breithniúcháin eile cosúil le straitéisí tithíochta agus lonnaíochta. Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar gach Plean Forbartha Contae dá réir laistigh de bhliain amháin ó ghlactar leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha ábhartha. I gcás Chontae an Longfoirt, is é Iúil 2011 an spriocdháta.

TREOIRLÍNTE PLEANÁLA RÉIGIÚNACHA LÁR TÍRE

Glacadh le Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha Lár Tíre in Iúil 2010. Cuireann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010 béim reachtúil níos láidre ar an tsraith phleanála réigiúnach, go háirithe i dtéarmaí cinntiú go gcloíonn pleananna ag leibhéal níos ísle le forálacha na dtreoirlínte réigiúnacha. Caithfear dul i ngleic leis an riachtanas seo taobh istigh de bhliain amháin de ghlacadh leis na treoirlínte agus téitear i ngleic leis thuas.

PLEANANNA CEANTAIR ÁITIÚIL

Cuireadh an obair ar fad ar Phleananna Ceantair Áitiúil siar de bharr easpa acmhainní foirne.

TIONSCADAIL EILE

Measúnú Comhshaoil Straitéiseach agus Measúnú Cuí

- Caithfear gach plean agus tionscadal a scagadh do Mheasúnú Comhshaoil Straitéiseach (SEA) – taispeáint poiblí agus gné chomhairliúcháin i ngach cás.
- Nuair atá bhíonn siad ag teastáil agus nuair a dhéantar iad, ag an am céanna leis an bpróiseas pleanála, caithfear córais a fhorbairt, a chothabháil agus a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar tháscairí mar a leagtar amach iad san SEA.
- Teastaíonn Measúnú Cuí (AA) do gach plean reachtúil agus neamhreachtúil – Measúnú Cuí ar phleananna agus tionscadail in Éirinn – Údaráis Treoracha nó Pleanála an DoEHLG 2009.
- Ciorclán SEA 1/08 agus NPWS 1/08 – an gá le tabhairt faoi phleananna úsáid talún de réir Alt 6 den Treoir maidir le Gnáthóga – ní údarófar aon plean nó tionscadal nach mbaineann go díreach nó nach bhfuil riachtanach i mbainistíú suíomh natura (SPA, cSPA, SAC, cSAC) lena mbaineann ach a bhfuil sé dóchúil go mbeadh tionchar suntasach aige air, as féin nó i gcónasc le pleananna agus tionscadail eile ach amháin mura mbeidh drochthionchar aige ar shláine an tsuímh.

Caithfear measúnú a dhéanamh ar aon tionscadal pleanála chun cinn agus tionscadal oibre na Comhairle in 2012 don mhéid thuas.

STAITISTICÍ AGUS TUAIRISCEÁIN

Caithfidh an Roinn Pleanála, go tráthrialta, faisnéis staitistiúil a chur ar fáil don Údarás Réigiúnach Lár Tíre, an DoECLG agus don Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO). Glacann cuid de na tuairisceáin seo an-chuid ama, go speisialta an suirbhé bliantúil um infhaighteacht talún tithíochta, a chuirtear isteach gach Meán Fómhair chuig an DoECLG.

Cuireann na Rannóga Pleanála staitisticí le chéile go rialta do ranna eile sa Chomhairle chun feidhmiú

na heagraíochta ina n-iomláine a éascú. Áirítear anseo soláthar sonraí daonra agus iarratas do staidéir um sholáthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce agus tuairiscí bonneagair do thionscadail Oidhreachta, Comhshaoil, Bóithre agus Tithíochta.

BAINISTIÚ RIOSCA TUILE

Ceanglóidh Treoirlínte um Measúnú Riosca Tuile arna n-eisiú ag an DoECLG ionchur suntasach ón Roinn Pleanála. Rachfar i ngleic le soláthair mhionsonraithe ag leibhéal contae tar éis Staidéar um Bainistiú Riosca Tuile Dhobarcheantar na Sionna a réiteach, atá ar siúl faoi láthair ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus atá le críochnú in 2012. D'fhéadfaí Measúnuithe Riosca Tuile aonair a éileamh mar chuid den phróiseas bainistithe forbartha. Beidh ar an Roinn Pleanála Measúnú Riosca Tuile a réiteach don Longfort in 2012 faoi réir infhaighteacht acmhainne.

CÓRAIS FAISNÉISE GEOGRAFAÍ

Is uirlis riachtanach sa chóras pleanála atá i gCóras Faisnéise Geografaí (GIS) a cheadaíonn rochtain éasca ar fhaisnéis go himmheánach idir ranna éagsúla sa Chomhairle. Éascaíonn sé chomh maith aistriú faisnéis spásúil don phobal ar an Idirlíon nó ag pointí faisnéise suite i bhfoirgnimh na Comhairle. Úsáidtear GIS chomh maith chun faisnéis a fháil cosúil le tuairisceáin staitistiúla agus chun monatóireacht a dhéanamh cosúil le mapáil tuaithe a theastaíonn faoin bPlean Forbartha Contae agus faoin monatóireacht SEA leanúnach.

Níl an córas seo ach chomh maith leis an eolas a chuirtear isteach ann a chaithfear a chothabháil agus a uasdátú ar bhonn rialta. Is gné shuntasach den obair sa Roinn Pleanála Chun Cinn a bheidh anseo in 2012.

ILGHNÉITHEACH

Éilíonn oibreacha laethúla na Roinne Pleanála go réiteofar pleananna, leasuithe agus athruithe, uaireanta ar ghearrfhógra. Éilíonn siad seo go gcloítear go dlúth leis na forálacha reachtúla ábhartha, atá mar chuid de shraith sonrach próiseas comhairliúcháin atá á sruthlíniú agus á mbeachtú go leanúnach ag an Roinn Pleanála Chun Cinn chun seirbhís chuimsitheach, éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar fáil.

Is gné rialta in obair na Roinne Pleanála é bainistiú phróisis Chuid VIII agus réiteach tuairiscí chun forbairtí na Comhairle Contae a éascú (lena n-áirítear AA agus SEA mar is cuí).

FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

In 2009, eisíodh 52 litir rabhaidh mar aon le 28 fógra forfheidhmithe agus cuireadh 13 chás ar aghaidh i gcomhair imeachtaí dlí.

Sa bhliain 2011, eisíodh 43 fógra rabhaidh, líon maith fógraí forfheidhmithe, ach níor cuireadh tús ach le 11 imeacht dlí. Léiríonn an titim shuntasach i bhfógraí forfheidhmithe a eisíodh agus na himeachtaí dlí ar cuireadh tús leo idir 2012-2011 go bhfuil ag éirí le hidirbheartaíochtaí agus réiteach ag céim na litreach rabhaidh. Chuaigh roinnt cásanna deacra chuig an gCúirt, áfach, agus bhí leibhéal maith ratha ar an gComhairle.

Bhí líon mór ceisteanna pleanála áirithe agus iarratais um shaoráil faisnéise chomh maith a úsáideann líon mór d'acmhainní ganna na Roinne Pleanála.

AN tSEIRBHÍS DÓITEÁIN AGUS ÉIGEANDÁLA

Tá stáisiún ag an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála sna háiteanna seo a leanas: Baile Uí Mhatháin, Meathas Troim, Gránard, Béal Átha Liag agus an Longfort.

Tá 48 comhraiceoir dóiteáin sna stáisiún seo a fhreagraíonn eachtraí dóiteáin agus tarrthála. Bhí an Roinn Dóiteáin gníomhach i gcur chun cinn sábháilteachta dóiteáin i rith na bliana. Áiríodh i measc na n-imeachtaí Sábháilteacht Dóiteáin sa Chlár Scoileanna inar tugadh cuairt ar bhunscoileanna agus labhraíodh le rang a trí.

Rinne an Roinn Dóiteáin measúnú ar Theastais um Shábháilteacht Dóiteáin, Iarratais Pleanála agus ar Atreoirithe Iarratais ar Cheadúnais ón gCúirt. Rinneadh Iniúchtaí um Shábháilteacht Dóiteáin ar áitreabh tráchtála chomh maith. Ba í Comhairle Contae an Longfoirt an Phríomhghníomhaireacht do Bhainistiú Réigiúnach Móréigeandála le linn 2011, bhí sí ina cathaoirleach ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach agus ar an gCoiste Oibre Réigiúnach.

Cuireadh síneadh le Stáisiún Dóiteáin bhaile an Longfoirt ar tairiscint in 2009. Táimid ag fanacht ar fhaomhadh ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun an Conradh seo a bhronnadh. Má cheadaítear faomhadh don tógáil seo, beidh gá an tionscadal a chur ar tairiscint arís mar go mbeidh tairiscintí 2009 as dáta agus neamhbhailí.

Sainithníodh suíomh malartach don Stáisiún Dóiteáin nua i mBéal Átha Liag. Tá Pleanáil Chuid 8 faighte don suíomh nua seo. Faomhadh €800,000 don chostas iomlán do sholáthar an Stáisiún Dóiteáin seo. Ceapadh Killian Consulting Engineers mar Phríomhchomhairleoirí don tionscadal. Táthar ag súil go rachaidh an tionscadal seo ar tairiscint in Earrach 2012 agus tosóidh an obair thógála i Samhradh 2012.

Críochnaíodh obair ar Stáisiún Dóiteáin Trí Bhá nua i Meathas Troim. Oslófar an stáisiún go hoifigiúil go luath in 2012.

I Márta, ghlac baill de Bhriogáid Dóiteáin Bhaile an Longfoirt páirt sa Tríú Comórtas Dúshlán Náisiúnta de chuid Eagraíocht Tarrthála Éireann agus chríochnaigh siad sa dara áit sa chomórtas.

Faomhadh Seirbhís Dóiteáin an Longfoirt d'fhearas Rang B nua mar chuid de phróiseas fála roinnte le Seirbhísí Dóiteáin Chill Dara agus Chill Mhantáin. Críochnaíodh an próiseas tairisceana do na feithiclí seo agus táthar ag súil go dtógfad iad in 2012. Lonnófar an fearas Rang B ag Stáisiún Dóiteáin Mheathas Troim.

COSAINT SHIBHIALTA

Tá Cosaint Shibhialta mar chuid d'eagraíocht dhomhanda agus é mar phríomhaidhm acu beatha a shábháil agus fulaingt a mhaolú in am cogaidh agus cuidiú i gcás tubaistí nádúrtha agus timpistí de dhéantús an duine in am síochána. Ag leibhéal áitiúil, tá Cosaint Shibhialta freagrach as earcú agus oiliúint oibrithe deonacha agus ionaid oiliúna a sholáthar sa phobal.

Ba iad na príomhghníomhaíochtaí, cláir, imeachtaí agus forbairtí le linn 2011:

- Reáchtáladh roinnt cúrsaí Garchabhrach le linn na bliana, lena n-áirítear cúrsaí BLS/AED (Buntacaíocht Beatha/Uath-Dhífhibriliú Seachtrach), CFR (Céadfhreagairt Chairdiach), OFA (Garchabhair Oibre), EFR (Céadfhreagairt Éigeandála) agus Bun-gharchabhair Pobail do bhail an phobail, earcaigh nua agus baill reatha.
- Cháiligh ceathrar ball chuig leibhéal Teicneoir Leighis Éigeandála.
- Reáchtáladh roinnt cúrsaí bunaithe ar Mhonatóireacht Radaíochta, Cuardach agus Cumarsáid.
- Ghlac criú báid Chosaint Shibhialta páirt sa seimineár oiliúna bliantúil i Sligeach maidir leis an bhfliú éanúil.
- Chuir Cosaint Shibhialta cúnamh ar fáil ag beagnach 40 imeacht pobail agus spóirt áitiúil.
- Ceannaíodh Mitsubishi Pajero 4x4 athlámhe mar chúltaca do ghlaonna i bhfor-dhrochaimsir.
- Cuireadh tús le beartas chun sofheictheacht feithiclí a fheabhsú agus chun ceamaraí cúlaithe a shuiteáil de réir mar is gá.
- Cuireadh Beartas Grinnfhiosrúcháin Garda i bhfeidhm agus cuireadh tús le hobair ar dhaoine a chur ar an gclár oibrithe deonacha náisiúnta nua.

FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL, SEIRBHÍSI CORPARÁIDEACHA AGUS CULTÚRTHA AGUS ACMHAINNÍ DAONNA



An Comh.
Martin Mulleady,
Cathaoirleach SPC
Forbartha Eacnamaíochta



An tUasal . Frank
Sheridan,
Stúirthóir Seirbhísi



FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL

AN TIMPEALLACHT EACNAMAÍOCHTA

Tá geilleagar an Longfoirt ag dul trí dhúshláin nach bhfacthas roimhe seo agus an geilleagar náisiúnta fós ag cúlú. Bhí drochthionchar ag ceannachán tomhaltóra laghdaithe agus laghdú i ngníomhaíochtaí tógála ar an ngeilleagar áitiúil. D'fhan gné ilchineálach na príomhearnála fostaíochta áitiúil seasmhach, in ainneoin an drochghuilleagair domhanda, agus rinneadh gnóthachain bheaga le linn 2011. Leanann Comhairle Contae an Longfoirt i gcomhar leis na príomhghníomhaireachtaí stáit agus gníomhaireachtaí tacaíochta forbartha agus go háirithe Bord Fiontar an Chontae ag comhoibriú agus ag sainithint bealaí nuálaíochta chun fostaíocht sa Longfort a spreagadh agus a chothabháil.

BORD FORBARTHA CONTAE AN LONGFOIRT

Tá 28 mball ar Bhord Forbartha an Chontae (CDB) as ceithre Earnáil:

EARNÁIL	BAILL
Rialtas Áitiúil (7 mBall)	An Comh. A. Mitchell (Cathaoirleach), An Méara F. Kilbride, Comhairleoirí V. Kiernan, M. Mulleady G. Brady (Comhairle Contae an Longfoirt). An Comh. F. Flood, (Comhairle Baile Ghránard), An tUasal T. Caffrey, (Bainisteoir Contae an Longfoirt).
Forbairt Áitiúil (7 mBall)	An tUasal Adrian Greene, Mr. Pat O'Rourke (Longford Community Resources Ltd). An Dr Ruth Mc Grath (Environment Pillar), An tUasal Michael Nevin, Iníon Beatrice Cunningham (Bord Fiontar Contae an Longfoirt), Iníon Josephine Stroker (Longford Acorn Project), Iníon Alice Connell (Coiste Cúram Leanaí Chontae an Longfoirt).

SECTOR	MEMBERS
Gníomhai-reachtaí Stáit (9 mBall)	An Ceannfort Denis Shields (An Garda Síochána), An tUasal Damien Brennan (Fáilte Ireland), An tUasal Chris Forde (IDA Ireland), Mark Atterbury (Fiontraíocht Ireland), Iníon Gráinne Nic Gabhainn (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte), An tUasal Michael Kearney (An Roinn Coimirce Sóisialta), An tUasal Peter Egan (FÁS), An tUasal Oliver Burke (Teagasc), Iníon Rosemary Killian-Johnston (Coiste Gairmoideachais Chontae an Longfoirt).
Comhpháirtithe Sóisialta (5 Bhall)	An tUasal George Shedwell (Comhdháil na gCeardchumann), An tUasal Rory Duncan, Iníon Brenda Quinn (An Earnáil Pho-bail agus Dheonach), An tUasal James Brady (An Earnáil Feirmeoireachta), Iníon Karen Clabby (An Earnáil Ghnó).

ATHRUITHE BOIRD IN 2011

Rialtas Áitiúil – Tháinig an Méara Frank Kilbrise i gcomharbacht ar an gComh. Paul Connell

Gníomhaireachtaí Stáit – Tháinig Damien Brennan in ionad Kevin Kidney (Fáilte Ireland), tháinig Chris Forde in ionad Gillian Maunsell (IDA), d'éirigh Peter Egan as – ní bhfuarthas aon duine ionaid go dtí seo.

Forbairt Áitiúil – Tháinig Alice Connell in ionad Patricia Harrison. Sheas Josephine Stroker as Longford Acorn Project siar mar gur chónasc siad le LCRL.

Comhpháirtithe Sóisialta – Tháinig Rory Duncan in ionad Pavrez Butt a tháinig in ionad Kate Keegan.

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA BHORD FORBARTHA CHONTAE AN LONGFOIRT

Le linn 2011, lean Bord Forbartha Chontae an Longfoirt ag díriú ar líon teoranta tosaíochta ina Phlean Gníomhaíochta 2009-2012. Tá príomhbhéim an Phlean ar chomhoibriú idirghníomhaireachta agus an gá le hacmhainní a roinnt chun éifeachtúlachtaí agus luach ar airgead a chinntiú. Leanann an Bord ag glacadh páirte le gníomhaireachtaí ag gach leibhéal agus tá sé tiomanta do choincheap na 'hoibre idirghníomhaireachta'.

FORMHUINIÚ PLEANANNA GHNÍOMHAIREACHT FORBARTHA ÁITIÚIL AG BORD FORBARTHA AN CHONTAE

Príomhról atá ag an CDB is ea chun seirbhísí forbartha pobail agus áitiúla comhordaithe a sheachadh ag leibhéal áitiúil. Tá forbheithniú ar fhorfheidhmiú straitéis 10 mbliana trí ghníomhaireachtaí ábhartha lena n-áirítear pleananna forbartha áitiúil lárnach sa ról comhordaithe seo. Chun comhordú na bpleannanna a éascú, rinne an Grúpa Oibre um Bearta Cuimsithe Sóisialta (SIMWG) ar na gníomhaireachtaí forbartha áitiúla agus formhuinigh CDB iad ar mholadh SIMWG.

COMHOIBRÍÚ IDIRGHNÍOMHAIREACHTA I SEACHADADH SEIRBHÍSÍ AGUS TACAÍOCHTAÍ DO PHOBAL AN LUCHT SIÚIL

Feidhmíonn Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil mar fhochoiste den CDB agus forbhreachaíonn siad forfheidhmiú Plean Gníomhaíochta Idirghníomhaireachta an Longfoirt don Lucht Siúil. Is í aidhm an ghrúpa fóram a chur ar fáil chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna tosaíochta maidir leis an Lucht Siúil agus chun línte comhoibríoch gníomhartha a chur ar fáil le déileáil leis na saincheisteanna seo. Is iad réimsí tosaíochta an phlean sláinte, oideachas, fostaíocht, réiteach coimhlinte agus forbairt phobail. In 2011, rinne gach príomhghníomhaireacht i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, roinnt gníomhaíochtaí lena n-áirítear oiliúint agus tógáil cumais.

FÓRAM POBAIL AGUS DEONACH AN LONGFOIRT

Tháinig go leor athruithe ar an bhFóram Pobail agus Deonach (C&V) in 2011. Thug an Fóram faoi Athbhreithniú Pobail le straitéis trí chéim mar gheall ar earcú Oibrí Forbartha nua agus an treoir nua a fuair siad ón gCoiste Bainistíochta agus ón nGrúpa Stiúrtha:

1. An chéim Éisteachta/Foghlama ina bhfuil dhá chuid:

- a) Rinne baill an Ghrúpa stiúrtha **Ceacht Éisteachta leis na grúpaí a ndéanann siad ionadaíocht orthu ina gceantair** lena fháil amach:
 - Céard iad na príomh-shaincheisteanna/deacrachtaí a bhfuil tionchar acu ar a dtoghcheantar?
 - Céard iad na príomh-shaincheisteanna/deacrachtaí a bhfuil tionchar acu ar na grúpaí pobail agus deonacha ina gceantair?
 - Cé na bearnaí atá sna seirbhísí ina gceantair?
 - Cén chaoi is fearr is féidir leis an Fóram Pobail agus Deonach tacú leis na grúpaí ina gceantair?
- b) **Cruinnithe Gréasán Pobail leis na Grúpaí Pobail agus Deonacha ar fud an chontae** – tá an Fóram ag reáchtáil cruinnithe ar fud an chontae faoi láthair leis na haidhmeanna seo a leanas:
 - Eolas: Chun comhairle a chur ar Ghrúpaí Pobail/Deonacha i gContae an Longfoirt:
 - Cad é Fóram P&D Chontae an Longfoirt agus cén chaoi a n-oibríonn sé?
 - Conas is féidir leis an bhFóram tacú le do ghrúpaí?
 - Taighde: Eolas a fháil ó na grúpaí maidir leis na saincheisteanna a bhíonn rompu ar an talamh
 - Líonrú: Deiseanna líonraithe a chur ar fáil do ghrúpaí

2. **Céim thaighde** – bunaithe ar thorthaí Chéim 1, tá sé i gceist ag an bhFóram fíis a fhorbairt de na seirbhísí reatha agus na bearnaí i soláthar seirbhíse.

3. **Céim fhorfheidhmithe** – mar thoradh ar an Athbhreithniú Pobail seo, tá sé i gceist ag an bhFóram torthaí an taighde a fhorfheidhmiú.

STRAITÉIS TURASÓIREACHTA AN LONGFOIRT

Críochnaíodh an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta Turasóireachta 2012-2015 in 2011 agus seolfar é go luath in 2012. Díríonn an Plean Gníomhaíochta ar roinnt gníomhaíochta dearfacha a shainaitheann ar féidir a fhorfheidhmiú thar téarma gearr, meánach agus fada d'fhonn torthaí a sheachadadh. Titeann na gníomhaíochtaí faoi cheithre phríomhréimse; forbairt táirge, forbairt margaíochta, forbairt daoine, struchtúr agus maoiniú. Bunaíodh Fochoiste Turasóireachta na Comhairle in 2011 le tacú le hobair Choiste Turasóireachta an Chontae.

COMHAIRLE NA NÓG AN LONGFOIRT

Is tionscnamh de chuid Bord Forbartha an Chontae atá i gComhairle na nÓg an Longfoirt. In 2011, fusir an Roinn Pobail agus Fiontair maoiniú ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige chun Comhairle na nÓg a bhreisiú. Tacaíonn Foróige leis an gComhairle agus tugann sé deis d'ionchur struchtúrtha i gcinnteoireacht ag daoine óga i bhforbairt seirbhísí agus beartais áitiúla. Ba bhliain an-táirgiúil a bhí in 2011 in athstruchtúrú Chomhairle na nÓg. Chinntigh naisc le grúpaí eile ar fud an Longfoirt go bhfuil Comhairle an Longfoirt ina struchtúr lárnach agus ina phríomhfóram comhairliúcháin/rannpháirtíochta do dhaoine óga. Tá na daoine óga ar Chomhairle na nÓg an Longfoirt tiomanta do shaoil na ndaoine óga sa chontae a fheabhsú agus leanann siad ag díriú ar shaincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar dhaoine óga i sochaí an lae inniu.

Coiste Stiúrtha Chomhairle na nÓg

Tagann Coiste Stiúrtha Chomhairle na nÓg an Longfoirt le chéile go ráithiúil agus tá ball den Údarás Áitiúil ina chathaoirleach air. Is iad príomhfócas na gcruinnithe scileanna na mball a fhorbairt agus an chaoi is fearr le tionchar a bheith acu ar bheartas. Tá dhá bhall déag ar Choiste Stiúrtha na Comhairle faoi láthair agus táthar ag súil go méadófar an bhallraíocht seo in 2012.

Cruinniú Ginearálta Bliantúil

Reáchtáladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil Déardaoin an 22 Deireadh Fómhair 2011 sa Backstage Theatre, an Longfort. D'éirigh go hiontach leis an lá ar an iomlán agus d'fhreastal 86 duine óg ó scoileanna iarbhunscoile agus ó ghrúpaí óige ar fun an chontae air. Reáchtáladh cúig cheardlann ar an lá i dtaca le saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar dhaoine óga i sochaí an lae inniu. Chinn coiste reatha Chomhairle na nÓg an Longfoirt orthu agus áiríodh i measc na gceardlann:

- “An Tábhacht a Bhaineann le Féiniomhá do Dhéagóirí i Sochaí an Lae Inníu”
- “An Nasc idir Andúile Teicneolaíochta agus Eisiámh Sóisialta Dhaoine Óga”
- “Athleasú Oideachais do Mhic Léinn na Sraithe Sóisearaí agus na hIdirbhliana”
- “An drochéifeacht atá ag cultúr an ólacháin ar dhéagóirí an Longfoirt”
- “Sláinte agus folláine daoine óga i sochaí an lae inníu”



Daoine óga a ghlac páirt i gCCB Chomhairle na nÓg i ngrianghraf le Laura McPhillips, Comhairle Contae an Longfoirt agus Jim Maher, Foróige.

Ag na ceardlanna seo, toghadh aon ógánach déag ar Chomhairle na nÓg do 2011/12. Tá duine agus fiche anois ar an gcoiste ina iomláine agus na baill atá ag fanacht ar feadh dara téarma san áireamh. Bhí painéal ceisteanna agus freagraí i láthair ar an lá, ar a raibh oibríthe óige áitiúla agus ionadaithe ó FSS. Tugadh léargas do na daoine óga maidir le hobair na n-oibríthe óige agus na nithe atá ar fáil do dhaoine óga sa Longfort.

Cruinnithe Chomhairle na nÓg

Tháinig Comhairle na nÓg an Longfoirt le chéile seacht n-uaire ó Eanáir 2011 – Iúil 2011 i nDlísheomraí Chomhairle Contae an Longfoirt. D'oibrigh an grúpa ar shaincheistanna cosúil le sláinte agus folláine agus ar an gcaoi a mbraitheann daoine óga ar shuíomhanna meáin shóisialta cosúil le Facebook agus Twitter.

Tionscadal um Mheabhairshláinte Chomhairle an Longfoirt 2011

Theastaigh ón ngrúpa díriú ar mheabhairshláinte dearfach a chur chun cinn le daoine óga agus rinne siad taighde agus dearadh ar bhileog faisnéise do dhéagóirí i gContae an Longfoirt. Cuireadh míle cóip den bhileog faisnéise i gclí agus cuireadh chuig scoileanna agus grúpaí óige ar fud an chontae iad. Sheol Comhairle na nÓg an Longfoirt a mbileog faisnéise dar teideal “Intinn Sláintiúil - Todhchaí Sláintiúil” an 28 Meitheamh i nDlísheomraí Chomhairle Contae an Longfoirt. D'fhreastal Cumann Meabhairshláinte an longfoirt, FSS, Comhairleoirí agus an Méara Frank Kilbride ar an seoladh.

Turas Chomhairle na nÓg an Longfoirt Chuig an Dáil

Thaistéal Comhairle na nÓg an Longfoirt chuig suí de Dháil Éireann an 10 Bealtaine 2011. Thaistéal sé bhall déag den Chomhairle, mar aon leis an gComhordaitheoir agus dhá bhall den choiste stiúrtha go Baile Átha Cliath agus cuir an tUasal James Bannon, TD an Longfoirt/na hIarmhí fáilte rompu. Chuir an tUasal Bannon fáilte roimh an ngrúpa chun na Dála agus chuaigh siad ar thuras domhain ar Theach Laighin mar aon le freastal ar shuí den Dáil. Thaistéal siad chomh maith chuig Céirleann Éireann ar an lá. Bhí lá suimiúil ag gach duine agus d'fhoghlaim siad go leor.

Dáil na nÓg

Rinne cúigear daoine óga as Comhairle na nÓg an Longfoirt ionadaíocht thar ceann an Longfort i nDáil na nÓg na bliana seo Dé hAoine an 18 Samhain 2011 i bPáirc an Chrócaigh. Cuireadh oiliúint ar fáil do na rannpháirtithe i mBaile Átha Cliath Dé Máirt an 1 Samhain 2011, roimh an ócáid. Togfar an chéad ionadaí Dála náisiúnta de chuid na comhairle ag an gcéad chruinniú eile agus freastalóidh siad ar na cruinnithe comhairle náisiúnta ar bhonn míosúil i mBaile Átha Cliath.

COMÓRTAS ÓMÓS ÁITE NÁISIÚNTA 2011

Is comórtas atá in Ómós Áite a dhírítear ar fheabhsúcháin a dhéanann pobail áitiúla a aithint chun ómós ar an gceantar a chruthú. Is í aidhm an chomórtais “Ómós Áite” dea-chleachtas, nuálaíocht agus cinneacht a spreagadh chun pobail bheoga inbhuanaithe a chur ar fáil a fheabhsaíonn cáilíocht na beatha do gach duine. Reáchtáiltear an próiseas ainmniúcháin chuig an gcomórtas trí na húdaráis Áitiúla.



An Méara Frank Kilbride agus Barry Lynch, Ceann Airgeadais ag déanamh bronnadh ar Mary Kennedy agus Ann Howard as Cumann Meabhairshláinte an Longfoirt.

In 2011, d'ainmnigh Comhairle Contae an Longfoirt dhá ionadaí thar réimse catagóirí chun ionadaíocht a dhéanamh ar Chomhairle Contae an Longfoirt: Comharchumann Turasóireachta Bhéal Átha Liag agus Cumann Meabhairshláinte an Longfoirt. Rinneadh an mholtóireacht i mí Iúil 2011. B'éigean do gach grúpa cur i láthair a dhéanamh a léiríonn réimse gníomhaíochtaí agus tionscadal a rinne siad. Reáchtáladh an Searmanas Náisiúnta Duaiseanna i nGuaire, Contae Loch Garman an 5 Samhain 2011.

COISTE SEIRBHÍSÍ DO LEANAÍ AN LONGFOIRT/NA HIARMHÍ

Bhunaigh Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OMCYA) an Coiste Seirbhísí do Leanaí (CSC) in 2007 agus é mar aidhm aige torthaí a fheabhsú do leanaí agus teaghlaigh ag leibhéal áitiúil agus pobail. Déanann CSCanna é seo trí chomhoibriú idirghníomhaireachta, comhphleanáil agus comhordú seirbhísí. Bunaíodh CSC an Longfoirt/na hIarmhí le dul i ngleic le folláine agus seirbhísí leanaí trí struchtúr idirghníomhaireachta comhordaithe thar dhá chontae. Le linn 2011, reáchtáladh roinnt cruinnithe chun faisnéis a shaincagadh, chun Plean Leanaí agus Daoine Óga 2011-2013 a chomhaontú agus a chur i gcrích.

COISTÍ COMHPHÓILÍNEACHTA

Bunaíodh Coistí Comhphóilíneachta (JPCanna) i gcomhar leis an nGarda Síochána i dtrí Údarás Áitiúil sa Longfort de réir na dtreoirilínte a eisíodh i Meán Fómhair 2008. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun na trí choiste a chomhordú. Le linn 2011, reáchtáil JPC Ghránard 5 chruinniú, an 11 Eanáir, an 12 Aibreán, an 12 Iúil, an 11 Deireadh Fómhair agus an 8 Samhain. Reáchtáil JPC Bhaile an Longfoirt dhá chruinniú an 9 Márta agus an 28 Deireadh Fómhair agus reáchtáil JPC Chomhairle Contae an Longfoirt dhá chruinniú an 11 Márta agus an 11 Samhain.

COISTE DHÚN UÍ CHONGHAILE

Bhunaigh Údarás Áitiúla an Longfoirt fochoiste mar fhreagra ar dhúnadh Dhún Uí Chonghaile ag an Roinn Cosanta. Tá Méaraí agus ionadaithe Chomhairle Baile agus Comhairle Contae an Longfoirt, Príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais an Longfoirt agus Ceannfort Ghardaí an Longfoirt ar an gcomh-fochoiste. In 2010, rinneadh Staidéar Féidearthachta ar an suíomh chun na húsáidí is cuí a shainaithint don iarbheairic mhíleata chun tairbhe an phobail. Lorgaíodh aighneachtaí scríofa ó pháirtithe agus ó ghrúpaí leasmhara mar chuid den phróiseas comhairliúcháin. Bhuaibh toscaireacht d'ionadaithe ó Chomhairlí Baile agus Contae an Longfoirt leis an Aire Dlí agus Cirt, Alan Shatter agus fuair siad tacaíocht an Aire chun an iarbheairic a cheannach.

SCÉIM UM ALÁRAIM DHEATAIGH PHOBAIL 2011

Fuair an Roinn Pobail agus Fiontair maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun "Aláraim Dheataigh Tí" a chur ar fáil do thithe príobháideacha. Is tionscnamh uathúil atá anseo atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha nach bhfuil córais aláraim dheataigh acu. Díreoidh an scéim go háirithe ar dhaoine scothaosta, daoine atá faoi mhíchumas, daoine atá ina gcónaí leo féin, daoine atá ina gcónaí ar leithlis, daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus ar theaghlaigh nach raibh córas Aláraim Dheataigh acu cheana féin. Tá na haláraim dheataigh á suiteáil ag an Scéim Shóisialta Tuaithe a bhaineann le Longford Community Resources Ltd.

OIFIG EALAÍON AN LONGFOIRT

Seo a leanas liosta tionscadal a críochnaíodh nó ar críochnaíodh a bhformhór in 2011.

Ceol

Scaoileadh go leor fuinnimh i dtaca le ceol agus oideachas ceoil i gContae an Longfoirt mar gheall ar an bhfógairt a rinneadh go bhfuarthas maoiniú ó Glúin an Cheoil chun Scoileanna Ceoil a bhunú ar fud na tíre in 2010.

Tá Oifig Ealaíon an Chontae ag iarraidh an fuinneamh cruthaitheach sin agus tiomantas an phobail i leith forbairt an cheoil sa chontae a spreagadh agus a chothabháil, agus chun é seo a bhaint amach táimid ag tabhairt faoi roinnt sruthanna forbartha comhreathacha.

Glúin an Cheoil

Comhpháirtíocht Oideachas Ceoil an Longfoirt. Rinne an Chomhpháirtíocht iad féin a bhunú le Coiste Gairmoideachais an Longfoirt mar phríomh-chomhpháirtí agus rinne siad Scoil Cheoil an Longfoirt a bhunú ina dhiaidh sin. Thug an Oifig Ealaíon Contae faoin taighde, agus rinne siad an chéad iarratas faoi na treoirlínte um glúin an cheoil a dhréachtú le haghaidh cistiú do Scoil Cheoil an Longfoirt.

1. Scoil Cheoil Windsong

Thug siad tacaíocht do bhunú agus do chomhdhlúthú Scoil Cheoil Windsong trí thaibhithe a chlárú agus trí fhógraíocht agus cur chun cinn a eagrú.

2. Thug siad tacaíocht do Chór Contae an Longfoirt

Lean siad le tacaíocht a chur ar fáil do Chór Contae an Longfoirt.

3. Club an tSathairn

Scoil cheoil iluirlise den scoth is ea Club an tSathairn atá á reáchtáil ag Pauline Flood in The Green i Meathas Troim gach Satharn. Thug an Oifig Ealaíon Contae tacaíocht airgeadais don tionscnamh iontach seo in 2011.

4. Scoil Cheoil Ráth Mhuire, Gránard

Seo scoil cheoil thraidisiúnta a bunaíodh le déanaí agus is cúis áthais don Oifig Ealaíon gur thacaigh siad leo i gcaitheamh 2011. Táimid ag tnúth leis an tionscnamh seo a chomhdhlúthú agus le cabhrú leis dul i mbun fáis agus le hoideachas a chur ar go leor ceoltóirí traidisiúnta atá ag teacht chun cinn sa Longfort Thuaidh in 2012.

Litríocht/Scríbhneoireacht Chruthaitheach

Ltá sa Longfort, in aghaidh gach duine sa daonra, an líon is airde de scríbhneoirí cruthaitheacha in Éirinn. Bhí forbairt na scríbhneoireachta cruthaithe ina hardtosáíocht de shíor don Oifig Ealaíon Contae ar an ábhar sin. D'éascair líon tionscadail agus cláir an-rathúla as seo i gcaitheamh na mblianta.

Faoi láthair, is ann do chúig ghrúpa ghníomhacha scríbhneoirí sa Longfort. Cuirtear seo i gcomparáid le grúpa amháin gníomhach scríbhneoirí idir an Cabhán agus an Mhí le céile. Tá sa Longfort Buanscríbhneoir as ar eascair an chéad díolaim de scríbhneoireacht chruthaitheach "Heartland" agus ba seo an chéad uair shuntasach sa tír a foilsíodh an díolaim i leabhar agus i bhformáid dhigiteach ilmheán. Foilsíodh an

dara díolaim ina dhiaidh sin “Loose Leaves”. Bhíomar i measc na gcéad chontaetha in Éirinn le húrscéal comhoibritheach a chur i dtoll a chéile “Goldsmith’s Ghost” agus bhíomar ar an gcéad chontae le húrscéal comhoibritheach do leanaí a chur i dtoll a chéile – “All Because of a Toothbrush”. Bhíomar ar an gcéad chontae in Éirinn le beartas tiomanta um scríbhneoireacht chruthaitheach leanaí a chruthú den teideal ‘From Beatrix to Harry’ ach ba i limistéar úsáid na teicneolaíochta ilmheán digití i bhforbairt ealaíona liteartha a bhí an rath ba mhó ar Chontae an Longfoirt agus tá an Longfort chun cinn ar an gcuid eile den tír ina leith seo.

Ba iad Comhairle Contae an Longfoirt an chéad Chomhairle Contae in Éirinn le hacmhainn ghréasán-bhunaithe a fhorbairt d’fhorbairt na n-ealaíon liteartha. Ba é an láithreán gréasáin www.virtualwriter.net an chéad láithreán gréasáin um fhorbairt liteartha in Éirinn. Ba é cuspóir an láithreáin scríbhneoireacht sa Longfort a chur chun cinn trí spás taispeána a thabhairt do scríbhneoirí an Longfoirt chun a saothair a thaispeáint don domhan fairsing agus sholáthair gné oibríoch an láithreáin na ceardlanna ilmheán agus treoir maidir le gnéithe teicniúla na scríbhneoireachta. Mar aon le heagrán closamhairc de “Heartland” a chur i dtoll a chéile, chuir an Oifig Ealaíon DVD i dtoll a chéile de na ranganna teagaisc um scríbhneoireacht chruthaitheach a thug an file de bhunadh an Longfoirt, Noel Monahan agus an t-úrscéalaí ó Laois, Pat Boran, ar líne ar ár láithreán gréasáin, dar teideal ‘*The Awakened Life*’.

1. **Forbairt an Láithreáin Ghréasáin.**

Lean an Oifig Ealaíon le www.virtualwriter.net a fhorbairt mar acmhainn cheannródaíoch d’fhorbairt na litríochta sa Longfort.

2. **Imeachtaí um Chur Chun Cinn**

D’eagraíomar agus thacaíomar le himeachtaí poiblí d’fhonn rath na scríbhneoireachta cruthaithí sa Longfort a cheiliúradh, ar nós sheoladh úrscéal Belinda McKeon “Solus” ag Amharclann an Backstage.

3. **Léamh/Ceardlann**

Thacaíomar le clár gníomhach d’imeachtaí liteartha ar fud an chontae agus go háirithe i gcomhar le coistí féile.

4. **Grúpaí Scríbhneoirí**

Thugamar pé cúnaimh a theastaigh dár gcúig ghrúpa scríbhneoirí, go háirithe do Ghrúpa Scríbhneoirí Bhaile an Mhatháin, Grúpa Scríbhneoirí Bhéal Átha Liag agus Grúpa Scríbhneoirí Ghránard.

5. **Sparántachtaí**

Sholáthair an Oifig Ealaíon Sparántachtaí um Scríbhneoireacht Chruthaitheach do Scoil Scríbhneoireachta an Daingin.

Na hAmharcealaíona

1. **Láithreán Gréasáin Ghrianghrafadóireachta**

Rinneadh an láithreán gréasáin ghrianghrafadóireachta a athstruchtú: www.midlandcollegeofphotography.ie, gníomh a chur ar ár gcumas againn úsáid níos mó a bhaint as uirlisí closamhairc le lámh chunta a thabhairt i bhforbairt cruthaitheachta agus theicniúil grianghrafadóirí áitiúla.

Áis a chur ar fáil chun aschur na ndaltaí a thaispeáint a ghlac páirt i gClár Grianghrafadóireachta Scoileanna an Longfoirt.

Ardán a chur ar fáil do thaispeáint obair ghrianghrafadóirí áitiúla agus pointe faisnéise a chur ar fáil do chlubanna áitiúla ceamara.

Féadfar féachaint ar thorthaí na n-iarrachtaí seo ag an seoladh thuas.

2. **Bunaíodh Clár Grianghrafadóireachta Scoileanna an Longfoirt**
D'fhonn feacht amhairc, scileanna criticiúla agus cumas teicniúil dhaltaí meánscoile an Longfoirt a fhorbairt. Déanfar dul chun cinn an chláir seo a thaispeáint ag an seoladh thuas ar fud 2011.
3. **Cúrsaí Grianghrafadóireachta**
Rinneadh réimse fairsing de chúrsaí grianghrafadóireachta agus cúrsaí a bhain leis an ngrianghrafadóireacht tríd an gColáiste Grianghrafadóireachta Lár Tíre i gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Oideachas Aosach Choiste Gairmoideachais an Longfoirt a chur ar bun do dhaltai ón Longfort, Iarmhí, an Cabhán, Liatroim agus Ros Comáin.
4. **Grúpaí Ealaíne**
Tacaíodh le ceardlanna do Ghrúpaí Ealaíne éagsúla sa Longfort trí theacht ar éascaitheoirí, tacaíocht airgeadais a chur ar fáil agus trí lámh chúnata a thabhairt maidir le fógraíocht agus le cur chun cinn. Cabhraíodh le dhá thaispeántas ealaíne mhórsála áitiúla a chur ar bun i gcomhar le dhá fhéile áitiúla in Iúil agus i Meán Fómhair.
5. **Suirbhé ar Shocrúchán Ealaíne Bhaile an Longfoirt**
Choimisiúnaigh an Oifig Ealaíne Contae beirt dealbhóirí agus acadóirí taithíocha chun tabhairt faoi suirbhé mionsonraithe ar Bhaile an Longfoirt ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh ar na láithreacha is oiriúnaí chun píosaí ealaíne poiblí a shuíomh agus chun moltaí a chur ar fáil faoi cén saghas gné ealaíne ab oiriúnaí do na láithreacha sonracha. Bhí dhá chuspóir shonracha ag an suirbhé, a tugadh chun críche ag deireadh mhí Eanáir; chun moltaí agus faisnéis áisiúil a sholáthar don Choiste Coimisiúnaithe agus lena chinntiú go gcuireann an ealaín a choimisiúnófar faoinár gclár reatha barr feabhais ar ghnéithe amhairc an bhaile mar aon le tacú a mhéid agus is féidir le hiarrachtaí Choiste Bailte Slachtmhara an Longfoirt.

Drámaíocht

1. Tacaíodh leis an léiriúchán 'Nomad' i gcomhpháirtíocht le hAmharclann an Backstage.
2. Tacaíodh le Grúpa Drámaíochta na nÓg de chuid Amharclann an Backstage.
3. Bunaíodh grúpa nua drámaíochta amaitéaraí, The Latin Scholl Players sa Longfort thuaidh.
4. Tacaíodh le Tionscadal Stiúideo na Canálach "Philadelphia Here I Come" i gcomhpháirtíocht le hAmharclann an Backstage.

Tionscadail Chomhoibritheacha Oifigigh Ealaíon Lár Tíre

1. **An tIrisleabhar 'Midlands Arts & Culture'**
Ó cuireadh an tIrisleabhar ar an bhfód, bhí an rath ar an tionscnamh seo ar roinnt leibhéal; sholáthair sé ardán iontach ar ar féidir an méid gníomhaíocht chruthaitheach atá sa réigiún Lár Tíre a thaispeáint agus chuir sé bealach áisiúil ar fáil chun faisnéis a chur in iúl d'ealaíontóirí agus don lucht ceardaíochta.

2. Máistir-Ranganna um Fhorbairt Ghairmiúil

Tá máistir-ranganna gairmiúla i measc na mbealaí is éifeachtaí d'Oifig Ealaíon chun tacaíocht forbartha gairmiúla a chur ar fáil d'ealaíontóirí ag a bhfuil a ngairmeacha beatha á bhforbairt. Tá aiseolas an-dearfach faighte ag ár máistir-ranganna comhoibritheacha óna dtionscnamh i leith. Bhí glacadh céad faoin gcéad i gceist sa Longfort do na máistir-ranganna grianghrafadóireachta a bhí ar siúl i Meán Fómhair.

SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

Thit go leor athruithe amach le bliain anuas i limistéar na sláinte agus na sábháilteachta do na hÚdarás Áitiúla. Lean an Grúpa Teicniúil um Shláinte agus Sábháilteachta, a cheap an Cumann Bainisteoirí Contae agus Cathrach, le tiomáint a chur faoin gClár Mór-Athraithe d'fhonn uirlisí bainistíochta feidhmíochta agus tacaíochta córas bainistíochta a chur ar fáil, ag a mbeidh tionchar ar gach fostaí agus gach gníomhaíocht oibre laistigh den Údarás Áitiúil.

Dúshlán atá i gceist le sábháilteacht san ionad oibre a bhaint amach i ngnólacht atá chomh fairsinge le hÚdarás Áitiúla an Longfoirt; ní féidir sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú ach amháin trí thiomantas gach duine. Tá Údarás Áitiúla an Longfoirt tiomanta d'ionad oibre atá sláintiúil agus sábháilte a chur ar fáil trí fheabhsú leanúnach agus trí shláinte agus sábháilteacht a chur san áireamh mar chuid lárnach dá ngnó.

INIÚCHADH RIALÁLA

Ar an iomlán, rinneadh trí chomhfhreagras a bhainistiú leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta in 2011.

Níor eisigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta aon fhógraí dianchoisc nó feabhais i gcaitheamh 2011. Is léiriú dearfach é seo ar an mbealach a bhainistítear sláinte agus sábháilteacht laistigh den eagraíocht.

ACHOIMRE AR THUARASCÁLACHA TAISME/TEAGMHAS LE HAGHAIDH 2011

Rinneadh tríocha a ceathair taisme agus teagmhas a thuairisciú le linn 2011. Bhí dhá cheann de na taismí intuairscithe don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (cailleadh breis agus trí lá oibre). Cailleadh aon chéad agus fiche a hocht lá ar an iomlán mar thoradh ar thaismí ag an obair. Le linn 2010, rinneadh cúig thaisme/theagmhas déag a thuairisciú agus bhí trí cinn intuairscithe don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Bhí an méadú 50% ar thuarascálacha mar thoradh go príomha ar an méadú ar an leibhéal foréigin agus ionsaitheachta a díriodh ar fhostaithe, agus d'fhéadfadh seo bheith ina léiriú ar an timpeallacht reatha gheilleagrach. Níor cheart a mheas gur staitistic dhiúltach atá sa mhéadú ar thuarascálacha de bharr go léiríonn sí freisin an fheasacht mhéadaithe ar shláinte agus sábháilteacht agus an gá leis an uile thaisme/theagmhas a thuairisciú a tharlaíonn. Thuairiscigh an Stiúrthóireacht Bhoneagair 82% de na taismí/teagmhais. Staitistic intuigthe í seo, mar gheall go dtarlaíonn go leor de na gníomhaíochtaí ardriosca amach laistigh de na rannóga bóithre agus seirbhísí uisce.

Gné thábhachtach den chóras bainistíochta sábháilteachta is ea tuairisciú taismí agus teagmhas agus úsáidtear é mar uirlis chun limistéir a shainaithint lena bhfeabhsú leanúnach.

RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA/MEASÚNUITHE RIOSCA

Mar chuid d'athstruchtúrú na Measúnuithe Sábháilteachta agus Riosca le haghaidh Údaráis Áitiúla an Longfoirt, rinneadh athbhreithniú ar an uile mheasúnú reatha riosca agus tugadh measúnuithe nua riosca chun críche do ghníomhaíochtaí faoinar tugadh thar an uile rannóg laistigh den eagraíocht le forbairt Lámhleabhair um Measúnú Riosca. Leanfar le forbairt a dhéanamh ar an Lámhleabhar um Measúnú Riosca le linn 2012. Forbraíodh an Lámhleabhar um Measúnú Riosca i bpáirtíocht leis na contaetha lár tíre agus i gcomhairle le fostaithe Údaráis Áitiúla an Longfoirt. Cuirfear Ráiteas Sábháilteachta amháin don údarás in 2012 in ionad na Ráiteas Sábháilteachta atá ann faoi láthair.

INIÚCHTAÍ SUÍMH

Ar an iomlán, thug an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta faoi ochtó a dó iniúchadh sábháilteachta ag suíomhanna buana agus soghluaiste araon. Áiríodh leis na hiniúchtaí seo athbhreithniú ar choinníollacha ginearálta an tsuímh, cleachtas oibre agus cáipéisíocht chomhghaolmhar sábháilteachta. Tugadh faoi thríocha a ceathair iniúchadh breise tríd an gclár iniúchta sábháilteachta laistigh de na leabharlanna agus de na príomhfhoirgnimh oifige. Thug an Rannóg Bonneagair faoi cheithre iniúchadh déag sábháilteachta. Úsáidfear cruinnithe an Choiste Chomhairligh um Monatóireacht Sábháilteachta mar mheicníocht chun comhlíonadh a rianú leis an gClár Bliantúil Iniúchtaí le haghaidh 2012.

OILIÚINT UM SHLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Príomhghné de chultúr dearfach sábháilteachta is ea oiliúint agus chun nósanna maithe imeachta sábháilteachta a fhorbairt agus obair ar siúl. Bhí seasca a dó cúrsa oiliúna sláinte agus sábháilteachta ar siúl i gcaitheamh 2011, a chuir 432 daonlái oiliúna ar fáil. I measc na gcúrsaí oiliúna a bhí ar siúl, bhí oiliúint i mBainistiú Sábháilte sa Tógáil (IOSH), Maoirsiú Sábháilte sa Tógáil (IOSH), Oiliúint Athnuachana Garchabhrach, CPC Tiománaí, Láimhsíú Sábháilte Clóirín, Sábh Slabhrach, Uath-Dhífhibrileoir Seachtrach, Crochántóir/Comharthóir, Rollóir, Comharthaíocht, Soilsíú agus Gardáil, Spás Teoranta. Thug na Teagascóirí inmheánacha Láimhsithe Shábháilte oiliúint ar Láimhsíú Sábháilte chun críche i gcaitheamh na bliana. Tugadh Oiliúint ar Shábháilteacht Phearsanta chun críche agus ghlac seasca duine páirt inti mar thoradh ar mhéadú ar líon na dtaismí a tuairiscíodh maidir le foréigean agus le hionsaitheacht.

CUMARSÁID AGUS COMHAIRLIÚCHÁN

Bhí Cruinnithe an Choiste Chomhairligh um Monatóireacht Sábháilteachta ar bun i ngach Stiúirthóireacht ar bhonn ráithiúil; ligeann an fóram seo plé a dhéanamh ar shaincheisteanna sonracha sábháilteachta le gach Stiúirthóireacht. Seo fóram fiúntach le dul i ngleic le saincheisteanna áitiúla agus le deis a thabhairt d'ionadaithe sábháilteachta saincheisteanna sábháilteachta a thabhairt chun solais ar son a gcomhghleacaithe oibre. Bhí Cruinnithe den Fhoireann Bhainistíocht Sábháilteachta ar bun ceithre huaire le linn na bliana le dul i ngleic le saincheisteanna a tugadh chun solais ag Cruinnithe an Choiste Chomhairligh um Monatóireacht Sábháilteachta agus cuireadh tuarascálacha agus nuashonruithe míosúla sábháilteachta ar fáil don Fhoireann Bhainistíochta. Ina theannta sin, bhí seisiúin chumarsáide agus gearrchomhráite roimh obair ar siúl laistigh den Rannóg Bonneagair ag an Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta agus ag na Bainisteoirí Líne. Úsáidtear an tInlíon mar uirlis chumarsáide agus leanfar lena fhairsingiú in 2012 ar mhaithe le Faisnéis faoi Shláinte agus Sábháilteacht a chur ar fáil.

CONRAITHEOIRÍ

Tugadh faoi chéad tríocha a naoi measúnú conraitheora i gcaitheamh 2011 i gcomhréir leis na Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag Obair (Tógáil), 2006. I láthair na huaire, tugadh faoi dhá chéad daichead a seacht measúnú conraitheora le haghaidh oibreacha ag Údarás Áitiúla an Longfoirt. Tá fáil ar thaifid na measúnuithe conraitheora ar an Idirlíon.

Le linn mhí an Aibreáin, chuir Údarás Áitiúla an Longfoirt, i bpáirtíocht leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta seimineár ar bun ar an bPacáiste Bainistíocht Sábháilteachta do 20 fostaí nó níos lú. Ba é cuspóir na ceardlainne treoir agus cúnamh a thabhairt do na conraitheoirí sin agus córas éifeachtach sábháilteachta á bhunú agus á choimeád acu trí Phacáiste Bainistíocht Sábháilteachta a úsáid. Bhí fáil ag tríocha a sé cuideachta ar sholáthar an tseimineáir

FORBAIRTÍ NÁISIÚNTA SA tSLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

Mar chuid de chur chuige náisiúnta le córas sármhaitheasa a fhorbairt maidir le sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú san uile údarás áitiúil, theastaigh roinnt ionchur ó Údarás Áitiúla an Longfoirt:

1. D'fhorbair an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta Beartas Sláinte agus Sábháilteachta mar aon lena nós imeachta um chur i bhfeidhm.
2. Rinneadh 64 Beartas agus nós imeachta Náisiúnta a leithdháileadh thar gach rannóg den eagraíocht d'fhonn go mbeidís ina ábhar comhairliúcháin.
3. Ghlac Údarás Áitiúla an Longfoirt páirt i bhforbairt na sraithe straitéisí um Iniúchtaí Sábháilteachta tríd an tsraith straitéisí a thriail ar bhonn píolótach sa Rannóg Bonneagair agus sa Rannóg Chorparáideach.
4. D'fhreastail an tOifig Sláinte agus Sábháilteachta ar Oiliúint ar Phríomh-Iniúcháir a chuirfidh tús le clár iniúchta sláinte agus sábháilteachta le haghaidh Údarás Áitiúla an Longfoirt.

In 2011, tuairiscíodh 55 bás san ionad oibre ar an iomlán don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta de réir figiúirí a foilsíodh an 4 Eanáir 2012. Léiríonn seo méadú 15% ar na 48 bás san ionad oibre a tuairiscíodh in 2010. I gcaitheamh 2011, maraíodh 22 duine fad a bhí siad ag oibriú leis an Talmhaíocht, i gcomparáid le 25 in 2010. B'ann do 8 mbás sa rannóg Iompair agus Stórála, ar méadú seo ó 3 in 2010. Sa rannóg Foirgníochta b'ann do 6 bhás, an líon céanna a tuairiscíodh in 2010. Is ionann seo agus breis agus bás amháin in aghaidh na seachtaine ag an obair. Le linn na haimsire seo atá dúshlánach i dtaobh cúrsaí geilleagracha, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go leantar le tosaíocht a dhéanamh den tsláinte agus sábháilteacht. Tá Údarás Áitiúla an Longfoirt tiomanta go hiomlán go fóill do shláinte agus sábháilteacht a bhainistiú agus leanfaidh siad leis an gCóras Bainistíochta Sábháilteachta a fhorbairt agus áit shábháilte oibre a chinntiú dá bhfostaithe uile agus do mhuintir an phobail in 2012.

Ag leanúint ón tuarascáil bhliantúil seo, cuirfear Clár Oibreacha na Sláinte agus Sábháilteachta i dtoll a chéile do 2012 lena phlé ag Cruinniú na Foirne Bainistíochta Sábháilteachta i Márta 2012.

Beidh aird ag Clár Oibreacha 2012 ar an Tuarascáil Bhliantúil seo, na Dréachtbheartais agus na Dréachtnósanna Imeachta Náisiúnta, Clár Oibreacha na Sláinte agus Sábháilteachta le haghaidh 2011, forbairt Córas Bainistíochta Sábháilteachta agus clár Iniúchta le haghaidh chreidiúnú OHSAS 18001ag Ionad Cóireála Uisce Sméire.

COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT AN LONGFOIRT

BORD CHOMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT AN LONGFOIRT

Bhí ionadaithe ó eagraíochtaí reachtúla, deonacha agus spóirt ar Bhord Chomhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt (2011):

EARNÁIL	MEMBERS
Comhairle Contae an Longfoirt	An Comh. Michael Carrigy, Cathaoirleach.
Comhairle Contae an Longfoirt	An Comh. Brendan Gilmore
Comhairle Contae an Longfoirt	An Comh. John Duffy.
Comhairle Contae an Longfoirt	Frank Sheridan, Stiúrthóir Seirbhísí
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	Clodagh Armitage
Longford Community Resources Ltd.	Seán Hannon
An Coiste Gairmoideachais	Pádraig Slowey
An Bord Forbartha Contae	Ursula Hussey
Seirbhísí Óige Chontae an Longfoirt	Mark Noble
Ionad Fóillíochta an Longfoirt	Mary Killane
St. Christopher's Services Ltd.	Oonagh Flynn
An Fóram Pobail agus Deonach	Sheila Shiels,
Ionadaithe Spóirt	Fabien Walsh,
Ionadaithe Spóirt	Eileen Farrell,
Ionadaithe Spóirt	Peter O'Reilly,
Ionadaithe Spóirt	Sean Dempsey
RAPID	Rose Kane
RAPID	Frank Horne

CROÍCHLÁIR

Fuair cúig bhunscoil déag i gContae an Longfoirt oiliúint **Chineálach Buntús** agus bhain thart ar 23 múinteoir agus 379 dalta tairbhe as an gclár. Cuireann an clár oiliúint ar mhúinteoirí, mála trealaimh agus cártaí acmhainní ar fáil agus tá siad seo go léir saor in aisce do na scoileanna

Bhí trí cheardlann **Cód Eitice agus Dea-Chleachtas do Spóirt Leanaí** (Cosaint Leanaí) ar siúl i gcaitheamh na bliana. Bhain breis agus 47 oibrí deonach agus cóitseálaí deimhniúchán amach ag an gComhairle Spóirt i ndiaidh na hoiliúna agus rinneadh ionadaíocht do bhreis agus 11 spórt. Leanfaidh cúrsaí ar bun ar bhonn rialta.

Chabhraigh **Scéim Deontais na gClubanna Spóirt 2011** arna riar ag LSP le ceithre chlub déag sa chontae. I measc na dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh bhí forbairt club shóisearaigh, oideachas agus oiliúint ar chóitseálaithe agus tionscadal cóitseálaithe a mhéadaigh an úsáid a bhain an pobal as áiseanna. D'fhreastail clubanna rathúla ar thráthnóna féile in Aibreán, ócáid inar bhain an t-aoidhaintear Gerry Duffy ionadh den tslua le scéalta faoina n-éachtaí Deaca-Fhear Iarainn.

SPRIOC-CHLÁIR

Bhí **Girls On The Move**, clár a dhíríonn ar chailíní neamhghníomhach déagóra ar siúl i gcúig mheánscoil sa chontae. Ba iad seo Gairmscoil Bhaile an Mhatháin, Pobalscoil na Maighne agus Ardscoil Phádraig, Gránard, Meánscoil Mhuire, an Longfort.

Mar chuid dár gclár **Pobail i mbun Gnímh**, reáchtáladh tionscnamh Gaeilic4Girls i mBaile an Mhatháin agus i mBéal Átha Liag(an Longfort)/Béal Áth Liag (Ros Comáin) agus ghlac thar ar 60 rannpháirtí páirt ann. Bhí seo ar bun i bpáirtíocht le CLG na mBan agus lean clubanna áitiúla le tacú leis na himreoirí óga seo.



Girls On The Move

Mí rothaíochta a bhí sa Mheitheamh agus bhí **Seachtain na Rothar** náisiúnta ar siúl. Thacaigh LSP leis an tionscnamh náisiúnta seo trí líon imeachtaí agus tionscadal. Ina measc seo bhí Lá na Rothaíochta chuig an Scoil, Lá na Rothaíochta chuig an Obair agus Sábháilteacht ar do Rothar a bhí ar siúl i scoileanna i bpáirtíocht le Comhairle Contae an Longfoirt agus leis an RSA



Seachtain na Rothar

Tá **Tionscnamh Marcanna sa Chlós Súgartha** á éascú ag Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt i bpáirtíocht le FSS. Tá sé seo á thabhairt isteach i mbunscoileanna sa Longfort. Ba í Scoil Náisiúnta Scoil Samhthann an chéad scoil sa tír le fáil a bheith acu ar an scéim.

Tá Pacáistí Stionsail (stionsail agus leabhrán cluichí) a chuireann ar chumas scoileanna marcanna sa chlós súgartha á dtairiscint SAOR IN AISCE do bhunscoileanna sa Longfort le gníomhaíocht fheabhsaithe fhisiciúil a spreagadh i measc ógánach trí Shúgradh i suíomh na scoile.



Tionscnamh Marcanna sa Chlós Súgartha

Thacaigh LSP le **Seachtain na hÁineasa** agus le **Lá an tSúgartha** agus chuir siad le himeachtaí éagsúla, lena n-áirítear blitzchomórtas sacair, lá idirchultúrtha teaghlaigh, comórtas chogadh na mbannaí, múrmhaisiú agus lá eachtraíochta allamuigh le haghaidh ógánach. Rinneadh seo i bpáirtíocht le gníomhaireachtaí áitiúla óige.

Bhí **Turas Rothaíochta an Longfoirt ar siúl** ar Dhomhnach fliuch i Meán Fómhair, agus bhain thart ar 150 rannpháirtí súp as an rogha dhá bhealaigh thart ar an Longfort Thuaidh 15km, 50km. Reáchtáladh an turas i gcomhpháirtíocht le Club Bóithre an Mheán-Iarthair ('Mid West Road Club') agus tá pleananna á socrú le haghaidh turas eile i samhradh 2012.

Ghlac breis agus 30 rannpháirtí páirt sa tSiúlóid de chuid Operation Transformation an 14 Eanáir agus ghlac sa bhreis ar 100 duine páirt i bhFéile Shiúil an Longfoirt i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair.

CUMARSÁID

Tá anois ag LSP leathanach Facebook sa bhreis ar a láithreán gréasáin ar ar tugadh 3,395 cuairt i gcaitheamh 2011. Is é ár leathanach Facebook www.facebook.com/longfordsportspartnership Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann sa limistéar seo le linn na bliana

LEABHARLANN CONTAE, CARLAINNA AGUS SEIRBHÍS OIHDREACTHA AN LONGFOIRT

LEABHARLANN CONTAE AN LONGFOIRT

Is í ár bhfís bheith mar sheirbhís sholúbtha, fhreagrach, chuimsitheach phoiblí a chabhraíonn le saol daoine agus pobail a shaibhriú agus a fheabhsú trí réimse fairsing de sheirbhísí ardchaighdeán leabharlainne agus faisnéise a sholáthar agus a chur chun cinn.

2011 – BLIAIN INA nDEARNADH DUL CHUN CINN

Ba bhliain ghnóthach 2011 don tseirbhís leabharlainne i gContae an Longfoirt. Tháinig borradh 32.9% ar líon na ballraíochta i mbliana agus tugadh breis agus 184,459 cuairt ar leabharlann ar fud Chontae an Longfoirt, a léiríonn méadú 33,368 ar 2010. Is é seo an méadú is airde ar bhallraíocht agus ar úsáid a cuireadh i dtaifead riamh in aon bhliain amháin sa Longfort.

OSCAILT LEABHARLANN NUA-ATHCHÓIRITHE POBAIL BHAILE UÍ MHATHÁIN

Ba mhórghné a chuir leis an mborradh ar úsáid ár leabharlann oscailt Leabharlann nua-athchóirithe Pobail Bhaile an Mhatháin lena raibh súil mhór. D'oscail Méara Chontae an Longfoirt, an Comh. Paul Connell agus an Teachta Dála Peter Kelly, T.D. an leabharlann go hoifigiúil an 18 Feabhra 2011. Laistigh de dheich mí, bhí 1,792 ball nua arna gclárú ag an leabharlann. Ghlac na baill seo breis agus 30,751 leabhar agus earraí eile ar iasacht ón leabharlann. Sa mhullach air sin, bhí borradh ar úsáid le sonrú i measc an uile leabharlainne eile sa chontae, seachas Leabharlann Dhroim Lis, a bhí thíos le hardlíon laethanta inar dúnadh an leabharlann de bharr ganntanas foirne. Cuireadh an leabharlann nua ar ghearrliosta do Dhámhachtain Rogha an Phobail de chuid Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) agus bhain siad ardmholadh amach sa Chaomhnú ón RIAI. I Meitheamh 2011, cuireadh cruinniú míosúil Comhairle Contae an Longfoirt ar siúl i Seomra an Ghabha Bhuí, atá suite ar an gcéad urlár den Leabharlann. Cuireadh imeachtaí iomadúla eile i mBaile an Mhatháin ar siúl sa leabharlann le linn na bliana. I measc na mbuaicphointí bhí an Lá tionscnaimh Oidhreachta agus Mhargaidh a bhí ar siúl an 24 Lúnasa sa bhaile a eagraíodh i gcomhpháirtíocht le Comhlachas Miondíoltóirí Bhaile an Mhatháin d'fhonn Seachtain na hOidhreachta a cheiliúradh.



Leabharlann nua-athchóirithe Pobail Bhaile an Mhatháin á hoscailt go hoifigiúil ag an Teachta Dála Peter Kelly, T.D. agus an Comh. Paul Connell, Méara Chontae an Longfoirt

TIONSCADAIL CHAIPITIÚLA

Tar éis gur éirigh linn tionscadal Leabharlann Bhaile an Mhatháin a thabhairt chun críche, tá céadtosáíocht á déanamh d’athchóiriú agus de shíneadh a chur le Leabharlann Ghránard agus táthar ag dul sa tóir go gníomhach ar iarratas ar dheontas le haghaidh cistiú faoi chlár Caipitil na Leabharlann ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ina theannta sin, tá tionscadal féideartha á fhiosrú, le Comharchumann Mheathas Troim mar réiteach ar áis nua-aimseartha leabharlainne a chur ar fáil don phobal i Meathas Troim

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ LEABHARLAINNE: “ÁR LEABHARLANN – SPÁS A CHUIREANN FÁILTE ROIMH CHÁCH”

Leanann an leabharlann le príomhchomhpháirtíochtaí a chruthú le soláthróirí eile seirbhísí reachtúla agus pobail. I measc na ngníomhaireachtaí ar oibríomar leo le bliain anuas tá: Coiste Gairmoideachais an Longfoirt, Longford Community Resources Ltd., Women’s Link an Longfoirt, Bunscoileanna agus Meánscoileanna Chontae an Longfoirt, Lónra Daoine Breacaosta an Longfoirt, Cumann Meabharshláinte an Longfoirt, Lónra Imeastha an Longfoirt, ICA an Longfoirt, Naomh Criostóir, Seirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh an Longfoirt, Áras na Scríbhneoirí, Éigse Éireann, Ionad Acmhainní Ghránard, Comhlachas Miondóltóirí Bhaile an Mhatháin agus FÁS. Tá mol pobail cruthaithe againn a chuireann faisnéis ar fáil agus a chuireann réimse fairsing seirbhísí chun cinn. Cuirimid spás ar fáil inar féidir le Máithreacha ón bPolainn agus Grúpa Páistí Beaga, Cúram Leanaí Chontae an Longfoirt, grúpaí Scríbhneoirí agus Léitheoirí, Cumann Garraíodóireachta an Longfoirt, Comhaontas Comhshaoil an Longfoirt, Triple-P FSS, ‘East Meets West’, Headway Éireann (Gortú Inchinne), agus Cumann Múinteoirí Meánscoile ar Scor an Longfoirt, i measc grúpaí eile, casadh lena chéile.

IMEACHTAÍ FOR-ROCHTANA

Bhí clár leanúnach imeachtaí ar bun a thacaigh le forbairt léitheoirí, lithearthacht agus foghlaim agus a cuireadh ar bun den chéad uair do dhaoine fásta agus do leanaí araon le linn na bliana. Bhí an iomaí taispeántas ar bun i gcomhpháirtíocht le líon gníomhaireachtaí, lena n-áirítear Café Attic Youth, Coláiste Naomh Mel, Cumann Tráchtála an Longfoirt, Grúpa Fónais na Canálach Ríoga, an ICA, grúpaí ealaíne áitiúla etc. Bhí ranganna Gaeilge, Fraincise agus Spáinnise ar bun i leabharlanna sa Longfort, i mBóthar Bhéal Átha Liag agus i mBaile an Mhatháin.



Claire Keegan ag léamh óna saothair



Seoladh “Foolish Pride” le Anne Skelly



Seoladh “The deMontfort Family from c.1700 – 2010”.



Kieran Furey agus Grúpa Scríbhneoirí Bhóthar Bhéal Átha Liag ag seoladh a ndíolama



Ciarán Mullooley, Comhfhreagraí Lár Tíre RTÉ, ag seoladh dhíolam Ghrúpa Scríbhneoirí Bhóthar Bhéal Átha Liag.

LITRÍOCHT

Thit ranganna scríbhneoireachta cruthaithí amach sa Longfort agus i nGránard. Bhí imeachtaí sa tráthnóna ar bun le scríbhneoirí agus léitheoirí spreagúla i gcomhpháirtíocht le hÁras na Scríbhneoirí i nGránard, i mBaile an Mhatháin agus i mBóthar Bhéal Átha Liag inar ghlac scríbhneoirí clúiteacha Éireannacha páirt, fearacht Dermot Bolger, Nuala Ní Chonchúir, Kevin Power, Clare Keegan agus Peter Sheridan. Ina theannta sin uile, bhí seoltaí leabhair ar siúl sa leabharlann ag údair agus grúpaí scríbhneoirí áitiúla, lena n-áirítear: Kieran Furey, Anne Skelly agus Martin Morris. Sheol Grúpaí Scríbhneoirí Bhóthar Bhéal Átha Liag agus Bhaile an Mhatháin díolamaí dá saothair chomh maith. Seoladh tionscadal comhoibritheach filíochta le haghaidh meánscoileanna a chuireann Scríbhneoirí Lár Tíre chun cinn i gcomhpháirtíocht le hÉigse Éireann agus Leabharlanna Contae Uíbh Fhailí agus na hIarmhí.

BEALTAINE

Tá an fhéile bhliantúil a dhéanann cruthaitheacht i measc daoine breacaosta a cheiliúradh anois ar cheann de na himeachtaí is mó éileamh sa bhliain do na grúpaí 'Active Age' sa chontae seo. Chomhordaigh an leabharlann, i gcomhpháirtíocht leis na grúpaí 'Active Age', an Coiste Gairmoideachais agus na Gardaí Pobail clár 2011 agus bhí sé ar cheann de na cláir ba rathúla go nuige seo. Ghlac breis agus 1,000 duine ó áiteanna ar fud an chontae páirt i réimse leathan imeachtaí idir cuimhní cinn a scríobh, péinteáil agus ceardaíocht, siúlóidí stairiúla, athfhillleadh ar laethanta scoile, drámaíocht, agus Damhsa Tae Tráthnóna agus taibhiú damhsa nua-aimseartha ag Cois Céim in Amharclann an Backstage.

IMEACHTAÍ DO LEANAÍ

- **Márta:** Bhí seanchas, cainteanna agus tráthanna na gceist ar siúl mar chuid de Lá Domhanda na Leabhar agus Seachtain na Gaeilge.



Attendees at the "Caring for Your Pets" Day held in Longford Library

- **Aibreán:** Seisiún ar "Cúram a thabhairt do do Pheataí" leis an Oifigeach Tréidliachta Contae, Michael King agus teacht i láthair speisialta ag Tiny, capaillín den phór Fallabella.

- **Iúil:** Féile Shamhraidh na Leanaí – *Taisceadán Ciste a Dhearadh, Seanachas Foghlai Mara, taispeántais draíochta, agus Bí i do Sheandálaí* mar aon leis an gclár 'Baineann Spraoi le Léamh sa Samhradh' ('Summer Reading is Fun'). Ar an iomlán, d'fhreastail breis agus seacht gcéad leanbh ar imeachtaí samhraidh san uile bhrairse.

- **Deireadh Fómhair:** Féile Leabhar na

Leanaí: Bhí páirt ag Bunscoileanna agus Meánscoileanna i gceardlanna filíochta cruthaithí leis an Dr Fred Freeman; seanchas dátheangach leis an údar Ré Ó Laighléis, a bhain clú idirnáisiúnta amach; ceardlanna scríbhneoireachta cruthaithí leis an údar a d'fhoilsigh saothair le déanaí, Alan Early. Bhí taispeántas seanchas bréagéide Oíche Shamhna ina bhuaicphointe den mhí le Chris Thompson agus d'fhreastail breis agus céad leanbh air.

- **Nollaig:** bhí Dráma faoi Bhreith Íosa agus Seanchas na Nollag ar siúl sa Longfort.

AN TUARASCÁIL TFC

Le linn 2011, lean Leabharlann Contae an Longfoirt le hinfheistíocht a dhéanamh sa TFC d'fhonn bonneagar ardchaighdeán faisnéise agus TFC a fhorbairt. I measc na bhforbairtí ba thábhachtaí díobh seo bhí tabhairt isteach seirbhís ríomhleabhar agus ríomh-chlosleabhar ar féidir iad a íoslódáil. Tá an dealramh air, le blianta beaga anuas, gur teicneolaíocht an-áisiúil agus ar a bhfuil an-éileamh í formáid an ríomhleabhair do go leor daoine ar spéis leo leabhair. Is féidir lenár gcustaiméirí, trínár láithreán gréasáin, www.longfordlibrary.ie, súil a chaitheamh ar réimse ríomhleabhar agus ríomh-chlosleabhar agus iad sheiceáil agus a íoslódáil chuig a ríomhairí pearsanta, a léitheoir ríomhleabhar, iPad nó chuig a nguthán. Cuireann an tseirbhís seo feabhas ar ár seirbhís leabharlainne mar “bhainse fíorúil leabharlainne” de bharr gur féidir teidil a íoslódáil 24/7 laistigh den leabharlann nó den teach. Ina theannta sin, sheol an leabharlann leathanach Facebook agus cuntas Twitter.

ÁISEANNA TFC LEABHARLANN BHAILE AN MHATHÁIN

Athosclaíodh ár Leabharlann nua-athchóirithe i mBaile an Mhatháin i bhFeabhra le seirbhísí agus áiseanna feabhsaithe TFC don phobal áitiúil. Tá fáil ar sheirbhísí tapúla leathanbhanda agus WiFi ar 8 ríomhaire phearsanta “ardsonraíochta” ar a bhfuil rochtain phoiblí ag a bhfuil córas áirithinte ar líne agus bainistíochta priontála. Tá fáil ar réimse iomlán de roghanna Microsoft, lena n-áirítear Word agus Excel, freisin d'úsáid phoiblí. B'ann do mhóréileamh ar ár tseirbhís idirlín agus ar ár ranganna idirlín.

UASGHRÁDÚ CHÓRAS BAINISTÍOCHTA NA LEABHARLAINNE

Rinneadh Córas Bainistíochta na Leabharlainne (LMS) a uasghrádú chuig an eisiúint is déanaí – Horizon 7.5, as ar eascair feabhsúcháin do chustaiméirí agus d'fhoireann na leabharlainne araon. Ina theannta sin, rinneadh Crua-earraí LMS a uasghrádú inár bpríomhleabharlann, Brainse an Longfoirt i rith 2011.

TIONSCNAIMH NÁISIÚNTA

Lean Seirbhís Leabharlainne an Longfoirt le tacú agus le páirt a ghlacadh sa tSeirbhís Iasachtaí Idirleabharlainne go náisiúnta le leabharlanna eile trí láithreán gréasáin ‘Borrow Books’.

RÍOMHFHOGLAIM FÁS AG AN LEABHARLANN

Lean an tionscnamh rathúil seo idir Seirbhís Leabharlann Contae an Longfoirt, an Chomhairle Leabharlann agus FÁS ar aghaidh i rith na bliana, agus ghlac go leor daoine an deis chun leas a bhaint as an teicneolaíocht agus an saineolas atá inár leabharlanna le feabhas a chur ar a scileanna TF. Anuas air sin, cuireadh ranganna bunúsacha idirlín, lena n-áirítear na meáin agus líonrú sóisialta ar siúl i nGránard, Bóthar Bhéal Átha Liag agus i mBaile an Mhatháin i rith na bliana.

SCOR FOIRNE

Bheannaíomar slán i mbliana do Carmel Murtagh, Oifigeach Foirne a chuaigh ar scor i Meán Fómhair. Ba chomhghleacaí ar a raibh ardmheas í a chuir go mór leis an tseirbhís leabharlainne i Rannóg na nAcmhainní Daonna den Cheanncheathrú agus a d'oibrigh seal i Leabharlann nua Bhaile an Mhatháin.

DÚSHLÁIN DON TSEIRBHÍS LEABHARLAINNE

Ar cheann de na príomhdhúshláin a bheidh roimh an tseirbhís leabharlainne sna chéad cúpla bliain amach romhainn tá seirbhísí ardchaighdeán leabharlainne a bhainistiú, a choimeád agus a fhorbairt agus sinn ar an ngannchuid i dtaobh acmhainní airgeadais agus foirne. Ba mhaith a d'fhreagair ár bhfoireann don dúshlán seo trí thosaíocht a dhéanamh de na seirbhísí túslíne agus trí sholúbthacht mhéadaithe sna huaireanta oscailte. Leanfaimid leis an leas iomlán a bhaint as an teicneolaíocht mar mheán an-éifeachtach agus éifeachtúil chun seirbhísí ardchaighdeán leabharlainne a chur ar fáil

TUARASCÁIL STAITISTIÚIL LEABHARLANN CONTAE AN LONGFOIRT

BALLRAÍOCHT/CLÁRÚCHÁIN LE LEABHARLANN CONTAE AN LONGFOIRT 2011

Brainse	Daoine Fásta	Sóisearach	Dara Leibhéal Mac Léinn	Triú Leibhéal Mac Léinn	Eile	Iomlán	Iomlán 2010
An Longfort	1,593	2,039	644	536	58	4,870	4,892
Baile an Mhatháin	704	896	117	62	13	1,792	125
Gránard	206	363	139	45	41	794	663
Bóthar Bhéal Átha Liag	176	344	145	103	11	779	403
Droim Lis	54	164	31	18	15	282	344
Meathas Troim	74	228	20	9	8	339	229
IOMLÁIN	2,807	4,034	1,096	773	146	8,856	6,663

LÍON NA NEARRAÍ A TUGADH AR IASACHT I LEABHARLANNA SA LONGFORT IN 2011

Brainse	Daoine Fásta Ficsean	Daoine Fásta Neamhfhicsean	Leanaí	Déagóirí	Closleabhair	Teangacha Iasachta	Iomlán 2011	Méadú/Laghú on 2010
An Longfort	21,980	18,289	26,443	1,655	4,850	722	73,939	+2,166
Baile an Mhatháin	3,271	1,592	6,402	188	257	32	11,742	+3,651
Gránard	3,165	1,636	3,566	281	85	109	8,842	+580
Bóthar Bhéal Átha Liag	1,115	538	2,557	48	31	74	4,363	+1,599
Droim Lis	843	382	3,835	129	122	0	5,311	+494
Meathas Troim	6,633	5,050	16,651	1,145	912	260	30,751	+28,076
IOMLÁIN	37,107	27,487	59,454	3,446	6,257	1,197	134,948	+33,368

STAITISTICÍ FAOI CHUAIRTEOIRÍ LE HAGHAIDH LEABHARLANN SA LONGFORT – NOLLAIG 2011

Brainse	Líon na gCuartheanna Ean.-M.F. 2011	Líon na gCuartheanna D.F.-Nol. 2011	Iomlán 2011	Líon na gCuartheanna Ean.-Nol. 2010
An Longfort	90,081	31,322	121,403	121,074
Baile an Mhatháin	26,652	6,663	33,315	Tréimhse athchóirithe
Gránard	8,623	2,693	11,316	10,470
Bóthar Bhéal Átha Liag	9,516	3,017	12,533	13,009
Droim Lis	1,666	864	2,530	3,754
Meathas Troim	2,513	789	3,302	2,774
IOMLÁIN	139,051	45,348	184,309	151,081

STATISTICÍ FAOIN IDIRLÍON LE HAGHAIDH LEABHARLANN SA LONGFORT – NOLLAIG 2011

Branch	Ríomhaire Pearsanta Ean.-M.F	An tIdirlíon D.F.-Nol.	WIFI Ean.-M.F.	WIFI D.F.-Nol.	Iomlán
An Longfort	8,870	2,594	1,528	321	13,313
Baile an Mhatháin	4,109	1,837	206	95	6,247
Gránard	1,583	349	163	40	2,135
Bóthar Bhéal Átha Liag	2,295	622	179	33	3,129
Droim Lis	230	127	2	0	359
Meathas Troim	284	67	31	15	397
IOMLÁIN	17,371	5,596	2,109	504	25,580

Líon na gcuariteanna ar Láithreán Gréasáin Leabharlann an Longfort (www.longfordlibrary.ie) idir Eanáir agus Nollaig 2011 = 19,945

OIFIG OIHDREACTA AN LONGFOIRT

Is é cuspóir foriomlán Phlean Oidhreachta Contae an Longfort *“go mbeidh baint ag an oidhreacht le saol gach duine”*.

Is féidir seo a bhaint amach tríd an méid a leanas a dhéanamh:

1. Fóram Oidhreachta Chontae an Longfort a bhunú agus a bhainistiú mar aon lena dtiomantas chun na cuspóirí a chuimsítear i bPlean reatha Oidhreachta Contae an Longfort a bhaint amach.
2. Comhordú agus cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Contae an Longfort agus tionscadail bhreise a chur ar fáil chun cosaint agus tuiscint oidhreachta chultúrtha agus nádúrtha Chontae an Longfort a chur chun cinn.
3. Tacú le hobair oidhreachta Údaráis Áitiúla an Longfort, comhlachtaí náisiúnta, grúpaí áitiúla pobail agus daoine a phléann leis an oidhreacht.

Rinneadh na cuspóirí seo a chur chun cinn in 2011 trí thabhairt faoin méid a leanas:

SUIRBHÉ AR SPEICIS IONRACHA I GCONTAE AN CHABHÁIN AGUS AN LONGFOIRT – CÉIM 1


Tugadh faoin gcéad chéim de shuirbhé cuimsitheach ar speicis ionracha sa Longfort agus sa Chabháin in 2011 i gcomhpháirtíocht le hOifig Oidhreachta Chomhairle Contae an Chabháin agus le cistiú ón gComhairle Oidhreachta. Is féidir le speicis ionracha fíor-thionchar diúltach a imirt ar an mbithéagsúlacht agus ar an mbonneagar agus b’ann d’fhaisnéis theoranta faoi chineál agus scála na saincheiste sa chontae. In 2011, rinneadh suirbhé ar Loch Gabhna, Loch Dhoire Each agus ar Loch Cinnéile agus cuireadh liosta cuimsitheach de speicis talún agus uisceacha i dtoll a chéile agus moladh bearta maolaithe chun dul i ngleic leis an tsaincheist fhéideartha seo. Seo fadhb leanúnach agus tá sé beartaithe chun leanúint leis an obair seo amach anseo trí leas a bhaint as cur chuige suirbhé.

CLÁR SHEACHTAIN NA hOIDHREACHTA 2011

Bhí spéis leanúnach agus mhéadaitheach le sonrú in 2011 i gclár Sheachtain na hOidhreachta, a bhí ar siúl idir an 20 agus an 28 Lúnasa. D'éagraigh grúpaí áitiúla ar fud an chontae imeachtaí agus ghlac eagraíochtaí nua páirt sna himeachtaí, ar nós Ceiliúradh an Fhómhair Chontae an Longfoirt agus Cumann Staire Bhaile an Mhatháin i measc roinnt eile. Eagraíodh roinnt imeachtaí do dhaoine fásta,



Na Innyside Singers agus siamsaíocht á cur ar fáil acu don tslua ag Ceiliúradh John "Leo" Casey, Leabharlann Bhaile an Mhatháin.



Cleachtas thraidisiúnta feirmeoireachta ar taispeánt ag Ceiliúradh an Fhómhair Chontae an Longfoirt.



Thug Rolly Read d'Ardmhúsaem na hÉireann caint iontach spésiúil ar Shaltair an Fheadáin Mhóir, ar a caomhnú agus ar naisc leis an Éigipt Choptach.

leanaí agus do theaghlaigh, idir cheardlanna agus léachtanna iontacha ar ábhair ar nós chaomhnú Shaltair an Fheadáin Mhóir. Ba é ceann de na himeachtaí ba rathúla Lá tionscnaimh Oidhreachta agus Margaidh Bhaile an Mhatháin, a eagraíodh i gcomhpháirtíocht le Comhlachas Miondíoltóirí Bhaile an Mhatháin, ina ndeachaigh an tSráid Mhór sa bhaile siar san am lena stair agus lena chultúr oidhreachta a cheiliúradh. An tráthnóna sin, bhí ceiliúradh ar bun den scríbhneoir áitiúil, John "Leo" Casey, ar siúl i Seomra an Ghabha Bhuí de Leabharlann Bhaile an Mhatháin.

STRAITÉIS FHEARANN POIBLÍ GHRÁNARD

Tá ag baile Ghránard, an Longfort, sainghnéithe uathúla stairiúla, ailtireachta agus seandálaíochta. Lean obair ar Straitéis Fearainn Phoiblí a fhorbairt chun riachtanais dhaonra an bhaile a chomhtháthú níos fearr lena spásanna poiblí. Rinneadh dréactphlean a chur i dtoll a chéile agus a chur i láthair dá fhoilsiú deiridh in 2012

FEASACHT AR BHITHÉAGSÚLACHT

Thacaigh Oifig Oidhreachta an Longfoirt le líon tionscnaimh bhithéagsúlachta in 2011. Áiríodh leis seo ionad a eagrú chun oiliúint a chur ar oibrithe deonacha agus chun Suirbhé ar Niúit na hÉireann a chur chun cinn, atá a chomhordú ag Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann, mar aon le Suirbhé bliantúil ar Ialtóga Daubenton a eagraíonn Caomhnú Ialtóg Éireann. Ina theannta sin, thacaigh an Oifig Oidhreachta leis an Atlas Ialtóg a chuir Caomhnú Ialtóg Éireann i dtoll a chéile.

Sa mhullach air sin, thug an Oifig Oidhreachta faoi shraith ceardlanna um shuirbhé ar ghnáthóga le bunscoileanna i gCill Eo agus i gCill Ó Sona, ina ndearna daltaí scrúdú ar ghnáthóg nádúrtha a scoile agus forbairt ar a scileanna taifeadta, aitheantais agus grianghrafadóireachta

FEASACHT EILE AR OIDHREACHT

D'fhonn an fheasacht ar oidhrecht a chur chun cinn sa Longfort, thug an Oifig Oidhreachta faoin méid a leanas:

- Oidhrecht mhiotaseolaíoch an Longfoirt trí sheanchas i scoileanna le linn Sheachtain na Gaeilge.
- Cur chun cinn oidhrecht nádúrtha an chontae trí urraíocht a dhéanamh do sheastán taispeántas Chumann um Chur Fál na hÉireann ('Hedge Laying Association of Ireland') ag Taispeántas Talmhaíochta Contae an Longfoirt in Iúil 2011.
- Páirt a ghlacadh i mbunú Oidhrecht Bhogach Éireann ('Wetlands Ireland'), eagraíocht atá bunaithe go háitiúil ag a bhfuil sé de chuspóir an fheasacht ar an oidhrecht chultúrtha agus ar an mbithéagsúlacht dár mbogaigh agus dár bportaigh a chur chun cinn.
- Treoir agus comhairle a chur ar fáil maidir le hábhair um chaomhnú ailtireachta agus oidhreachta don fhoireann den agus do na rannóga den Údarás Áitiúil, e.g. saoirseacht thraidisiúnta i ndeisiú droichid; Struchtúir faoi Chosaint agus caomhnú nó bithéagsúlacht agus a reachtaíocht ábhartha.
- Measúnuithe ar Iarratais ábhartha Pleanála do Rannóg Pleanála Údarás Áitiúla an Longfoirt.
- Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil don Rannóg Pleanála agus do Dheoise Ardach agus Chluain Mhic Nóis maidir le caomhnú agus le deisiú Ardeaglais Naomh Mel.
- Cúnamh a thabhairt agus teagmháil a dhéanamh le grúpaí pobail agus eagraíochtaí áitiúla oidhreachta maidir le taighde a dhéanamh ar thionscadail oidhreachta agus iad a chur chun cinn.

Comhaontú comhpháirtíochta atá i gClár an Oifigigh Oidhreachta idir an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Contae an Longfoirt.

SEIRBHÍS CHARTLANNA CONTAE AN LONGFOIRT

Ba é 2011 ceann de na blianta ba ghnóthaí do Sheirbhís Chartlanna Contae an Longfoirt. Tugadh faoi líon mór gníomhaíochtaí for-rochtana agus oideachais agus fuarthas líon suntasach de bhailiúcháin nua chartlainne.

BAILIÚCÁIN A CUIREADH I DTAISCE

Is amhail a leanas na bailiúcháin a cuireadh i dtaisce:

- Tuarascáil pharlaiminte ar scoileanna maoinithe, 1855
- Leabhar bailitheora ráta dealúis, Toghcheantar an Longfoirt, 1869
- Méid beag d'earraí pearsanta ó Michael Farrell a d'éag, na Broicíní, an Longfort
- Bailiúchán de bhileoga faisnéise ón Roinn Talmhaíochta
- Cláir, leabhair rollaí, leabhair laethúla tuarascála agus earraí eile ó Scoil Náisiúnta Chnoc na Góla (1887-2007); Scoil Náisiúnta Chluain Fhada (1915-1969); Scoil Náisiúnta na Maighne (1865-2011); Scoil Náisiúnta an Lagaigh (1869-1975); Scoil Náisiúnta an Éadain Mhóir (c. 1915-1975); agus Scoil Náisiúnta Dhroim Lis (1913-1999).

Baineann tábhacht nach beag le cartlanna na scoile a fháil agus cabhróidh sé le gníomhaíochtaí for-rochtana agus oideachais amach anseo a réiteach.



Acquisition of the school archives for Dromard with (from left to right): Martin Morris, County Archivist; Mary Carleton Reynolds, County Librarian; Mary Farrell, Principal of St Patrick's N.S., Dromard; and Fr Eamonn Corkery P.P., Dromard.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOR-ROCHTANA AGUS OIDEACHAIS

Chabhraigh an Cartlannaí le taispeántas a réiteach ar stair Bhaile an Mhatháin agus ar a Theach Margaidh d'oscailt Leabharlann Pobail Bhaile an Mhatháin an 18 Feabhra 2011. Thug sé cainteanna agus d'éascaigh sé cuairteanna chuig an leabharlann amhail a leanas

- An 8 Márta: daltaí ó Scoil Náisiúnta Chnoc na Góla
- An 23 Márta (Lá speisialta oscailte ag an leabharlann): caint ar stair Bhaile an Mhatháin
- An 30 Márta: daltaí ó Scoil Náisiúnta na Teanga
- An 12 Aibreán: daltaí ó Scoil Náisiúnta Naomh Maitiú, Baile an Mhatháin agus Scoil Náisiúnta Bhaile an Chlocháin
- An 25 Lúnasa (Lá Oidhreachta agus Margaidh Bhaile an Mhatháin): turas siúil thart ar Bhaile an Mhatháin agus caint faoi stair an bhaile.

I measc na ngníomhaíochta eile oideachais a bhí ar siúl le linn na bliana bhí iad seo a leanas:

- An 14 Feabhra: 'Réamhrá le cartlanna' ('An introduction to archives') do dhaltaí na chéad bhliana ag Pobalscoil na Maighne
- An 4 Aibreán: thug daltaí ó Scoil Náisiúnta Bhéal Átha na Lao cuairt ar cheanncheathrú na leabharlainne
- An 11 Bealtaine: turas siúil ar bhaile an Longfoirt le daltaí ó Scoil Náisiúnta Naomh Eoin, an Longfort
- An 26 Bealtaine: thug daltaí ó Scoil Náisiúnta Naomh Treasa, Cill Eo cuairt ar cheanncheathrú na leabharlainne
- An 14 Iúil: turas siúil ar bhaile an Longfoirt le leanaí mar chuid d'Fhéile Shamhraidh Leabharlann Contae an Longfoirt

- An 19 Meán Fómhair: turais siúil ar bhaile an Longfoirt le ranganna na hidirbhliana ó Scoil Mhuire, an Longfort
- An 19 Meán Fómhair: ceardlann ar stair theaghlaigh le daltaí na hidirbhliana i bPobalscoil na Maighne
- An 28 Meán Fómhair: turas siúil ar shráidbhaile Ardach leis an nGrúpa ‘East meets West’
- An 30 Meán Fómhair: turas ar cheanncheathrú na leabharlainne ag daltaí na hidirbhliana ó Phobalscoil na Maighne
- An 14 Meán Fómhair: thug daltaí ó Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh, an Longfort cuairt ar cheanncheathrú na leabharlainne.

TAISPEÁNTAS ARDEAGLAIS NAOMH MEL

Chuir an Cartlannaí le réiteach breis faisnéise ar na painéil ar Ardeaglais Naomh Mel.

IONAD OIDHREACHTA ARDACH

Chomhordaigh an Cartlannaí saothair d’athoscailt Ionad Oidhreachta Ardach i Lúnasa, lena n-áirítear stóráil iarsmaí san ionad a eagrú.

BAINISTÍOCHT TAIFEAD

Thug an Cartlannaí faoi obair ar thaifid i Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha de chuid Chomhairle Contae an Longfoirt.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

IARRATAIS AR SHAORÁIL FAISNÉISE 2011

Fuair Chomhairle Contae an Longfoirt 24 iarratas ar Shaoráil Faisnéise (FOI) ar an iomlán le linn 2011 ó fhoinsí mheasctha gnólachtaí, cliant, foirne agus daoine eile. Cuimsítear san fhiúir seo cúig iarratas ar athbhreithniú inmheánach. Ní dhearnadh aon achomharc leis an gCoimisinéir Faisnéise.

TOGHCHÓRAS

Ní mór do dhuine bheith ar a laghad 18 mbliana d’aois ar an lá a thagann an Clár i bhfeidhm (an 15 Feabhra) agus ní mór dóibh gnáthchónaí a bheith orthu ag an seoladh ag a mbeidh é/í le bheith cláraithe an 1 Meán Fómhair sula dtagann an Clár i bhfeidhm. Féadfar duine a áireamh ar Fhorlíonadh leis an gClár má shlánaíonn an duine 18 mbliana d’aois ar Lá na Vótála nó roimhe agus má chomhlíonann siad na ceanglais maidir leis an áit chónaithe.

Tá cónaitheoir, gan aird ar a náisiúntacht, atá 18 mbliana d’aois ar a laghad, i dteideal bheith san áireamh ar Chlár na dToghthóirí

B'ionann a leanas na líonta a cláraíodh le vóta a chaitheamh ar Chlár na dToghthóirí 2011/2012:

Toghcheantair Áitiúla	Líon na dToghthóirí
Baile an Mhatháin	8,841
Droim Lis	6187
Gránard	5701
An Longfort	9097
Total	29826

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003

In Iúil 2008, chomhaontaigh Údarás Áitiúla an Longfoirt Scéim trí bliana Gaeilge faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ba é an 30 Bealtaine 2011 dáta éagtha chur i bhfeidhm na Scéime. Comhaontófar an dara Scéim Gaeilge nuair a thabharfaidh Oifig an Choimisinéara Teanga iniúchadh sásúil chun críche.

Dearfach den chuid is mó a bhí tuarascáil dheireadh na Scéime ó Oifig an Choimisinéara Teanga. Tá an Coimisinéar Teanga faoin tuairim go bhfuil dul chun cinn sásúil á dhéanamh ag Comhairle Contae an Longfoirt maidir lena Scéim Gaeilge a chur chun feidhme. Tá an Oifig sásta go bhfuil feidhm thábhachtach ag Oifig na Gaeilge i seachadadh na Scéime agus le cabhrú le spás a chruthú don Ghaeilge in imeachtaí agus i ngníomhaíochtaí na heagraíochta. Chuir an Oifig fáilte speisialta roimh an dul chun cinn a rinne Oifigeach na Gaeilge maidir le Bonnchúrsa Gaeilge a fhorbairt d'fhostaithe na Comhairle a cuireadh ar siúl le linn Dheireadh Fómhair/Shamhain 2011.

In ainneoin na ndianiarachtaí a rinneadh, áfach, níor tugadh líon ceangaltas chun críche faoi thráth an athbhreithnithe. Bhain iad seo le Láithreáin Ghréasáin na Comhairle agus le haistriú Foirmeacha Iarratais.

Bhí an Chomhairle faoin tuairim, maidir leis na láithreáin ghréasáin agus leis an gceangaltas chun 30% dá "n-ábhar statach" a aistriú le linn shaolré na Scéime, gur baineadh amach an ceangaltas seo trí fhoilsiú tuarascálacha trí Ghaeilge, foirmeacha dátheangacha ar líne a chur ar fáil mar aon le catalóg dhátheangach na leabharlainne a chur ar fáil ar líne. Míníodh, áfach, ag an gcruinniú comhlíonta, gur tháinig an tuiscint seo ar "ábhar statach" salach ar an tuiscint a bhaintear as an téarma go ginearálta. Dá réir sin, comhaontaíodh go gcinnteodh an Chomhairle go gcuirfí 30% den ábhar statach ar fáil i nGaeilge faoi dheireadh Bhealtaine 2012.

Maidir le haistriú Foirmeacha Iarratais, níor comhlíonadh an ceangaltas seo de bharr go raibh an tuiscint ann, i lár na Scéime, go gcuirfí leaganacha dátheangacha ar fáil don uile údarás áitiúil mar thoradh ar thionscnamh náisiúnta lena mbaineann údarás píolótach áitiúil. Níor tharla seo, agus tá anois 30 de na foirmeacha is mó a úsáidtear arna sainiú ag an gComhairle lena n-aistriú. Comhaontaíodh go gcuirfear leaganacha dátheangacha de na foirmeacha seo ar fáil faoi dheireadh Bhealtaine 2012.

Leanfar le monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an dá cheangaltas den Scéim atá fanta agus déanfar athbhreithniú orthu i rith 2012.

Coiste Iniúchta

Tá ag an gCoiste Iniúchta, ina bhfuil cúigear ball, feidhm neamhspleách maidir le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis um thairiscíú airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus ábhair iniúchta mar chuid d'athbhreithniú córasach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais na Comhairle. Ní coiste feidhmiúcháin é agus tá se neamhspleách maidir le cinneadh a dhéanamh faoin gclár oibre agus lena chuid moltaí a chruthú.

Thionóil an Coiste ceithre huairé i rith 2011. Chuir an Cathaoirleach Tuarascáil Bhliantúil 2010 den Choiste Iniúchta i láthair ag cruinniú na Comhairle Contae a bhí ar siúl i Márta 2011. Scrúdaigh an Coiste Iniúchta líon saincheisteanna a bhí laistigh dá shainchúram agus d'eisigh sé moltaí sa chás cuí. I rith na bliana, chuir an tIniúcháir Rialtais Áitiúil agus foireann shinsearach na Comhairle tuarascálacha faoi bhráid an Choiste Iniúchta amhail a d'iarr na baill.

ACMHAINNÍ DAONNA

LÉARGAS GINEARÁLTA

Tá an Rannóg Acmhainní Daonna freagrach go príomha as an méid a leanas:

- Earcú agus úsáid na foirne
- Oiliúint agus Forbairt na Foirne
- Bainistíocht Freastail
- Bainistíocht Feidhmíochta
- Beartais agus Nósanna Imeachta um Acmhainní Daonna
- Riar Scéimeanna Fostaithe
- Bainistíocht Comhionannais agus Éagsúlachta
- Caidreamh Tionsclaíoch/Foirne
- Comhpháirtíocht san Ionad Oibre
- Aoisliúntas

Cruthaíonn na cuspóirí agus na spriocanna straitéiseacha amhail a shainaithnítear iad i bPlean Corparáideach na Comhairle obair na Rannóige Acmhainní Daonna. In 2011, lean cinntí an Rialtais ar Bheartais i dtaca le Seirbhísí Poiblí le tionchar mór a imirt ar an obair seo.

Tá tionchar arna imirt ag ciorrú leanúnach, líonta na bhfostaithe a laghdú; scéimeanna dreasaithe saoire/pinsin agus an moratóir ar earcú agus ar líonadh sealadach folúntas ar na príomhlimistéir oibre de Rannóg na nAcmhainní Daonna. D'éascair laghdú thart ar 5% ar lucht iomlán saothair Údarás Áitiúla an Longfoirt as na bearta seo ó 2010 i leith agus laghdú thart ar 10% ó 2009 i leith.

Tá clár oibre Rannóg na nAcmhainní Daonna dírithe ar an dúshlán lena mbaineann seachadadh seirbhíse a bhainistiú agus a chothabháil le lucht laghdaithe saothair, éifeachtúlachtaí a bhaint amach agus ceannaireacht a chur ar fáil d'fhostaithe chun cabhrú leo déileáil le dúshláin reatha agus amach anseo.

EARCÚ AGUS ROGHNÚ

Agus aird ar tslí go léiríonn na statisticí reatha geilleagracha thíos leibhéal laghdaithe de ghníomhaíocht earcaithe in 2011. Comhlíonann an Rannóg Acmhainní Daonna nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm go náisiúnta, iarratais a atreorú chun líon teoranta post sainaitheanta a líonadh chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil amhail eisceachtaí den mhoratóir um poist seirbhíse poiblí a líonadh

Staitisticí Earcaithe 2011

Líon na nIomaíochtaí a Fógraíodh	8
Líon na Laethanta Agallaimh	5
Líon na nIarratasóirí ar tugadh cuireadh dóibh le haghaidh Agallamh	42
Líon na nIarratasóirí a d'fhreastail ar agallaimh	40
Líon na bhfostaithe a ceapadh	2 phost bhuna 10 bpost shealadacha

OILIÚINT AGUS FORBAIRT

In 2011, dhírigh an Rannóg Acmhainní Daonna ar oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta a chur ar fáil lena chinntiú go raibh ár n-oibleagáidí éigeantacha á gcomhlíonadh ina leith seo. Rinneadh **96** clár oiliúna ar an iomlán a chur ar fáil thar **144.4** lá agus cuireadh oiliúint ar **522** rannpháirtí ar fud an uile dhisciplíne. Tugtar breac-chuntas sa tábla thíos ar roinnt de limistéir sholáthair na hoiliúna. Tá an Rannóg Acmhainní Daonna meáite ar an luach ar airgead is fearr a bhaint amach trí oiliúint atá éifeachtach i dtaobh costais de agus atá ar ardchaighdeán d'fhostaithe Údarás Áitiúla an Longfoirt.

Sábháilteacht sa Tógáil – Cúrsa Iomlán agus Cúrsa Athnuachana de chuid IOSH

Oiliúint um Maor Bruscair

An Pas Sábháilteachta

Oiliúint Athnuachana ar Gharchabhair

Láimhsiú – Cúrsa Iomlán agus Cúrsa Athnuachana

DIG Tiománaí – Modúl 2

Oiliúint um Shábháilteacht Phearsanta

Oiliúint um Fheasacht ar Shlándaíl

Láimhsiú Clóirín

Oiliúint Gaeilge

Oiliúint Athnuachana ar Ionadaithe Sábháilteachta

Éifeachtúlacht Fuinnimh i Seirbhísí Uisce

Teastas Scileanna Náisiúnta Uisce – FETAC

Pleanáil Scoir

Comharthaíocht, Soilsiú agus Gardáil

Oiliúint Rollóra

Clár Oiliúna le haghaidh Measúnóirí in Uisce agus Fuíolluisce

Bratra/Cumhdra Dín agus Balla

Díon Tógtha – Biotúmanach

Seimineár ar Reachtaíocht Chomhshaoil

Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí

Teastas Scileanna Náisiúnta Fuíolluisce – FETAC Leibhéal 5

Gearrchomhrá Roimh Obair – Ceanglais Ghinearálta Sábháilteachta le haghaidh Oibreacha Bóthair

Oiliúint um Thacaíocht Trinse

Oiliúint um Shábháilteacht Dóiteáin

Dumpaire Suímh

Oiliúint C2 um Spás Teoranta le haghaidh Maoirseoirí

Oiliúint C3 um Spás Teoranta le haghaidh Oibríthe

AED – Feabhsúchán

Sábh Slabhrach Éigeandála

Oiliúint do Phríomh-Iniúcháirí

Oiliúint um Breithmheas Caipitiúil

Sampláil Uisce Óil

CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH

Baineann caidreamh tionsclaíoch leis an gcomhchaidreamh idir fostóirí agus fostaithe. Leanann an eagraíocht le dea-chaidreamh tionsclaíoch a chothú trí theagmháil ghníomhach leis an uile pháirtí leasmhar. Ba é an príomhdhúshlán in 2011 an plean áitiúil gníomhaíochta a chur chun cinn le Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014.

Dhírigh an plean áitiúil gníomhaíochta ar phlé idir an lucht bainistíochta agus comhlachtaí ionadaíochta fostaithe. Bhí cur chuige bisiúil ag an dá pháirtí i leith an phróisis le seachadadh coigiltí inchainníochtaithe a chinntiú. Leantar le teagmháil a dhéanamh ar leibhéal áitiúil agus bearta éifeachtúlachtaí agus táirgeachta á gcur chun feidhme.

CÓRAS FAISNÉISE PHÁROLLA AGUS AOISLIÚNTAIS ACMHAINNÍ DAONNA

I ndiaidh Athbheithniú ar Phróiseas Gnó ar leibhéal náisiúnta maidir le Bainistíocht Acmhainní Daonna, moladh go gcuirfí córas comhtháite TFC i bhfeidhm le cabhrú le tabhairt faoi na ngníomhaíochtaí go héifeachtach laistigh den fheidhm seo. Tar éis tairiscint náisiúnta, ba é an córas ar ar comhaontaíodh Córas CORE HR. Cuireann an córas réiteach comhtháite TFC ar fáil do bhainistíocht ár n-acmhainní daonna; am agus freastal, taifid phárolla agus aoisliúntais. Rinneadh dul chun cinn suntasach i gcur chun feidhme an chórais in Údarás Áitiúla an Longfoirt in 2011

DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Chuir Foireann an Tionscadail le cur chun feidhme rathúil na modúl a leanas: Acmhainní Daonna, an tAoisliúntas, Am faoin Spéir agus Freastal, Fáltais Rannóige, an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) agus an Párolla agus chuir siad tús le cur chun feidhme an mhodúil Am Istigh agus Freastal agus rinneadh breis feabhais a chur ar mhodúl an CSO le haghaidh Comhairlí Contae agus Baile an Longfoirt.

Tá gach ceann de na modúil thuas anois go hiomlán infheidhme agus tá na rannóga ábhartha á gcothú. D'éascaigh an cur chun feidhme comhsheirbhís do Phárolla, Aoisliúntas, Am Istigh agus faoin Spéir agus Freastal agus Acmhainní Daonna idir Comhairle Contae agus Baile an Longfoirt

COMHPHÁIRTÍOCHT

Próiseas atá i gceist le Comhpháirtíocht san Ionad Oibre ina n-oibríonn an lucht bainistíochta, fostaithe agus comharchumainn le chéile chun athrú eagraíochtúil a bhaint amach ar bhealach oscailte agus comhoibritheach. Baintear mach próiseas na Comhpháirtíochta san Ionad Oibre trí rannpháirtíocht agus comhairliúchán fostaithe, roinnt faisnéise agus forbairt comhchuspóirí.

De bharr gníomhaíocht thionsclaíoch agus chúlú na nAontas ón bpróiseas Comhpháirtíochta in 2010, leagadh dianchosc ar an gCoiste Comhpháirtíochta áitiúil. In 2011, áfach, chas an Coiste Comhpháirtíochta Údarás Áitiúil an Longfoirt trí huair ar leith agus chuir siad fóram éifeachtach cumarsáide ar fáil idir an lucht bainistíochta, na fostaithe agus na hionadaithe den aontas

AIRGEADAS AGUS TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE



An tUasal Barry Lynch,
Ceann na Rannóige
Airgeadais

AIRGEADAS

Is iad príomhfheidhmeanna Rannóg Airgeadais Chomhairle Contae an Longfoirt:

- Cuspóirí airgeadais Phlean Corparáideach na Comhairle a bhaint amach
- Gnóthaí airgeadais na Comhairle a bhainistiú
- A chinntiú go bhfuil an rialú leordhóthanach inmheánach i bhfeidhm chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint, agus le cruinneas agus iontaofacht na dtaifead cuntasaíochta a chinntiú
- A chinntiú, a mhéid agus is féidir, go mbaintear luach ar airgead amach ar fud na heagraíochta

SEIRBHÍSÍ

- Mótarcháin
- Rátaí/Muirir Uisce/Cíosanna Tithíochta/Íocaíocht ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)
- Deontais Ardoideachais
- Oifig Ghinearálta – íocaíochtaí a phróiseáil do sholáthróirí agus don phárolla

CLEACHTAIS ÍOCAÍOCHTA

Baineann forálacha an Achta um Íocaíocht Phras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 le Comhairle Contae agus Baile an Longfoirt. Tá ag an dá Údarás Áitiúil córais i bhfeidhm lena chinntiú nach dtabhaítear pionóis úis. I líon beag cásanna, áfach, tharla íocaíochtaí déanacha in 2011.

Líon iomlán na bpionós úis:

Comhairle Contae an Longfoirt	€216.62
Comhairle Baile an Longfoirt	Nil

Déantar gach iarracht chun comhlíonadh an Achta agus na Rialachán a chinntiú agus chun pionóis úis a sheachaint. Mar sin féin, ní féidir leis na nósanna imeachta ach cinntiú réasúnta seachas cinntiú iomlán a thabhairt i leith neamhchomhlíonadh ábhartha na reachtaíochta



INIÚCHADH INMHEÁNACH

Feidhm neamhspleách breithmheasa atá i gceist le hIníúchadh Inmheánach atá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí san uile limistéar laistigh de Chomhairle Contae an Longfoirt. Tá sé ina chuspóir aige scrúdú agus tuairisciú a dhéanamh ar rioscaí, leordhóthanacht an rialaithe inmheánaigh agus baint amach úsáid cheart, éifeachtach agus thíosach acmhainní. Leagtar amach ar Chairt Iniúchta Inmheánaigh feidhm agus freagrachtaí an Inúcháora Inmheánaigh agus an Lucht Bainistíochta.

DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

Cuireadh an tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 sa dlí i bhFeabhra 2011 agus cuireann sé an bonn reachtúil le leasú deontais mhac léinn. Is í príomhfhóráil an Achta comhdhlúthú na gceithre scéim um dheontais do mhic léinn isteach i scéim chomhaontaithe amháin, bunú údarás singil um bronnadh deontas agus bord neamhspleách achomharc. Tosóidh an t-údarás singil um bronnadh deontas i mbun feidhmiú do bhliain acadúil 2012/13

Tá an scéim deontais do bhliain acadúil 2011/12 á rialú ag an méid a leanas

- An tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011
- Na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 [I.R. Uimh. 301 de 2011]
- Scéim Deontais do Mhic Léinn 2011 [I.R. Uimh. 305 de 2011]
- Na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn (Leasú), 2011 [I.R. Uimh. 381 de 2011]

DEONTAIS ARDOIDEACHAIS – BLIAIN ACADÚIL 2011-2012	IOMLÁN
Líon na ndámhachtainí a eisíodh	117
An líon athnuachana a eisíodh	213
Líon iomlán na mac léinn a fhaigheann Deontais Ardoideachais	330
Líon na mac léinn a fhreastalaíonn ar choláistí Gaeilge	318
Líon na mac léinn a fhreastalaíonn ar choláistí sa RA (lena n-áirítear Tuisceart Éireann) agus ar choláistí AE	12

CAITEACHAS

AN TACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2011 – ALT 142: CAITEACHAS	IOMLÁN
Liúntas an Mhéara agus Liúntais Eile	€69,000
Siamsaíocht agus Costais Eile Bhainteacha	€9,120
Íocaíochtaí Ionadaíocha, Costais Bhall agus Ionadaíochta ag Comhdhála	€547,468
Iomlán	€625,588

AN tAONAD UM GHINIÚINT IONCAIM

Bunaíodh an tAonad um Ghiniúint Ioncaim i Meán Fómhair 2010. Ba é an t-údar leis an aonad a bhunú na príomhfheidhmeanna bailithe ioncaim a chomhdhlúthú, chun acmhainní na foirne a chomhthiomsú agus chun bailiú ioncaim níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chur ar fáil don Chomhairle. Rinneadh laghdú ar bhailiú ioncaim a shainaithint in 2010 agus leagadh an fhreagracht ar an aonad chun déileáil leis an tsaincheist

1. Muirir Uisce Tráchtála

Rinneadh deacrachtaí i mbailiú muirir uisce tráchtála a shainaithint mar thosaíocht in 2011. Chuathas i mbun gníomhartha le feabhas a chur ar na rátaí bailithe agus chun an leibhéal de riaráistí muirir uisce a laghdú. Tá méadú tagtha ar na rátaí bailithe, rinneadh riaráistí a laghdú agus cuireadh nós imeachta um dhínascadh uisce le haghaidh neamhíocaíochta i bhfeidhm.

Tréimhse	Iarmhéid Tosaigh	Muirir Uisce de réir Sonrasc	Fáltais	Díscríobh de bharr sceite	% arna bhailiú	Iarmhéid Deiridh
2009	1,233,982.67	1,626,791.25	-1,448,384.29	-92,980.61	52.30	1,320,871.22
2010	1,320,871.22	1,837,764.27	-1,657,701.18	-196,490.98	55.97	1,304,073.33
2011	1,304,073.33	1,816,346.29	-1,732,251.22	-164,612.84	58.61	1,223,555.56

Tugtar breac-chuntas in Athbhreithniú Éifeachtúlachta an Rialtais Áitiúil (Iúil 2010) mórathruithe ar chistiú rialtais áitiúil. Rinneadh muirir uisce tí a thabhairt chun solais mar shreabhadh ioncaim d'údarais áitiúla mar aon leis an ngá chun bailiú fiachais ó chustaiméirí uisce tráchtála a fheabhsú. D'fhógair an Rialtais in 2011, go ndéanfar custaiméirí uisce a mhéadrú faoi 2014. Táthar ag feitheamh le cinneadh ón rialtas ar fhormáid fiontas nua uisce "Uisce na hÉireann". Beidh tionchar suntasach aige seo ar fheidhm údarás áitiúil i soláthar uisce.

2. Muirir Réadmhaoin Chónaithe

ÍOCAÍOCHT AR ÁIT CHÓNAITHE PHRÍOBHÁIDEACH NEAMHPHRÍOMHA (NPPR)

Tugadh an muirear seo isteach in 2009 do réadmhaoin chónaithe nach í príomháit chónaithe an úinéara. Léiríonn tuarascálacha bailithe an NPPR gur tháinig laghdú ar an méid a bailíodh in 2011 (€525,000) ó 2010 (€589,200). Tá an muirear seo bunaithe ar fhéinmheasúnú ag úinéir na réadmhaoin agus is ann do mhuirir shubstantiúla um íocaíocht dhéanamh mar aon le fíneálacha de bharr neamhchomhlíonta.

AN MUIREAR TEAGHLAIGH

Thug an tAcht Rialtais Áitiúil (Muirir Teaghlaigh), 2011 muirear breise €100 ar an uile réadmhaoin chónaithe in aghaidh na réadmhaoin. Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an muirear seo lámh chúnata do sheirbhísí ríthábhachtacha rialtais áitiúil. Rinneadh ullmhúcháin chun bailiú an mhuirir a éascú in 2012.

3. Rátaí

Bhí an cúlú geilleagrach ina údar le mórdheacracht do go leor íocóirí ráta tráchtála agus bhí sé seo le sonrú i bhfigiúirí na rátaí bailithe le haghaidh 2011. D'éascaigh an Chomhairle gnólachtaí ag a bhfuil fadhbanna um shreabhadh airgid in 2011 trí shocruithe míosúla tráthchoda.

Tugadh faoi imscrúdú a dhéanamh ar nach mór gach áitreabh inráitithe go déanach i Nollaig 2010

agus in Eanáir féachaint le cruinneas liosta rátaí na Comhairle a fheabhsú. Sa mhullach air sin, seoladh sonraí faoi líon suntasach foirgnimh nua, nach ndearnadh a rátáil roimhe seo, chuig an Oifig Luachála lena luacháil.

Period	Rates Invoiced	Receipts YTD	% Collected
2009	3,958,704	3,589,771	87.5
2010	3,861,091	3,631,606	85.3
2011	4,705,596	3,642,088	80.6

4. CÍOSANNA AGUS IASACHTAÍ

Tá an tAonad um Ghiniúint Ioncain freagrach as déileáil le cuntais iasachta agus chíos a bhfuil riaráistí cruthaithe acu. Déanann an Rannóg Tithíochta cíos a shocrú agus coigeartuithe do chuntais chíos. Le linn 2011, rinneadh leibhéal chíos a choimeád. Leanann an Chomhairle le híocaíocht a chur chun cinn trí bhuanordú agus d'oibrigh an Scéim Bhuiséad Teaghlaigh i gcomhréir leis an bPost.

Líon na gCustaiméirí Cíos	Bliain	Iarmhéid Tosaigh	Cíos a Gearradh	Fáltais	% arna bhailiú	Riaráistí Cíos
1,702	2009	398,990.21	3,900,396.15	-3,668,815.48	85.76	608,991.45
1,750	2010	608,991.45	3,820,020.89	-3,832,610.50	86.74	585,747.80
1,758	2011	585,747.80	3,700,689.34	-3,755,677.62	87.79	522,547.25

Lean bailiú aisíocaíochtaí iasachtaí tithíochta dúshlán a chruthú in 2011. D'éascair méadú ar an leibhéal riaráistí iasachtaí as an gcúlú ginearálta geilleagrach agus as an laghdú ar ioncam i measc go leor custaiméirí iasachtaí. Leanann an Chomhairle le hoibriú le custaiméirí iasachtaí a bhfuil riaráistí cruthaithe acu agus cloíonn siad le treoirlínte na Roinne Comhshaoil agus iad ag déileáil le custaiméirí a bhfuil riaráistí cruthaithe acu.

Bliain	Iarmhéid Tosaigh	Muirir Iasachtaí	Fáltais i mbliana go dtí seo	% arna bhailiú	Riaráistí Iasachtaí
2009	199,182.68	1,146,652.57	-1,177,395.39	87.48	168,439.86
2010	168,439.86	1,272,671.94	-1,094,409.83	75.94	346,701.97
2011	346,701.97	1,137,138.30	-1,037,543.25	69.91	446,467.02

MÓTARCHÁIN

Rinneadh athruithe beartais maidir le cánachas feithiclí earraí beaga a chuir i bhfeidhm le linn 2011. Sa mhullach air sin, glacadh cinneadh rialtais chun an tsaincheist lena mbaineann ceadúnais tiomána a lárnú. Tá coinne leis go dtabharfar é seo chun críche i rith 2013.

STATISTICÍ FAOI MHÓTARCHÁIN 2011

Idirbheartaíochtaí Mótarchánach	Líon na nIdirbheartaíochtaí	€
Ceadúnais Feithiclí (Dioscaí)	31,997	6,135,840
Ceadúnais Tiomána	5,197	91,835
Deimhniú Ródacmhainneachta	3,484	25,327
Ceadúnais Trádála	72	21,729
Fáltais Ilghnéitheacha	691	11,660
Iomlán	41,441	6,286,391

Sa mhullach air sin, d'eisigh an tSeirbhís Mótharchánach Ar Líne 10,791 ceadúnas feithicle i rith 2011. Eisítear na ceadúnais seo feithicle go díreach ón Aonad Cláraithe Feithiclí i Sionainn, Contae an Chláir.

Ceadúnais Tiomána a eisíodh in 2011	€
Ceadúnais Tiomána 1 Bhliain	55
Ceadúnais Tiomána 3 Bliana	745
Ceadúnais Tiomána 10 mBliana	2478
Ceadúnais Tiomána Shealadacha	1503
Ceadúnais Tiomána Dhúblacha	416
Iomlán na gCeadúnas Tiomána a próiseáladh	5197

TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE AGUS NA CUMARSÁIDE

PRÍOMHFHEIDHMEANNA NA RANNÓIGE TFC

Cuireann Rannóg TFC Údarás Áitiúla an Longfoirt na Córais TFC a leanas ar fáil mar aon le tacú leo:

- Ríomhphoist, an tIdirlíon, an tInlíon agus an tEislíon
- Feidhmchláir Ghréasánbhunaithe
- Córais Airgeadais Agresso a thacaíonn le córais faisnéise bainistíochta airgeadais agus le próiseáil idirbheartaíochtaí na nÚdarás Áitiúil
- Córais gheografacha faisnéise a chuireann faisnéis ríthábhachtach ar fáil faoi bhóithre, príomhlínte uisce etc. sa chontae.
- Feidhmchláir thuasluaite le haghaidh Tithíochta, Pleanála, Bonneagair, Comhshaoil agus feidhmchláir éagsúla thacaíochta.
- Bainistíocht agus riar bunachar sonraí
- Cóip chúlta a dhéanamh de na córais agus slándáil na gcóras

BONNEAGAR AN LÍONRA

Is éard atá i líonra TF Chomhairle Contae an Longfoirt roinnt comhábhair choimpléascacha óna dteastaíonn bainistíocht, cothabháil agus monatóireacht leanúnach. Áirítear freisin leis an bhfreagracht as an líonra a bhainistiú Líonra Achair Fhairsing a choimeád a nascann an uile oifig amach ón suíomh le hÁras an Chontae trí naisc gan sreang chábla snáthoptaice agus DSL.

Is ann do dhá shuíomh déag ar an iomlán, seacht gcinn i mbaile an Longfoirt agus cúig cinn i suíomhanna leabharlanna amach uaidh seo.

UASGHRÁDUITHE CÓRAIS

Osclaíodh Leabharlann nua-athchóirithe Bhaile an Mhatháin in 2011 agus suiteáladh bonneagar iomlán TF de ríomhairí, printéirí, gléasanna líonra don phobal agus don fhoireann araon. Éascaíodh nasc slán don fhoireann ar ais chuig príomhlíonra na comhairle trí Bhalla Dóiteáin nua a shuiteáil sa leabharlann.

Ina theannta sin, cuireadh tacaíocht agus cúnaimh don Leabharlann Contae agus obair ullmhúcháin agus tástáil ar bun acu don tseirbhís nua um íoslódáil ríomhleabhar a rachaidh beo ar an ngréasán in 2012.

Tugadh faoi mheasúnuithe fíorúlaithe agus féidearthachta ar ár bhfreastálaithe uile le linn na bliana mar chuid den ullmhúchán chun líon mór dár bhfreastálaithe reatha a chomhdhlúthú ar a laghad agus 3 fhreastálaí, as a n-eascródh úsáid níos fearr a bhaint as an gcumhacht phróiseála chun coigiltí bliantúla san fhuinneamh, sa riarachán agus i gcostais chothabhála a chruthú, agus leanúnachas níos fusa gnó a éascú sa chás go gclisfeadh an córas.

CUMARSÁID SHEACHTRACH

Le linn 2011, d'éascaigh Comhairle Contae an Longfoirt trí thráthnóna faisnéis ar fud an chontae faoi thabhairt isteach na Scéime Leathanbhanda Tuaithe. Chuir na himeachtaí seo faisnéis ar fáil do shaoránaigh faoin scéim mar aon le litríocht tacaíochta chun cabhrú leo a n-iarratas a sheoladh ar ghaidh.

Mar athleanúint den mhéid thuas, d'oibríomar freisin leis an Údarás Réigiúnach Lár Tíre le cáipéis dar teideal "Treoir Maidir le Leathanbhanda" ('A Guide to Broadband') a chur i dtoll a chéile ina dtugtar breac-chuntas ar na saghsanna leathanbhanda atá ar fáil sa réigiún. Tá an cháipéis seo ar fail san uile údarás áitiúil sa réigiún lár tíre.

AN tIDIRLÍON AGUS AN tINLÍON

Lean Comhairle Contae an Longfoirt orthu agus a n-ábhar ar líne a fhairsingiú le linn 2011. Foilsítear gach fógra a dhírítear ar an bpobal ar a láithreáin ghréasáin, as a mbaintear úsáid fhairsing. In 2011, bhí feidhm ghníomhach againn, chomh maith, i bhforbairt an láithreáin ghréasáin midlandsireland.ie agus leanaimid le baint a bheith againn ina fhorbairt leanúnach.

I Meán Fómhair 2011, sheolamar ár seirbhís líonraithe shóisialta Twitter. Foilsítear fógraí, ar nós oibreacha bóthair agus dúnadh bóithre, gearradh uisce mar aon leis an uile fhógra lena mbaineann leas an phobail ar fhotha Twitter. Go dtí seo, tá 70 leantóir againn, ar figiúr seo ar a bhfuil borradh leanúnach ag teacht.

Leanann tábhacht straitéiseach baint lenár nInlín Foirne i dtaobh faisnéis a roinnt i measc na foirne agus rochtain a chur ar fáil ar go leor dár bhfeidhmchláir a mbaintear leas rialta astu i gcomhthráth

CUAIRTEANNA AR AN LÁITHREÁN GRÉASÁIN I RITH 2011

Láithreán Gréasáin	Líon na gCuariteanna in 2010	Líon na gCuariteanna in 2011
longfordcoco.ie	59,917	51,817
longford.ie	48,785	51,148
longfordtowncouncil.ie	7,170	6,957
virtualwriter.net	5,080	3,286
longfordlibrary.ie	18,684	19,945

AN FOCHOISTE TF

Thionóil an Fochoiste TF líon uaireanta le linn 2011 faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Mark Casey. I measc príomhthionscnaimh an Choiste bhí clár oiliúna a bhunú do Bhaill na Comhairle ionas gur féidir an úsáid uasta a bhaint as na hacmhainní TF ar a bhfuil fáil.



AGUISÍN 1: BALLRAÍOCHT NA gCOISTÍ UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA 2009-2014

Cuimsítear an bonn reachtúil le bunú Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) in Alt 48 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Tá coinne leis go gcruthóidh Coistí um Beartais Straitéiseacha an deis do leas éagsúil rannóige tionchar a imirt ar fhorbairt bheartas ag an gComhairle. Ghlac Baill de Chomhairle Contae an Longfoirt, trí réiteach, go foirmiúil le Scéim an Choiste um Beartais Straitéiseacha agus le Ballraíocht an Choiste.

An Coiste um Beartais Straitéiseacha Tithíochta Sóisialta, Rialú Pleanála agus Tógála

Baill den Chomhairle Contae

V. Kiernan
M. Carrigy
P. Nolan
P.J. Reilly
D. Glennon
P. Connell

Baill den Chomhairle Baile

T. Flaherty

Ionadaithe Rannóige

Forbairt agus Tógáil

Kevin Hughes

Pobail agus Deonach

Charlie Harrison

(Paula O'Connor ó Dheireadh
Fómhair 2011)

Helena Doyle

Mary Lillis

Iomlán

11

Cathaoirleach

Cathaoirleach –
an Chéad Téarma
An Comh. V. Kiernan

An Coiste um Beartais Straitéiseacha Forbartha Bóithre agus Sábháilteachta ar Bhóithre

An Coiste um Beartais Straitéiseacha Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

An Coiste um Beartais Straitéiseacha Athnuachana Uirbí, Atheagraithe Tuaithe, Oideachais, Forbartha Cultúrtha agus Áineasa

Baill den Chomhairle Contae

A. Mitchell
J. Duffy
M. Cahill
L. McEntire
M. Casey

Baill den Chomhairle Contae

G. Brady
P. Belton
S. Farrell
P. Loughrey
T. Victory

Baill den Chomhairle Contae

M. Mulleady
B. Steele
F. Kilbride
L. Bannon
M. Sexton

Baill den Chomhairle Baile

M. Kilbride-Harkin

Baill den Chomhairle Baile

J. Maguire

Baill den Chomhairle Baile

J. Keogh

Ionadaithe Rannóige

[Talmhaíocht agus Feirmeoireacht](#)
John Farrell
[Ceardchumann](#)
Kieran Woods
[Comhshaol](#)
Tara Keegan

Ionadaithe Rannóige

[Talmhaíocht agus Feirmeoireacht](#)
Sean Reilly
[Comhshaol](#)
Ray Hogan
[Pobal agus Deonach](#)
Noreen McLoughlin
(Rory Duncan ó Nollaig 2011)

Ionadaithe Rannóige

[Gnó agus Fostóirí](#)
Fintan McGill
[Pobal agus Deonach](#)
Alan O'Toole
(Reina Flower ó Mheitheamh 2011)
[Cultúrtha](#)
Terry McKenna
(Tess Murphy ó Mheitheamh 2011)

Iomlán

9

Iomlán

9

Iomlán

9

Cathaoirleach

Cathaoirleach –
an Chéad Téarma
An Comh. A. Mitchell

Cathaoirleach

Cathaoirleach –
an Chéad Téarma
An Comh. G. Brady.

Cathaoirleach

Cathaoirleach –
an Chéad Téarma
An Comh. M. Mulleady
[an dara Téarma, Ainmnithe](#)
B. Steele (Iúil 2011)

AGUISÍN 2

TUARASCÁIL AR OIBRIÚ NA GCOISTÍ UM BEARTAS STRAITÉISEACH LE LINN 2011

AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA SEIRBHÍSÍ UISCE AGUS CHOMHSHAOIL

Bhí ceithre chruinniú ar bun ag an gCoiste um Beartais Straitéiseacha in 2011 ag na dátaí a leanas:

- An 2 Feabhra 2011
- An 11 Bealtaine 2011
- An 28 Samhain 2011
- An 7 Nollaig 2011

Ba iad na príomhábhair phlé agus mhachnaimh ag na cruinnithe seo:

- Léargas ginearálta ar fheidhmeanna na Rannóige Comhshaoil, na Rannóige Seirbhísí Uisce agus ar Chaomhnú Uisce
- Fodhlíthe le haghaidh Reiligí
- Beartas ar Sholáthar agus ar Chothabháil Reiligí
- Beartas ar Chaomhnú Uisce
- Bainistíocht Fuinnimh
- Réamh-mheasún ar Riosca Tuile – Céim an Chomhairliúcháin Phoiblí
- Foilsiú an Bhille um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2011

AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA IOMPAIR, FORBARTHA BÓITHRE AGUS SÁBHÁILTEACHTA AR BHÓITHRE

Bhí ceithre chruinniú ar bun ag an gCoiste um Beartais Straitéiseacha in 2011. Bhí cruinnithe ar bun ag na dátaí a leanas

- An 13 Aibreán 2011
- An 23 Meitheamh 2011
- An 6 Deireadh Fómhair 2011
- An 14 Nollaig 2011

Ba iad na príomhábhair phlé agus mhachnaimh:

- Beartas maidir le Bearradh Fál ar Bhóithre Poiblí
- Soilsiú Poiblí
- Dul chun cinn Sheachbhóthair Bhaile an Longfoirt a N5

- Beartas ar Mhoilliú Tráchtá
- Droichid Áitiúla agus Réigiúnacha Bóthair
- Plean um Chothabháil Gheimhridh
- Sainaitint Beartas le haghaidh forbartha in 2012

AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA TITHÍOCHTA SÓISIALTA, RIALAITHE PLEANÁLA AGUS TÓGÁLA

Bhí trí chruinniú ar bun ag an gCoiste um Beartais Straitéiseacha in 2011 ag na dátaí a leanas:

- An 28 Márta 2011
- An 7 Meitheamh 2011
- An 8 Samhain 2011

Ba iad na príomhábhar ar a ndearna an Coiste machnamh in 2011:

- Comhaontú Leasaithe Tionóntachta – Údaráis Áitiúla an Longfoirt
- Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí 2011
- Nuashonrú ar Bheartas Pleanála/ar an Acht Pleanála, 2010
- Dréachtscéim um Leithdháileadh Tosaíochtaí maidir le tithe cónaithe a ligean
- An Beartas “Ceannas a Ghlacadh” (‘Taking in Charge’)

AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA ATHNUACHANA UIRBÍ, ATHEAGRAITHE TUAITHE, OIDEACHAIS, FORBARTHA CÚLTÚRTHA AGUS ÁINEASA

Bhí cruinnithe ag an gCoiste um Beartais Straitéiseacha Forbartha Eacnamaíochta agus Pobail, Seirbhísí Corparáideacha agus Cultúrtha agus Acmhainní Daonna ag na dátaí a leanas in 2011:

- An 9 Feabhra 2011
- An 25 Bealtaine 2011
- An 13 Deireadh Fómhair 2011
- An 29 Samhain 2011

Ba iad na limistéir thosaíochta le haghaidh plé ag na cruinnithe:

- Forbairt gheilleagrach
- Turasóireacht
- Beairic Uí Chonghaile
- Tionscnaimh um Chuimsiú Sóisialta
- Forbairt Spórt
- Seirbhísí Leabharlainne
- An Plean Oidhreachta agus an Plean Ealaíon

AGUISÍN 3

COISTÍ CHOMHAIRLE CONTAE AN LONGFOIRT

COISTE	BAILL
Cumann Comhairlí Contae is Cathrach	Comhairleoirí L. McEntire, P. Connell agus F. Kilbride
Cumann Bhaill na nÚdarás Áitiúil	Comhairleoirí A. Mitchell
An Stiúrthóir ar Bhord Fáilte Éireann Thoir agus Réigiún Lár Tíre	Comhairleoirí M. Carrigy
Comhchoiste Draenála Loch Uachtar, Loch Gabhna agus na hÉirne	Comhairleoirí J. Duffy agus V. Kiernan
Longford Leisure Ltd	Comhairleoirí A. Mitchell, V. Kiernan agus P. Loughrey
An tÚdarás Réigiúnach Lár Tíre	Comhairleoirí M. Cahill, P. Belton, L. Bannon, V. Kiernan agus M. Carrigy
Coiste Feidhmeach AE an Údaráis Réigiúnaigh Lár Tíre	Méara, Comhairleoirí P. Nolan agus M. Carrigy
Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair	Comhairleoirí L. Bannon
Bord Fiontar Contae an Longfoirt	Comhairleoirí P.J. Reilly, P. Connell, P. Belton agus F. Kilbride
Longford Enterprise Development Company Ltd	Comhairleoirí T. Victory, P. Nolan agus A. Mitchell
Acmhainní Pobail an Longfoirt Teo.	Comhairleoirí D. Glennon, S. Farrell agus J. Duffy
Ceapadh ainmní de Chomhairle Contae an Longfoirt le freastal ar chruinniú bliantúil Chomhar-Árachas Comhairlí Éireann Teo.	Comhairleoirí P. Nolan
An Coiste um Monatóireacht ar Uisce Tuaithe	Comhairleoirí M. Mulleady, J. Duffy agus M. Carrigy
Coiste Stiúrtha do chur chun cinn na Gaeilge An Coiste Comhairleach um Chóiríocht do Thaistealaithe	Gach ball den Chomhairle Comhairleoirí P. Loughrey, T. Victory, G. Brady, V. Kiernan, F. Kilbride agus A. Mitchell. Cathaoirleach, an Méara P. Nolan
Coiste Gairmoideachais Chontae Phort Láirge	Comhairleoirí B. Steele, L. McEntire, S. Farrell, G. Brady, M. Carrigy, J. Duffy, V. Kiernan, A. Mitchell agus M. Sexton

COMMITTEE	MEMBERS
Coiste Iniúchta Inmheánach Chomhairle Contae an Longfoirt	An tUasal Séamus Butler agus Comhairleoirí A. Mitchell
An Coiste Comhpháirtíochta Spóirt	Comhairleoirí M. Carrigy agus J. Duffy
Comhchoiste Beartas Chomhairle Contae an Longfoirt	Comhairleoirí M. Mulleady, M. Cahill, T. Victory, P. Loughrey, M. Casey, M. Carrigy, P. Nolan, G. Brady, P. Belton, J. Duffy, L. Belton agus F. Kilbride, Cathaoirleach, an Comhairleoir S. Farrell
Comhairle Chomhairleach Cheantar Abhantrach na Sionainne	Comhairleoirí P. Connell agus S. Farrell
Comhairle Chomhairleach Idirnáisiúnta Cheantar Abhantrach an Iarthuaiscirt	Comhairleoirí G. Brady agus V. Kiernan
Fóram Réigiúnach Sláinte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Bhaile Átha Cliath-Lár Laighean	Comhairleoirí P.J. Reilly, P. Belton agus G. Brady
Fóram Oidhreachta Chontae an Longfoirt	Comhairleoirí D. Glennon agus M. Carrigy, Cathaoirleach, an Comhairleoir S. Farrell
An Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár Tíre	Comhairleoirí G. Brady agus P. Belton
Coiste Tairisceana	Tá an Méara agus aon bheirt bhall le bheith i láthair ag oscailt tairiscintí.

AGUISÍN 4

CRUINNITHE CHOMHAIRLE CONTAE AN LONGFOIRT

CRUINNITHE

Bhí cruinnithe na Comhairle Contae ar siúl gach mí seachas i mí Lúnasa.

Bhí Cruinniú Bliantúil na Comhairle ar siúl in Óstán an Park House i Meathas Troim an 20 Meitheamh 2011. Toghadh an Comhairleoir Frank Kilbride ina Mhéara agus toghadh an Comhairleoir John Duffy in Leas-Mhéara.

Cruinniú Míosúil – an 16 Feabhra 2011

Bhronn an Méara Paul Connell scrolla comórtha ar Michael Tighe, Joe Ganley, Vinnie Ford, Sean Dowler, Patrick Devlin agus ar theaghlach Dominic Flaherty a d'éag d'fhonn onóir a léiriú do na saighdiúirí Éireannacha, ag a raibh nasc leis an Longfort, a sheirbheáil sa chéad Mhísean Thar Lear a bhí ag Éirinn sna NA 1960-1964.

Cruinniú Speisialta – an 13 Aibreán 2011

Bhí Cruinniú Speisialta den Chomhairle ar bun an 13 Aibreán 2011 le breithniú a dhéanamh ar na Rialacháin um Measúnú ar Thithíocht Shóisialta, 2011 agus ar Scéim Cheannaigh ag Tionótaí 2011.

Cruinniú Speisialta – an 20 Aibreán 2011

Labhair an Seanadóir David Norris ag an gcruinniú. D'iarr sé ar na baill a dtacaíocht a thabhairt nuair a iarrann sé ar a n-ainmniú chun bheith san iomaíocht d'oifig Uachtarán na hÉireann.

Rinne an tUasal Rinne Enda Brazel, Comhar-Árachas Comhairlí Éireann Teo. na baill ar an eolas is déanaí faoi shaincheistanna árachais.

Cruinniú Míosúil – an 18 Bealtaine 2011

Bhí Cruinniú Míosúil na Bealtaine ar siúl i Leabharlann nua-athchóirithe Bhaile an Mhatháin.

Comhchruinniú Speisialta Chomhairle Contae an Longfoirt agus Chomhairle Baile an Longfoirt – an 26 Bealtaine 2011

Rinne an tUasal Brian Hayes, T.D., an tAire Stáit ag an Roinn Airgeadais, urlabhra ag an gcruinniú maidir le bearta um fhaoiseamh tuile.

Cruinniú Speisialta – an 27 Meán Fómhair 2011

D'ainmnigh na baill an tUasal Dana Rosemary Scallon mar iarrthóir sa Toghchán Uachtaránachta.

Cruinniú Míosúil – an 19 Deireadh Fómhair 2011

Bhronn an Méara Frank Kilbride seic agus Teastas Chomhar Éireann ar na Grúpaí a leanas lena n-iontráil i gComórtas Náisiúnta Mórtas Ceantair 2011 a cheiliúradh.

- An tUasal Bernadette Clancy ó Chomharchumann Turasóireachta Bhóthar Bhéal Átha Liag
- An tUasal Ann Howard agus an tUasal Mary Kennedy ó Chumann Meabharshláinte an Longfoirt

Cruinniú Míosúil – an 16 Samhain 2011

Cur i láthair d’Fhoireann Peile na mBan, an Longfort – Buaiteoirí Craobhchluiche Laighean agus Uile-Éireann na mBan ‘Faoi 16’ 2011.

Bhronn an Méara Frank Kilbride scrolla comórtha ar na foirne a leanas:

- Foireann Peile na mBan, an Longfort – Buaiteoirí Craobhchluiche Laighean agus Uile-Éireann na mBan ‘Faoi 16’ 2011.
- Foireann Peile Mheánscoil Mhuire a bhuaigh Craobhchluiche Sóisearach ‘A’ Pheil Ghaelach Bhunscoileanna Uile-Éireann na mBan 2011.

Tionscadal Athchóirithe: Abhantrach na Canálach Ríoga, an Longfort

Thug an tUasal Noel McGeeney, Brainse an Longfoirt de Ghrúpa Fónais na Canálach Ríoga; an tUasal John Mulligan, Údar agus Iriseoir, agus an tUasal Nick Sweeney, Ailtire, cur i láthair maidir le hAbhantrach na Canálach Ríoga, an Longfort – Tionscadal Athchóirithe.

Cruinniú Buiséid – an 19 Nollaig 2011

Ghlac na baill ag Cruinniú reachtúil an Bhuiséid leis an mBuiséad le haghaidh 2012 a bhí ar siúl an 19 Nollaig 2011.

Cruinniú Míosúil – an 19 Nollaig 2011

Coistí um Beartais Straitéiseacha – Cathaoirligh

Chomhaontaigh na baill leis na hathruithe a leanas ar phoist na gCathaoirleach de na Coistí um Beartais Straitéiseacha ón 1 Eanáir 2012:

An Coiste um Beartais Straitéiseacha Tithíochta Sóisialta, Rialaithe Pleanála agus Tógála

An Coiste um Beartais Straitéiseacha Iompair, Forbartha Bóithre agus Sábháilteachta ar Bhóithre

An Coiste um Beartais Straitéiseacha Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

Cathaoirleach: An Comhairleoir Mícheál Carrigy

Cathaoirleach: An Comhairleoir John Duffy

Cathaoirleach: An Comhairleoir Paddy Belton

AGUISÍN 5

COMHDHÁLACHA AR AR FREASTALAÍODH

DÁTAÍ	COMHDHÁIL	COMHAIRLEOIRÍ A D'FHREASTAIL
An 13-14 Ean.	Dianchúrsa ar Dhlí Pleanála	An Comh. A. Mitchell
An 14-16 Ean.	Reachtaíocht na hEorpa ar Chearta Daonna in Ábhair Thithíochta	Na Comhairleoirí P.Connell, F.Kilbride, A.Mitchell, B.Steele
An 21-23 Ean.	Luaithreamhán bolcánach, Mórthuile, Sealanna Reoite – Tionchar Géarchéimeanna ar Éirinn	Na Comhairleoirí M.Cahill, T.Victory
An 21-23 Ean.	Pleanáil agus Árachas agus Bannaí Gairmiúla Slánaíochta	Na Comhairleoirí M.Casey, P.Connell, F.Kilbride, B.Steele
An 26 Ean.	Seimineár an NESC 'An Rath a Athaimsiú san Eoraip' ('Re-finding Success in Europe')	Na Comhairleoirí L.McEntire, P.J.Reilly
An 28-29 Ean.	Seimineár Geilleagrach le haghaidh Comhairleoirí	Na Comhairleoirí P.Belton, G.Brady, P.Connell, V.Kiernan, F. Kilbride, P.Loughrey
An 28-30 Ean.	Soláthar Uisce an Údaráis Áitiúil	An Comh. Pj. Reilly
An 4-6 Fea.	Dinnéar Chomhlachas an Longfoirt/Londan	An Méara P. Connell
An 4-6 Fea.	An Dreasacht um Théamh In-athnuaite	An Comh. Pj. Reilly
An 4-6 Fea.	Treoir Phraiticiúil maidir le Scileanna Meán	Na Comhairleoirí G.Brady, M.Casey, L.McEntire
An 18-20 Fea.	Acht na gCarthanachtaí, 2009, Impleachtaí don Earnáil Dheonach	Na Comhairleoirí P.Belton, G.Brady, P.Connell, V.Kiernan, F. Kilbride, P.Loughrey, B.Steele
An 4-6 Már.	Dlí Fostaíochta agus saincheisteanna árachais, na hiarmhairtí a bheidh i ndán duit agus d'Údarás Áitiúil	Na Comhairleoirí M.Cahill, P.J.Reilly, B.Steele, T.Victory
An 11-13 Már.	Seirbhís Pleanála an Rialtais Áitiúil	Na Comhairleoirí L.Bannon, P.Connell, F.Kilbride, P.Nolan, P.J.Reilly, B.Steele
An 18-20 Már.	Reachtaíocht um Stádas Cothrom agus a tionchar ar Sholáthar Seirbhíse in Údarás Áitiúla	Na Comhairleoirí Pj. Reilly, B.Steele
An 23 Már.	Seoladh an Réigiúin Lár Tíre	Na Comhairleoirí P.Connell, Pj. Reilly
An 1-3 Aib.	Conas bheith i do Chathaoirleach Éifeachtach	An Comh. M. Casey
An 2 Aib.	Comhlachas an Longfoirt i mBaile Átha Cliath	Na Comhairleoirí P.Connell, L.McEntire, Pj. Reilly
An 7-10 Aib.	20ú Comhdháil Bhliantúil Comhshaoil Chiarraí	Na Comhairleoirí G.Brady, L.McEntire, P.J.Reilly, T.Victory

Dátaí	COMHDHÁIL	COMHAIRLEOIRÍ A D'FHREASTAIL
An 15-17 Aib.	Comhaontú Aoine an Chéasta, an Rialtas Áitiúil ó Thuaidh agus ó Dheas	Na Comhairleoirí P.Nolan, P.J.Reilly, B.Steele
An 29-30 Aib.	Comhdháil Earraigh LAMA	Na Comhairleoirí P.Belton, M.Cahill, J.Duffy, A.Mitchell, T.Victory
An 13-15 Bea.	Tionchar Eorpach ar an Rialtas Áitiúil in Éirinn	Na Comhairleoirí M.Cahill, T.Victory
An 13-15 Bea.	Litríocht um Óráidíocht Phoiblí agus Fógraíochta	Na Comhairleoirí G.Brady, M.Casey, P.Connell, F.Kilbride, P.Nolan
An 19 Bea.	Fondúireacht Phobail d'Éirinn	An Comh. M. Casey
An 19 Bea.	Cuairt HRM Banríon Shasana go hÉirinn	An Méara P. Connell
An 20-22 Bea.	Treoir maidir leis an Obair Cheart a Dhéanamh	An Comh. P.Nolan
An 20-21 Bea.	Déanamh Beartas Náisiúnta Poiblí agus an Comhairleoir	Na Comhairleoirí F. Kilbride agus A.Mitchell
An 27-29 Bea.	Caiteachas ar Sholáthar agus Ioncam sa Rialtas Áitiúil	An Comh. L.Bannon, M.Cahill, T.Victory
An 27-29 Bea.	Leasú an Rialtais Áitiúil a Fhiosrú	Na Comhairleoirí M.Casey, P.J.Reilly
An 3-5 Mei.	Fuinneamh In-Athnuaite, Is féidir leis an Rialtas Áitiúil Difríocht a Dhéanamh	Na Comhairleoirí M.Casey, P.Connell, F.Kilbride, P.Nolan, B.Steele
An 10-12 Mei.	Freagrachtaí na mBall Tofa	Na Comhairleoirí P.Connell, J.Duffy, P.Nolan
An 16 Mei.	CGB Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann	An Comh. P.Nolan
An 17-19 Mei.	Na Dúshláin agus na Deiseanna roimh an Rialtas Áitiúil	Na Comhairleoirí L.Bannon, P.Belton, M.Cahill, J.Duffy, V.Kiernan, P.Nolan
An 8-10 Iúil	Ionadaíochtaí Éifeachtacha tríd an Raidió, an Teilifís, an Preas, Facebook agus Twitter	An Comh. M.Mulleady
An 15-17 Iúil	Scileanna Forbartha Ceannaireachta	An Comh. M.Carrigy
An 18-19 Iúil	Tionchar Reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta ar an Rialtas Áitiúil	An Comh. M.Mulleady
An 24-29 Iúil	Scoil Shamhraidh Patrick MacGill	Na Comhairleoirí P.Belton, V.Kiernan, F.Kilbride, M.Mulleady
An 25-27 Iúil	Cruinniú Faisnéise do Bhaill den Údarás Áitiúil, Saincheisteanna Reatha san Oideachas	Na Comhairleoirí P.Connell, P.Loughrey, P.Nolan, B.Steele
An 29-31 Iúil	Sláinte agus Sábháilteacht an Rialtais Áitiúil, Measúnú Riosca agus Árachas	Na Comhairleoirí P.Connell, P.Loughrey, A.Mitchell, M.Mulleady, P.Nolan, B.Steele
An 12-14 Lún.	Reachtaíocht do Leasú an Rialtais Áitiúil	Na Comhairleoirí L.Bannon, M.Mulleady

DÁTAÍ	COMHDHÁIL	COMHAIRLEOIRÍ A D'FHREASTAIL
An 12-13 Lún.	Seirbhís Pleanála an Rialtais Áitiúil	An Comh. L.McEntire
An 19-21 Lún.	Fuinneamh In-Athnuaite á chur chun cinn ag an Rialtas Áitiúil	Na Comhairleoirí G.Brady, M.Carrigy, M.Mulleady
An 2-4 M.F.	Scileanna Forbartha Pearsanta	Na Comhairleoirí L.Bannon, M.Cahill
An 8-10 M.F.	Comhdháil Bhliantúil an AMAI	An Comh. L.McEntire
An 21 M.F.	Cruinniú Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann	An Comh. P.Belton
An 23-24 M.F.	Seimineár Fómhair an LAMA	Na Comhairleoirí L.Bannon, P.Belton, M.Cahill, A.Mitchell, T.Victory
An 23-25 M.F.	Ionadaíocht Éifeachtach do do Thoghthóirí	Na Comhairleoirí G.Brady, V.Kiernan, P.Loughrey
An 29 M.F.	Seimineár Ioncaim TASC	An Comh. L.McEntire
An 30 M.F.-an 2 D.F.	Dlíthe na hEorpa um Fhuíolluisce	Na Comhairleoirí L.Bannon, M.Carrigy, J.Duffy
An 7 D.F.	Rialacháin Nua an Rialtais agus conas a bhíonn tionchar acu ar an Teach sa Bhaile	Na Comhairleoirí M.Carrigy, J.Duffy, P.Loughrey, M.Mulleady
An 14-15 D.F.	Rialacháin um Measúnú ar Thithíocht Shóisialta, 2011	Na Comhairleoirí M.Carrigy, J.Duffy, M.Mulleady
An 21-23 D.F.	Liúntais agus Sochair Chánachais a Bharrfheabhsú	An Comh. L.McEntire
An 21-23 D.F.	Feidhm an Údaráis Réigiúnaigh i bhFeidhmiú agus i nDéanamh Beartas sa Rialtas Áitiúil	Na Comhairleoirí M.Carrigy, J.Duffy
An 4-65 Sam.	Cumhachtaí an Rialtais Áitiúil le Cearta Bealaigh a Chruthú/a Dhíbirt	An Comh. J.Duffy
An 18-20 Sam.	Roghanna Eile Nua-Aimseartha ar Bhreoslaí Iontaise	Na Comhairleoirí P.Belton, M.Casey, V.Kiernan
An 18-20 Sam.	Feidhm an Údaráis Áitiúil maidir le Truailliú Uisce a Chosc	An Comh. M.Carrigy
An 23 Sam.	Comhdháil an DLA	Na Comhairleoirí L.Bannon, G.Brady, A.Mitchell, B.Steele
An 24 Sam.	An Fóram Náisiúnta Radóin	An Comh. L.McEntire
An 25-26 Sam.	Comhdháil Thursóireacht an Chláir	An Comh. L.Bannon
An 25-26 Sam.	Éireann a Chlaochló ina Geilleagar Ísealcharbóin atá ardéifeachtach i dtaobh fuinnimh	Na Comhairleoirí M.Carrigy, A.Mitchell
An 9-11 Nol.	Leasú Beartaithe an Chomhbheartais Talmhaíochta	An Comh. M.Carrigy
An 16-18 Nol.	An tAcht Rialtais Áitiúil (Muirir), 2009	Na Comhairleoirí M.Carrigy, A.Mitchell, M.Mulleady, T.Victory

AGUISÍN 6

TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN BHLIANTÚIL AR AN BPLEAN CORPARÁIDEACH 2010-2014

SEIRBHÍSÍ BONNEAGAIR AGUS COMHSHAOIL

Croíchuspóir: *“A chinntiú go gcuideann beartais agus infheistíochtaí bonneagair iompair le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta Chontae an Longfoirt agus go mbreisíonn siad é agus go gcaomhnaíonn agus go bhfeabhsaíonn siad mealltacht fhisiciúil an chontae agus a thimpeallacht chúlra”.*

Cothabháil agus Feabhsú na mBóithre

Chuathas i mbun breis bearta tábhachtacha in 2011. Cuireadh tús le tógáil ar Sheachbhóthar Bhaile an Longfoirt an N5 an 7 Aibreán 2011. Is ionann fad an chonartha agus 18 mí agus tá coinne leis go gcuirfear i gcrích é go luath i nDeireadh Fómhair 2012. Is é an Príomhchonraitheoir Wills Bros. Ltd. ó Bhéal Easa, Contae Mhaigh Eo. Nuair a chríochnófar an tionscadal, laghdófar an brú tráchta, feabhsófar sábháilteacht agus beidh cáilíocht beatha níos fearr ag an bpobal áitiúil.

Bhí idirbheartaíochtaí talún ar bun le linn 2011 agus rinneadh gach cás seachas ceann amháin a réiteach.

Tugadh faoi fhorleagan cosán ar an N4 ag Coill Salach agus ag an Lios Breac, mar aon leis an N63 ag Cill na Sí agus ag Bóthar Bhéal Átha Liag.

Tá na cláir Ilbhliantúla um Chláir Bóithre agus Cóiriú Dromchla le haghaidh Bóithre Neamhnáisiúnta ar bun agus tá oibreacha fairsinge á gcur i gcrích ar líon suntasach Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Cuireadh Scéimeanna Sonracha Deontais um Fheabhsú chun cinn sna láithreacha a leanas:

- Droichead 19, Sméar, Poll an Dúigh
- An R198 ag Cros Ghéag
- Droichead 114 ag an Sorn/an Eiscir Theas
- Droichead 288 ag an gCurrach/Collóg
- Droichead 433 ag Cnoc an Bhalcaidh
- Droichead 255 ag na Coillte Beaga/Coillín an tSrutháin
- Lios na Muc, an Longfort
- An R392 Bhaile an Mhatháin-Fhorgnaí

Sábháilteacht ar Bhóithre agus Bainistíocht Tráchta

Rinneadh Scéimeanna ísealchostais Feabhais um Shábháilteacht a chur chun cinn agus tá céimeanna áirithe críche bainte amach acu ag na láithreacha a leanas:

- Carrchlós an tSéipéil, Meathas Troim
- Mucarsach
- An R194 ag Béal Átha na Lao
- Comharthaíocht agus Líneáil ag an gCealdrach, an Lios Breac
- An Phríomhshráid Íochtarach, an Longfort
- Scoil Náisiúnta Baile an Chlocháin
- An L-1102 agus an L-5187 ag an Liagán
- An R393 ag Eachara

Road safety recommendations relating to Planning Permissions are ongoing. The Council continued to monitor effective implementation of the EU Commercial Vehicle Regulations in close consultation with the 2 no. authorised test centres in the county.

Beartais Reatha

Cuireadh caighdeán ardchaighdeán um dhearadh bóithre chun cinn le haghaidh a gcur chun feidhme.

Cuireadh rochtain do dhaoine faoi mhíchumas chun cinn i gcomhréir leis na treoirlínte a mholtar i gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara.

Mar chuid de Thionscnamh Poist an Rialtais, cuireadh ciste €4 milliún ar fáil chun Clár Caipitiúil um Thaisteal Níos Cliste a mhaoiniú in 2011 atá dírithe go sonrach ar chontaetha lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Fuair Comhairle Contae an Longfoirt cistiú faoin Tionscnamh Poist seo agus rinneadh Seastán/Foscadán Rothar a shuiteáil ag láithreacha éagsúla i mBaile an Longfoirt. Leagadh Cosán/Raon Rothar ag an N63 ag Fearann Uí Dhúgáin. Ina theannta sin, leagadh cosáin i mBóthar Bhéal Átha Liag agus i nGránard Cille, Gránard.

Lean rannpháirtíocht ar aghaidh sna Grúpaí Stiúrtha agus Teicniúla a bhainistíonn Oifig Deartha Réigiúnaigh an Údaráis Náisiúnta Bóithre.

Cuireadh an teagmháil oiriúnach chun cinn idir páirtithe leasmhara um fhorbairt iompair, ar nós ionadaithe, comhlachtaí ionadaíochta, an pobal mór, an Roinn Iompair, an tÚdarás Náisiúnta Bóithre, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, na Gardaí, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Iarnród Éireann, Uiscebhealaí Éireann, etc.

Leanadh le Scéimeanna Feabhais Áitiúil a chur chun feidhme.

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA, PLEANÁLA AGUS ÉIGEANDÁLA

Croíchuspóirí *“Caighdeán inghlactha a chur ar fáil agus a choimeád de thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne i dtimpeallacht bheartaithe a fhreastalaíonn ar riachtanais mhuintir Chontae an Longfoirt agus a chuireann cuimsiú sóisialta chun cinn”.*

Tithíocht Shóisialta

Leanadh ag sásamh riachtanais tithíochta Chontae an Longfoirt trí réimse roghanna tithíochta. Tugadh faoin measúnú reachtúil ar an riachtanas tithíochta in 2011 agus beidh an chéad cheann eile le bheith ar siúil in 2014.

Lean Clár Tithíochta Chomhairle Contae an Longfoirt le linn 2011. Ceannaíodh teach aonair amháin agus cuireadh teach amháin tuaithe chun críche. B’ann do 125 leithdháileadh tionóntachta le linn na bliana.

Cothabháil/Athchóiriú Tithíochta

In 2011, cuireadh €675,000 ar fáil sa Bhuiséad chun Tithíocht Údaráis Áitiúil a chothabháil agus a dheisiú.

Bainistiú Eastáit

Lean an tOifigeach idirchaidrimh Thithíochta agus an tOibrí Sóisialta le hoibriú leis na tionóntaí agus leis na cumainn áitritheoirí i rith 2011. Bhí forfheidhmiú tionóntachta ar bun le linn na bliana,

Tithíocht Dheonach

Lean an Chomhairle le baint a bheith acu leis an Earnáil Tithíochta Deonáí.

Scéimeanna Ceannaigh ag Tionóntaí

In 2011, chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DoECLG) tús le Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí 2011 d'iarratasóirí fadtréimhseacha. In 2011, cuireadh cúig cheannach ag tionóntaí i gcrích, i.e. díoladh iad (bhí ceithre cinn faoi Scéim 2011 agus bhí ceann amháin faoi Scéim 1995). Ag deireadh 2011 bhí 44 ceannach ag tionóntaí eile ar feitheamh (eisíodh litreacha tairisceana) faoi scéimeanna 2011 agus 1995 araon.

Iasachtaí/Deontais

Fuarthas sé iarratas bhailí ar iomlán in 2011; faomhadh trí iasacht agus cuireadh trí cinn ar aghaidh. Ní áirítear anseo iarratais a diúltaíodh nó a aistarraingíodh.

In 2011, fuarthas 342 iarratas ar an iomlán faoi na trí Scéim Deontais: Íocadh amach €1,348,529, ar an iomlán, maidir le 280 deontas

Cóiríocht don Lucht Siúil

Tá Comhairle Contae an Longfoirt fós ag leanúint leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009-2013. Leagtar amach sa chlár straitéis 4 bliana maidir leis an gClár agus an cineál cóiríochta atá le cur ar fáil don Lucht Siúil.

Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)

Ag deireadh 2011, bhí 247 tionóntacht RAS i bhfeidhm. Tá an Scéim RAS agus na costais oibríochta agus riaracháin a bhaineann léi féinmhaoinithe sa Longfort.

Socrúithe Léasaithe Fadtéarmacha

Bhí 18 léas de shaghas RAS i bhfeidhm ag deireadh 2011.

Oibreacha Feabhais/Athnuachana

In 2011, cuireadh tograí chun cinn chun Oibreacha Feabhais a dhéanamh ag Bóthar Thrá Mhór, Gránard.

Caighdeán Chóiríochta Príobháidí ar Cíos

Tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as cur i bhfeidhm agus as forfheidhmiú caighdeán cóiríochta san earnáil cíosa.

Scéim Fuinnimh Aisfhesitithe 2010

In 2011, fuair Comhairle Contae an Longfoirt maoiniú €425,000 ón DoECLG mar chuid den Scéim seo.

FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL, SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA AGUS CULTÚRTHA AGUS ACMHAINNÍ DAONNA

Croíchuspóir "Stiúrfaidh Comhairle Contae an Longfoirt forbairt Chontae an Longfoirt, i gcomhoibriú leis na gníomhaireachtaí cuí"

Forbairt gheilleagrach

Leanann Comhairle Contae an Longfoirt le comhoibriú leis na comhlachtaí cuí maidir le tacú le tionscail áitiúla in 2011. In ainneoin na timpeallachta dúshlánaí geilleagraí, bhain líon cuideachtaí áitiúla borradh margaidh amach agus d'éirigh leo a líonta fostaithe a mhéadú beagán.

- In 2011, bunaíodh Fochoiste Turasóireacht de chuid Chomhairle Contae an Longfoirt le feabhas a chur ar obair Choiste Turasóireachta an Longfoirt agus le tacaíocht a thabhairt di.
- Cuireadh cistiú faoi urrús faoi Chlár Leader le Straitéis Turasóireachta a chur i dtoll a chéile le haghaidh Chontae an Longfoirt. Cuireadh Straitéis Turasóireachta 2012-2015 i gcrích i dtreo dheireadh na bliana.

Forbairt Shóisialta

- Bhí trí chruinniú ag Bord Forbartha Contae an Longfoirt in 2011. Lean na gníomhaireachtaí le Plean Gníomhaíochta 2009-2012 an CDB a chur i bhfeidhm
- Bhí trí chruinniú ag an nGrúpa Oibre um Bearta Cuimsithe Shóisialta in 2011 le faisnéis agus líonra a roinnt d'fhonn tosaíocht a dhéanamh de limistéir oibre le líon spriocghrúpaí a sainathnódh sa Straitéis Frithbhochtaineachta.
- Bhí trí chruinniú ag Grúpa idirghníomhaireachta an Lucht Siúil le linn 2011, inar lean siad le líon gníomhartha tosaíochta a chur chun feidhme i limistéir na sláinte, an oideachais, na fostaíochta agus na hoiliúna agus i gcosc a chur ar choir agus ar choimhlint.
- Bunaíodh Coiste Seirbhísí Leanaí an Longfoirt/na hlarmhí agus na fostruchtúir lenar bhain agus forbraíodh Plean Leanaí agus Ógánach 2011-2013.
- Fuarthas cistiú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige le Comhairle na nÓg a fhorbairt agus a fheabhsú. Bhí cruinniú míosúil ar bun ag Comhairle na nÓg le linn 2011 go léir agus is éard a dhírigh a dtionscadal don bhliain air ná feachtas a mhúscaill ar shaincheisteanna meabharshláinte i measc daoine óga i gContae an Longfoirt.
- Bhí a CGB ag Fóram Pobal agus Deonach Chontae an Longfoirt in Aibreán agus bhí 10 gcruinniú den Ghrúpa Stiúrtha ar siúl in 2011. Bhí líon seisiúin faisnéise ar bun sna toghcheantair le haghaidh grúpaí pobail agus deonacha. Fostaíonn an Fóram oibrí tacaíochta le seirbhís tacaíochta a chur ar fáil do bhaill den Fhóram.

Seirbhísí Cultúrtha

- Ba bhliain an-ghnóthach 2011 don tseirbhís leabharlainne i gContae an Longfoirt. Tháinig borradh 32.9% ar líon na ballraíochta i mbliana agus tugadh breis agus 184,459 cuairt ar leabharlann ar fud Chontae an Longfoirt, a léiríonn méadú 33,368 ar 2010.
- Osclaíodh Leabharlann nua-athchóirithe Pobail Bhaile an Mhatháin an 18 Feabhra. Laistigh de dheich mí, bhí 1,792 ball nua arna gclárú ag an leabharlann. Ghlac na baill seo breis agus 30,751 leabhar agus earra eile ar iasacht ón leabharlann. Cuireadh an leabharlann nua ar ghearrliosta do Dhámhachtain Rogha an Phobail de chuid Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) agus bhain siad dámhachtain speisialta amach i gcatagóir an Chaomhnaithe.

- Lean an tseirbhís leabharlainne le hinfheistíocht a dhéanamh sa TFC d'fhonn bonneagar ardchaighdeán faisnéise agus TFC a fhorbairt do chustaiméirí. Tá ag na sé bhainse uile leathanbhanda agus wifi ardluais anois. Tugadh isteach seirbhís ríomhleabhar agus ríomhchlosleabhar ar féidir iad a íoslódáil. Cuireann an tseirbhís nua seo feabhas ar rochtain le haghaidh bhaill den leabharlann de bharr gur féidir leabhair a íoslódáil 24/7 ó láithreán gréasáin na leabharlainne www.longfordlibrary.ie. Ina theannta sin, tá leathanach gréasáin ag an leabharlann ar Facebook agus ar Twitter.
- Ríomhfhoghlaim FÁS ag an Leabharlann: Lean an chomhpháirtíocht rathúil seo idir Seirbhís Leabharlainne Contae an Longfoirt, an Chomhairle Leabharlann agus FÁS ar aghaidh i rith na bliana, agus ghlac go leor daoine an deis chun leas a bhaint as an teicneolaíocht agus an saineolas atá inár leabharlanna le feabhas a chur ar a scileanna TF. Anuas air sin, cuireadh ranganna bunúsacha idirlín ar siúl i nGránard, Bóthar Bhéal Átha Liag, sa Longfort agus i mBaile an Mhatháin i rith an tsamhraidh.

Áineas agus Fóntas

In 2011, bhain Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt an pointe leathbhealaigh amach i seachadadh a straitéise spóirt le haghaidh an Longfoirt, *Spóirt a Fhorbairt le Chéile 2010-2012*. Bhí sé ina chonclúid ag athbhreithniú meántearma neamhspleách go bhfuil 'an eagraíocht oiriúnach don fheidhm' agus léirigh sé gur fheidhmigh CSL amhail a raibh súil leis:

- Chuir siad tiomáint faoi fhorbairt spóirt sa chontae
- Chothaigh siad cur chuige comhpháirtíochta
- Chuir siad cuimsiú chun cinn
- Chuir siad spóirt mhionlaigh chun cinn
- Tá acu tréanphróifíl

I dtaobh cúrsaí airgeadais, ba thréanbhliain 2011 don Chomhpháirtíocht, tar éis dóibh cistiú €146,915 a fháil ón gComhairle Spóirt. Bhí an cistiú seo ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do chroíchláir, ar nós oiliúint Bhuntúis le haghaidh scoileanna agus ar mhaithe le clár oideachais agus oiliúna a áiríonn cosaint leanaí agus oiliúint gharchabhrach. Ina theannta sin, chuimsigh sé costais tuarastail beirt foirne lánaimseartha agus ceadaíodh €6,000 chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do chlubanna spóirt sa Longfort.

Sa mhullach air sin, fuarthas €17,700 ó Oifig an Aire Imeasctha agus €11,000 ó FSS le haghaidh clár a dhírítear ar fhir atá níos sine ná 35 bliain.

Leanann Bord ilghníomhaireacht, a gcasann ar a chéile ceithre huair sa bhliain ar a laghad, i mbunobair na Comhpháirtíochta a stiúradh. In 2011, chas an Bord ar a chéile sé huair agus bhí baint acu, freisin, i limistéir shonracha oibre trí mheán fochoiste. Is éard atá sa Bhord ionadaithe spóirt, mar aon le hionadaithe reachtúla agus neamhreachtúla agus tá oibriú comhpháirtíochta ina ghné thábhachtach go fóill de ghníomhaíochtaí laethúla CSL.

Baineadh na spriocghrúpaí amach trí chlár éagsúil imeachtaí in 2011. I measc cuid de na grúpaí a ghlac páirt sna himeachtaí a bhí á reáchtáil ag CSL bhí daoine faoi mhíchumas, fir atá 35 bliain d'aois ar a laghad, pobail nua, mná, daoine breacaosta, ógánaigh atá faoi mhíbhuntáiste agus daoine dífhostaithe. I measc na ngníomhaíochtaí sin, bhí Turas Rothar an Longfoirt, an Clár 'Cailíní ag Gluaiseacht' ('Girls on the Move'), Féile Siúil an Longfoirt, Seachtain an Áineasa agus Pobail i mbun Gníomhartha ('Communities in Action'); bhí cúig chlár déag ar an iomlán i gceist. Sa mhullach air sin, b'ann do chruinnithe, fóraim agus ceardlanna breise a bhí ar siúl le grúpaí spóirt.

AGUISÍN 7: TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

F: SEIRBHÍS DÓITEÁIN

F1: Réiteach na Seirbhíse Dóiteáin	2010	2011
A. An meánfhad, i nóiméid, a ghlac sé le briogáidí dóiteáin a réiteach i Stáisiún Lánaimeartha i gcás tine	Níl aon stáisiún lánaimeartha sa Longfort	
B. An meánfhad, i nóiméid, a ghlac sé le briogáidí dóiteáin a réiteach i Stáisiún Pháirtaimseartha (seirbhís choinnithe dóiteáin) i gcás tine	6.15	6.13
C. An meánfhad, i nóiméid, a ghlac sé le briogáidí dóiteáin a réiteach i Stáisiún Lánaimeartha i gcás gach teagmhais eile éigeandála	Níl aon stáisiún lánaimeartha	
D. An meánfhad, i nóiméid, a ghlac sé le briogáidí dóiteáin a réiteach i Stáisiún Pháirtaimseartha (seirbhís choinnithe dóiteáin) i gcás gach teagmhais eile éigeandála	6.48	6.20
F.2 Céatadán an fhreastail ag láithreacha		
A. Céatadán na gcásanna tine inar ghlac sé laistigh de 10 nóiméad ar an gcéad duine an láthair a bhaint amach	35.93	34.23
B. Céatadán na gcásanna tine inar ghlac sé breis agus 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad ar an gcéad duine an láthair a bhaint amach	48.75	54.36
C. Céatadán na gcásanna tine inar ghlac sé breis agus 20 nóiméad ar an gcéad duine an láthair a bhaint amach	15.32	11.41
D. Céatadán na gcásanna de gach teagmhas eile éigeandála inar ghlac sé laistigh de 10 nóiméad ar an gcéad duine an láthair a bhaint amach	39.47	38.24
E. Céatadán na gcásanna de gach teagmhas eile éigeandála inar ghlac sé breis agus 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad ar an gcéad duine an láthair a bhaint amach	46.05	51.47
F. Céatadán na gcásanna de gach teagmhas eile éigeandála inar ghlac sé breis agus 20 nóiméad ar an gcéad duine an láthair a bhaint amach	14.47	10.29
F.3 Cosc ar Dhóiteáin		
A. Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas	31	26
B. Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán a próiseáladh (lena n-áirítear cásanna a measadh go raibh siad neamhbhailí)	40	23
C. Líon iomlán na n-iarratas a measadh go raibh siad neamhbhailí	9	2

CP: RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

CP.1 Rannpháirtíocht i bhForóige áitiúil/scéim Chomhairle na nÓg		
Céatadán na scoileanna agus na ngrúpaí óige áitiúla ag a raibh baint i bhForóige/scéim Chomhairle na nÓg	76.19	96
CP.2 Grúpaí a cláraíodh leis an bhFóram Pobail agus Deonach		
Líon na ngrúpaí a cláraíodh leis an bhFóram Pobail agus Deonach	161	158

C: SAINCHEISTEANNA CORPARÁIDEACHA

C.1 Laethanta Oibre a cailleadh de bharr Breoiteachta		
A. Céatadán na laethanta oibre a cailleadh de bharr neamhláithreachta bhreoiteachta trí shaoire dheimhnithe	5.09	5.58
B. Céatadán na laethanta oibre a cailleadh de bharr neamhláithreachta bhreoiteachta trí shaoire neamhdheimhnithe	0.47	1.11
C.2 Oiliúint agus Forbairt na Foirne		
Caiteachas ar Oiliúint agus ar Fhorbairt mar chéatadán na gcostas iomlán párolla:	5.4	5.66

E: SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

UISCE		
E.1 Uisce gan Tásc	2010	2011
Uisce gan tásc (UFW) mar chéatadán den toirt iomlán uisce a cuireadh ar fáil faoi na scéimeanna um sholáthar uisce a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach as	48.86	48.72
Toirt iomlán an uisce a cuireadh ar fáil (m ³ /sa lá) faoi na scéimeanna um sholáthar uisce a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach as	19100	18000
Toirt iomlán an uisce gan tásc (m ³ /sa lá) a cuireadh ar fáil faoi na scéimeanna um sholáthar uisce a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach as	9332	8769
E.2 Anailís ar Uisce Óil		
A. Céatadán thorthaí na hanailíse ar uisce óil a chomhlíonann na ceanglais reachtúla maidir le scéimeanna poiblí	98.85	97.10
B. Céatadán thorthaí na hanailíse ar uisce óil a chomhlíonann na ceanglais reachtúla maidir le scéimeanna príobháideacha (sa chás cuí)	100	98.10
BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA		
E.3 Deighilt Dramhaíola		
A. Céatadán na dteaghlach ag a bhfuil seirbhís bailithe dramhaíola agus a gcuirtear bailiú deighilte dramhaíola ar fáil dóibh do nithe tirime in-athchúrsáilte	96.77	97.10
B. Céatadán na dteaghlach ag a bhfuil seirbhís bailithe dramhaíola agus a gcuirtear bailiú deighilte dramhaíola ar fáil dóibh do nithe orgánacha	27.06	30.09
E4: Dramhaíl Tí a chuirtear ar aghaidh lena hAthchúrsáil		
A. Céatadán na dramhaíola tí a bailíodh ó thaobh an bhóthair, a chuirtear ar aghaidh lena hathchúrsáil	50.38	51.92
B. Tonnáiste na dramhaíola tí a bailíodh ó thaobh an bhóthair, a chuirtear ar aghaidh lena hathchúrsáil	4327.2	3933.61
C. Tonnáiste na dramhaíola tí a athchúrsáladh, a eascraíonn ó dhramhaíl a bailíodh ó áiseanna athchúrsála (i.e. bainc 'fág anseo', ionaid chonláiste, stáisiúin aistrithe agus áiseanna eile athchúrsála)	1107.13	1390.56
E5: Dramhaíl Tí a chuirtear ar aghaidh chun Líonadh Talún		
A. Céatadán na dramhaíola tí a bailíodh a chuirtear ar aghaidh chun líonadh talún	49.62	48.08
B. Tonnáiste na dramhaíola tí a bailíodh a chuirtear ar aghaidh chun líonadh talún	4261.44	3643.18
E6: Áiseanna Athchúrsála		
Líon iomlán na mBanc 'Fág Anseo' i limistéar an údaráis áitiúil	26	00
Líon iomlán na nIonad Conláiste Chathartha i limistéar an údaráis áitiúil	2	2
Gloine		
A. Líon na mBanc 'Fág Anseo' le haghaidh athchúrsála	26	26
B. Líon na nIonad Conláiste Chathartha le haghaidh athchúrsála	2	2
C. Líon iomlán na n-áiseanna le haghaidh athchúrsála	28	28
D. Líon na láithreacha le haghaidh athchúrsála in aghaidh gach 5,000 duine den daonra	4.07	3.59
Cannaí		
E. Líon na mBanc 'Fág Anseo' le haghaidh athchúrsála	26	26
F. Líon na nIonad Conláiste Chathartha le haghaidh athchúrsála	2	2
G. Líon iomlán na n-áiseanna le haghaidh athchúrsála	28	28
H. Líon na láithreacha le haghaidh athchúrsála in aghaidh gach 5,000 duine den daonra	4.07	3.59

Teicstílí	2010	2011
I. Líon na mBanc 'Fág Anseo' le haghaidh athchúrsála	2	2
J. Líon na nIonad Conláiste Chathartha le haghaidh athchúrsála	2	2
K. Líon iomlán na n-áiseanna le haghaidh athchúrsála	4	4
L. Líon na láithreacha le haghaidh athchúrsála in aghaidh gach 5,000 duine den daonra	0.58	0.51
Cadhraí		
M. Líon na mBanc 'Fág Anseo' le haghaidh athchúrsála	0	0
N. Líon na nIonad Conláiste Chathartha le haghaidh athchúrsála	2	2
O. Líon iomlán na n-áiseanna le haghaidh athchúrsála	2	2
P. Líon na láithreacha le haghaidh athchúrsála in aghaidh gach 5,000 duine den daonra	0.29	0.26
Olaí		
Q. Líon na mBanc 'Fág Anseo' le haghaidh athchúrsála	0	0
R. Líon na nIonad Conláiste Chathartha le haghaidh athchúrsála	1	1
S. Líon iomlán na n-áiseanna le haghaidh athchúrsála	1	1
T. Líon na láithreacha le haghaidh athchúrsála in aghaidh gach 5,000 duine den daonra	0.15	0.13
Ábhair eile		
U. Líon na mBanc 'Fág Anseo' le haghaidh athchúrsála	0	0
V. Líon na nIonad Conláiste Chathartha le haghaidh athchúrsála	2	2
W. Líon iomlán na n-áiseanna le haghaidh athchúrsála	2	2
X. Líon na láithreacha le haghaidh athchúrsála in aghaidh gach 5,000 duine den daonra	0.29	0.26
BRUSCAR		
E7: Forfheidhmiú agus Cosc ar Bhruscar		
Déantar an táscaire a leanas a chur i láthair i dtuarascáil na dtáscairí seirbhíse:		
A. Líon na maor lánaimseartha bruscair	3	3
B. Líon na maor páirtaimseartha bruscair	0	0
C. Líon na maor bruscair (lánaimseartha agus páirtaimseartha araon) in aghaidh gach 5,000 duine den daonra	0.44	0.38
D. Líon na bhfíneálacha ar an láthair a eisíodh	458	311
E. Líon na bhfíneálacha ar an láthair a íocadh	200	110
F. Líon na gcásanna ionchúisimh a glacadh de bharr neamhíocaíocht fíneálacha ar an láthair	20	8
G. Líon na gcásanna ionchúisimh a deimhníodh i gcásanna de bharr neamhíocaíocht fíneálacha ar an láthair	16	8
H. Líon na bhfógraí a eisíodh (faoi ailt 9, 15, 16, 17 agus 20 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997)	0	0
I. Líon iomlán na n-ionchúiseamh a glacadh (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 go dtí 2003)	20	8

E7: Forfheidhmíú agus Cosc ar Bhruscar	2010	2011
J. Líon iomlán na n-ionchúiseamh a deimhníodh (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 go dtí 2003)	16	8
K. Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá neamhthruaillithe (i.e. saor ó bruscar)	Faisnéis a chuir an Córas Náisiúnta Monatóireachta ar Bruscar ar fáil go díreach	
L. Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá beagán truailithe le bruscar	Faisnéis a chuir an Córas Náisiúnta Monatóireachta ar Bruscar ar fáil go díreach	
M. Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá measartha truailithe le bruscar	Faisnéis a chuir an Córas Náisiúnta Monatóireachta ar Bruscar ar fáil go díreach	
N. Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá truailithe go mór le bruscar	Faisnéis a chuir an Córas Náisiúnta Monatóireachta ar Bruscar ar fáil go díreach	
O. Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá beagán fíor-thruailithe le bruscar	Faisnéis a chuir an Córas Náisiúnta Monatóireachta ar Bruscar ar fáil go díreach	

E8: Gearán agus Forfheidhmíú Comhshaoil

A. Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán lena mbaineann truailliú comhshaoil (lena mbaineann dramhaíl, bruscar, truailliú uisce, truailliú torainn, truailliú aeir)	1671	1640
B. Líon na ngearán a fiosaíodh	1650	1681
C. Líon na ngearán a réitíodh nach raibh gá le haon ghníomhartha eile	1399	1561
D. Líon na n-imeachtaí forfheidhmithe a ndeachthas ina mbun	479	320

E9: Céatadán na scoileanna a ghlacann páirt i bhfeachtais chomhshaoil

A. Céatadán na mbunscoileanna a ghlacann páirt i bhfeachtais chomhshaoil	100	100
B. Céatadán na meánscoileanna a ghlacann páirt i bhfeachtais chomhshaoil	100	100

H: TITHÍOCHT

H1: Folúntais Tithíochta

A. Líon iomlán na n-áitreabh i stoc an údaráis áitiúil	1903.75	1909.75
B. Líon iomlán na n-áitreabh, gan iad siúd faoi réir mórthionscadal athchóirithe a áireamh	1853	1864.5
C. Céatadán iomlán na n-áitreabh atá folamh (gan iad siúd faoi réir mórthionscadal athchóirithe a áireamh)	3.24	4.29
D. Céatadán na n-áitreabh folmha nach bhfuil fáil orthu lena ligean	65.83	93.44
E. Céatadán na n-áitreabh folmha ar a bhfuil fáil lena ligean	34.17	6.56

H2: An Meánam a Ghlac sé chun Áitreabh ar a raibh fáil a Ligean

An meánam a ghlac sé (seachtainí) ó dháta fágála an áitribh chuig an dáta ar a raibh an uile dheisiú riachtanach déanta a measadh gur gá a dhéanamh chun an t-áitreabh a athligean	9.58	14.43
An meánam a ghlac sé (seachtainí) ón tráth a tugadh na hoibreacha (thuas) chun críche chuig dáta shochar an chéid chíos	1.2	1.59

H3: Deisiú Tithíochta

Líon na ndeisiúcháin a theastaigh a tugadh chun críche mar chéatadán den líon iarratais bhailí ar dheisiú a fuarthas	95.78	96.63
--	-------	-------

H4: Cóiríocht don Lucht Siúil

Líon iomlán na dteaghlach lucht siúil ar tugadh cóiríocht dóibh mar chéatadán de na spriocanna a leagadh amach sa chlár áitiúil cóiríochta don Lucht Siúil	125	92.86
Líon na dteaghlach Lucht Siúil ar tugadh cóiríocht dóibh	10	13
Sprioclíon na dteaghlach Lucht Siúil le cóiríocht a thabhairt dóibh sa bhliain, amhail a leagtar amach sa chlár áitiúil cóiríochta don Lucht Siúil	8	14

H5: Forfheidhmíú na gcaighdeán i dtithíocht ar cíós san earnáil phríobháideach	2010	2011
A. Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe	1915	1934
B. Líon na n-aonad áitribh ar a ndearnadh imscrúdú	124	57
C. Líon na n-imscrúduithe ar tugadh fúthu	232	114
D. Líon na n-áitreabh ar a ndearnadh imscrúdú mar chéatadán de na tionóntachtaí cláraithe (i.e. B mar chéatadán A)	6.48	2.95
H6: Deontais le tithíocht a oiriúnú do riachtanais daoine faoi mhíchumas		
A. An meánam a ghlac sé (seachtainí) chun iarratais a phróiseáil faoi Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaiseachta, lena n-áirítear aon imscrúdú/imscrúduithe riachtanacha, ón dáta a fhaightear an t-iarratas chuig dáta an chinnidh ar an iarratas	4.06	2
B. An meánam a ghlac sé (seachtainí) chun iarratais a phróiseáil faoi Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, lena n-áirítear aon imscrúdú/imscrúduithe riachtanacha, ón dáta a fhaightear an t-iarratas chuig dáta an chinnidh ar an iarratas	7.2	4
H7: Cúrsaí Taithíochta Réamhthionóntachta		
A. Líon iomlán na dtionóntaí nua údaráis áitiúil	117	146
B. Céatadán na dtionóntaí nua údaráis áitiúil a ndearnadh cúrsaí taithíochta réamhthionóntachta dóibh	100	81.51
L: SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE		
L.1 Uaireanta Oscailte Poiblí na Leabharlainne		
A. Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine le haghaidh leabharlanna lánaimseartha	37.4	35.97
B. Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine le haghaidh leabharlanna páirtaimseartha	14.4	16.81
C. Céatadán na leabharlann lánaimseartha a bhíonn ar oscailt i rith am lóin	100	100
D. Céatadán na leabharlann lánaimseartha a bhíonn ar oscailt sa tráthnóna	100	100
E. Céatadán na leabharlann lánaimseartha a bhíonn ar oscailt ar an Satharn	100	100
L.2 Cuaireanna ar an Leabharlann		
Líon na gcuaireanna ar leabharlann lánaimseartha in aghaidh gach 1,000 duine den daonra	3268.3	4463.69
Líon iomlán na gcuaireanna ar leabharlanna lánaimseartha	112400	173950
L.3 Stoc Leabharlainne		
A. Caiteachas bliantúil ar stoc in aghaidh gach duine den daonra (ar fud an chontae/na cathrach)	2.39	2.04
B. Líon na n-earraí a eisíodh in aghaidh gach duine den daonra (ar fud an chontae/na cathrach) i gcás leabhar	2.8	3.30
C. Líon na n-earraí a eisíodh in aghaidh gach duine den daonra (ar fud an chontae/na cathrach) i gcás earraí eile	0.16	0.16
L.4 Rochtain ar an Idirlíon trí Leabharlanna		
Líon na seisiún Idirlín a cuireadh ar fáil in aghaidh gach 1,000 duine den daonra	670.84	656.40
Líon iomlán na seisiún Idirlín a cuireadh ar fáil	23071	25580

M: MÓTARCHÁIN

M.1 Líon na nIdirbheartaíochtaí Mótarchánach	2010	2011
A. Líon na n-idirbheartaíochtaí mótarchánach a ndéileálar leo thar an gcuntar	33179	32549
B. Líon na n-idirbheartaíochtaí mótarchánach a ndéileálar leo tríd an bpost	3876	3525
C. Líon na n-idirbheartaíochtaí mótarchánach a ndéileálar leo ar bhealaí eile (e.g. ar líne, tríd an nguthán)	9231	10791
D. Líon na n-idirbheartaíochtaí mótarchánach a ndéileálar leo thar an gcuntar	71.68	69.45
E. Líon na n-idirbheartaíochtaí mótarchánach a ndéileálar leo tríd an bpost	8.37	7.52
F. Líon na n-idirbheartaíochtaí mótarchánach a ndéileálar leo ar bhealaí eile (e.g. ar líne, tríd an nguthán)	19.94	23.02
M.2 An tAm a Ghlac sé le hlarratais ar Mhótarcháin a Fuarthas sa Phost a Phróiseáil		
A. Líon na n-iarratas poist a ndéileálar leo (i.e. diosca arna eisiúint) ar an lá céanna a fhaightear an t-iarratas	3806	2869
B. Líon na n-iarratas poist a ndéileálar leo (i.e. diosca arna eisiúint) ar an dara nó an tríú lá tar éis an t-iarratas a fháil	33	618
C. Líon na n-iarratas poist a ndéileálar leo (i.e. diosca arna eisiúint) ar an gceathrú nó an cúigiú lá tar éis an t-iarratas a fháil.	0	18
D. Líon na n-iarratas poist a ndéileálar leo (i.e. diosca arna eisiúint) breis agus cúig lá tar éis an t-iarratas a fháil	37	20
E. Líon na n-iarratas foriomlán poist a ndéileálar leo (i.e. diosca arna eisiúint) ar an lá céanna a fhaightear an t-iarratas	98.19	81.39
F. Líon na n-iarratas foriomlán poist a ndéileálar leo (i.e. diosca arna eisiúint) ar an dara nó an tríú lá tar éis an t-iarratas a fháil	0.85	17.53
G. Líon na n-iarratas foriomlán poist a ndéileálar leo (i.e. diosca arna eisiúint) ar an gceathrú nó an cúigiú lá tar éis an t-iarratas a fháil	0	0.51
H. Líon na n-iarratas foriomlán poist a ndéileálar leo (i.e. diosca arna eisiúint) breis agus cúig lá tar éis an t-iarratas a fháil	0.95	0.57
M.3 An tAm a Ghlac sé le hlarratais ar Cheadúnais Tiomána a Phróiseáil		
A. Líon na n-iarratas ar Cheadúnas Tiomána a ndéileálar leo ar an lá céanna a fhaightear an t-iarratas	449	436
B. Líon na n-iarratas ar Cheadúnas Tiomána a ndéileálar leo ar an dara nó an tríú lá tar éis an t-iarratas a fháil	912	266
C. Líon na n-iarratas ar Cheadúnas Tiomána a ndéileálar leo ar an gceathrú nó an cúigiú lá tar éis an t-iarratas a fháil	813	359
D. Líon na n-iarratas ar Cheadúnas Tiomána a ndéileálar leo breis agus cúig lá tar éis an t-iarratas a fháil	3351	4229
E. Líon na n-iarratas foriomlán ar Cheadúnas Tiomána a ndéileálar leo ar an lá céanna a fhaightear an t-iarratas	8.13	8.24
F. Líon na n-iarratas foriomlán ar Cheadúnas Tiomána a ndéileálar leo ar an dara nó an tríú lá tar éis an t-iarratas a fháil	16.51	5.03
G. Líon na n-iarratas foriomlán ar Cheadúnas Tiomána a ndéileálar leo ar an gceathrú nó an cúigiú lá tar éis an t-iarratas a fháil	14.71	6.79
H. Líon na n-iarratas foriomlán ar Cheadúnas Tiomána a ndéileálar leo breis agus cúig lá tar éis an t-iarratas a fháil	60.65	79.94
M.4 Uaireanta Oscailte Poiblí		
Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine	30.77	30.71

P: PLEANÁIL

P.1 Iarratais Pleanála – Déanamh Cinntí	2010	2011
Tithe Aonair		
A. Líon iomlán na n-iarratas ar a ndearnadh cinneadh	131	99
B. Líon na gcinntí i gColún A ar a ndearnadh cinneadh laistigh de 8 seachtaine	87	37
C. Líon na gcinntí i gColún A ónar theastaigh breis faisnéise a sheoladh isteach	44	62
D. Líon na gcinntí i gColún A inar comhaontaíodh síneadh ama leis an iarratasóir, faoi Alt 34(9) den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000	0	0
E. An meánfhad ama (laethanta) a ghlac sé chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas inar iarradh ar bhreis faisnéise	67.34	67.89
F. Céatadán na n-iarratas a ceadaíodh	80.92	73.74
G. Céatadán na n-iarratas a diúltaíodh	19.08	26.26
H. Céatadán na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan athruithe	100	100
I. Céatadán na gcásanna inar fhreaschuir an Bord Pleanála an cinneadh	0	0
Forbairt Nua Tithíochta		
A. Líon iomlán na n-iarratas ar a ndearnadh cinneadh	13	18
B. Líon na gcinntí i gColún A ar a ndearnadh cinneadh laistigh de 8 seachtaine	9	11
C. Líon na gcinntí i gColún A ónar theastaigh breis faisnéise a sheoladh isteach	4	7
D. Líon na gcinntí i gColún A inar comhaontaíodh síneadh ama leis an iarratasóir, faoi Alt 34(9) den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000	0	0
E. An meánfhad ama (laethanta) a ghlac sé chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas inar iarradh ar bhreis faisnéise	75.58	67.71
F. Céatadán na n-iarratas a ceadaíodh	69.23	72.22
G. Céatadán na n-iarratas a diúltaíodh	30.77	27.78
H. Céatadán na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan athruithe	0	
I. Céatadán na gcásanna inar fhreaschuir an Bord Pleanála an cinneadh	100	
Eile: nár theastaigh Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol uathu		
A. Líon iomlán na n-iarratas ar a ndearnadh cinneadh	117	116
B. Líon na gcinntí i gColún A ar a ndearnadh cinneadh laistigh de 8 seachtaine	81	69
C. Líon na gcinntí i gColún A ónar theastaigh breis faisnéise a sheoladh isteach	36	47
D. Líon na gcinntí i gColún A inar comhaontaíodh síneadh ama leis an iarratasóir, faoi Alt 34(9) den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000	0	0
E. An meánfhad ama (laethanta) a ghlac sé chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas inar iarradh ar bhreis faisnéise	73.16	72.43
F. Céatadán na n-iarratas a ceadaíodh	92.31	87.07
G. Céatadán na n-iarratas a diúltaíodh	7.69	12.93
H. Céatadán na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan athruithe	70	83.33
I. Céatadán na gcásanna inar fhreaschuir an Bord Pleanála an cinneadh	30	16.67

File: theastaigh Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol uathu	2010	2011
A. Líon iomlán na n-iarratas ar a ndearnadh cinneadh	117	116
B. Líon na gcinntí i gColún A ar a ndearnadh cinneadh laistigh de 8 seachtaine	81	69
C. Líon na gcinntí i gColún A ónar theastaigh breis faisnéise a sheoladh isteach	36	47
D. Líon na gcinntí i gColún A inar comhaontaíodh síneadh ama leis an iarratasóir, faoi Alt 34(9) den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000	0	0
E. An meánfhad ama (laethanta) a ghlac sé chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas inar iarradh ar bhreis faisnéise	73.16	72.43
F. Céatadán na n-iarratas a ceadaíodh	108	101
G. Céatadán na n-iarratas a diúltaíodh	9	15
H. Céatadán na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan athruithe	7	5
I. Céatadán na gcásanna inar fhreaschuir an Bord Pleanála an cinneadh	3	1
P.2 Forfheidhmiú Pleanála		
A. Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán a fiosraíodh	141	74
B. Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán a díbríodh	14	9
C. Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán a réitíodh trí idirbheartaíochtaí	18	36
D. Líon na n-imeachtaí forfheidhmithe a ndeachthas ina mbun trí litreacha rabhaidh	106	50
E. Líon na n-imeachtaí forfheidhmithe a ndeachthas ina mbun trí fhógraí forfheidhmithe	30	32
F. Líon na n-ionchúiseamh	11	11
P.3 Uaireanta Oscailte Poiblí Pleanála		
Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine	33.32	32.55
P.4 Comhairliúchán Réamhphleanála		
A. Líon na gcruinnithe comhairliúchán réamhphleanála a bhí ar siúl	105	60
B. An meánfhad ama (laethanta) a ghlac sé ón tráth a rinneadh iarratas ar chomhairliúchán chuig an údarás áitiúil chuig tráth an chruinnithe fhoirmiúil féin le haghaidh comhairliúchán réamhphleanála	5.77	8.57
P.5 Foirgnimh Nua a Imscrúdaíodh		
Líon na bhfoirgneamh a imscrúdaíodh mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil	12	13.21
Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil	100	53
Líon na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil a imscrúdaíodh	12	7

REC: SEIRBHÍSÍ ÁINEASA

Rec.1 Clóis Súgartha do Leanáí	2010	2011
Déantar an táscaire a leanas a chur i láthair i dtuarascáil na dtáscairí seirbhíse:		
A. Líon na gclós súgartha do leanaí in aghaidh gach 1,000 duine den daonra a chuir an t-údarás áitiúil ar fáil go díreach	0.35	0.31
B. Líon na gclós súgartha do leanaí in aghaidh gach 1,000 duine den daonra a d'éascaigh an t-údarás áitiúil	0	0
A. Líon na gclós súgartha do leanaí a chuir an t-údarás áitiúil ar fáil go díreach	12	12
B. Líon na gclós súgartha do leanaí a d'éascaigh an t-údarás áitiúil	0	0
Rec.2 Áiseanna Fóillíochta a d'Éascaigh an tÚdarás Áitiúil		
Líon na gcuariteoirí chuig áiseanna fóillíochta a d'éascaigh an t-údarás áitiúil in aghaidh gach 1,000 duine den daonra	3113.81	2753.37
Líon na gcuariteoirí chuig áiseanna fóillíochta a d'éascaigh an t-údarás áitiúil	107087	107299

REV: BAILIÚ IONCAIM

Rev 1: Cíos Tí	2010	2011
A. An méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán ar an méid a bhí dlite ó Chíos Tí	87.11	88.20
B. Céatadán na riaráistí ar Chíos Tí atá i gceist ar feadh 4 seachtaine	6.08	6.06
C. Céatadán na riaráistí ar Chíos Tí atá i gceist ar feadh idir 4-6 seachtaine	5.13	4.49
D. Céatadán na riaráistí ar Chíos Tí atá i gceist ar feadh idir 6-12 sheachtain	7.52	6.41
E. Céatadán na riaráistí ar Chíos Tí atá i gceist ar feadh breis agus 12 sheachtain	81.27	83.04
Rev 2: Housing Loans	2010	2011
A. An méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán ar an méid a bhí dlite ó lasachtaí Tí	84.07	77.16
B. Céatadán na riaráistí ar lasachtaí Tí atá i gceist ar feadh 1 mhí	3.15	2.10
C. Céatadán na riaráistí ar lasachtaí Tí atá i gceist ar feadh idir 1-2 mhí	6.37	3.98
D. Céatadán na riaráistí ar lasachtaí Tí atá i gceist ar feadh idir 2-3 mhí	4.45	4.48
E. Céatadán na riaráistí ar lasachtaí Tí atá i gceist ar feadh breis agus 3 mhí	86.03	89.44
Rev 3: Rátaí Tráchtála	2010	2011
An méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán ar an méid a bhí dlite ó Rátaí Tráchtála	79.43	74.99
Rev 4: Muirir Bhruscair	2010	2011
Céatadán na dteaghlach a íocann muirir bhruscair (lena n-áirítear tarscaoiltí) ag deireadh na bliana		
	Neamhbhainteach de bharr go ndearnadh é a phríobháidíú in Udarás Áitiúla an Longfoirt	
Rev 5: Muirir Uisce Tráchtála	2010	2011
An méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán ar an méid a bhí dlite ó Muirir Uisce Thráchtála	55.97	58.73

R: BÓITHRE

R1: Clár um Athchóiriú Bóithre	2010	2011
Líon na gciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a feabhsaíodh agus a ndearnadh cothabháil orthu faoin gClár um Athchóiriú Bóithre in aghaidh na bliana	58.41	55.44
Líon na gciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a tógadh faoin scéim deontais shonrach um fheabhas in aghaidh na bliana	1	0.6



COMHAIRLE CHONTAE AN LONGFOIRT
Longford County Council

ÁRAS AN CHONTAE
SRÁID MHÓR NA hABHAINN,
LONGFORT

COUNTY BUILDINGS
GREAT WATER STREET
LONGFORD

Guthán/Tel: (043) 3343300 Facs/Fax: (043) 3341233 Suíomh Gréasáin/Website: www.longfordcoco.ie
Uimhir Theagmhála Éigeandála Lasmuigh d'Uaireanta Oifige/Emergency Out-of-Hours Contact No.: 1850 211525